Curaclam na Bunscoile







# Stair

## Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta

### Treoirlínte do Mhúinteoirí







BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE
SRÁID THEACH LAIGHEAN
BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS
AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
4-5 BÓTHAR FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01-6476834-5; Fax: 01-4752760)
nó trí aon díoltóir leabhar

Comhairleoir deartha: Páirtíocht Bradley McGurk
Arna dhearadh ag: The Identity Business
Grianghrafadóireacht: Críostóir Mac Conmara
Arna chur i gcló ag: Spectrum Print Management
Arna chlóbhualadh ag: Mozzon Giuntina - Florence agus
Officine Grafiche De Agostini - Novara

© 1999 Rialtas na hÉireann

# Stair

## Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta

### Treoirlínte do Mhúinteoirí

# Clár

Roinn 1

## An stair i gcuraclam na bunscoile

Cad é an stair? 2

An stair i gcuraclam páistelárnach 2

Roinn 2

## Ábhar an churaclaim staire

Bunstruchtúr agus téarmaíocht 6

Forbairt scileanna: ag obair mar staraí 6

Snáitheanna an churaclaim staire 15

Roinn 3

## Pleanáil sa scoil don stair

Pleanáil curaclaim 26

Pleanáil eagair 33

Roinn 4

## Pleanáil sa rang don stair

Pleanáil an mhúinteora 42

Pleanáil aonad oibre 45

Foghlaim chomhtháite 56

Roinn 5

## Cur chuige agus modhanna teagaisc

Éagsúlacht modhanna 64

Scéalaíocht 65

Stair phearsanta agus stair theaghlaigh 72

Fianaise a úsáid 76

Fianaise béil 77

Déantúsáin a úsáid 81

Pictiúir agus grianghraif 87

Ag baint leasa as an timpeallacht 99

Fianaise fhaisnéiseach 104

Drámaíocht agus rólghlacadh 109

Teicneolaíocht an eolais a úsáid 114

Breathnóireacht ar obair páistí 115

Roinn 6

## Aguisín

An stair áitiúil: leabhair úsáideacha agus foinsí eile don mhúinteoir 122

Foinsí tagartha don churaclam agus do na treoirlínte 128

Ballraíocht an Choiste Curaclaim don OSIE 130

Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta 131

Buíochas 132

Roinn 1

# An stair i gcuraclam na bunscoile

# An stair i gcuraclam na bunscoile



## Cad é an stair?

Má táimid leis an stair a mhúineadh go héifeachtach, ní mór dúinn a thuiscint cad é féin agus cén chaoi ar féidir léi cur le hoideachas daltaí. Dar le go leor againn, is ionann an stair agus an t-am atá thart: bailiúchán fíricí faoi dhaoine agus imeachtaí agus iad curtha i láthair i bhfoirm scéil. 'Scéal an ama atá thart' a d'fhéadfaí a rá leis an tuairim choitianta sin den stair. Ach an aidhm ghinearálta a chuireann an sainmhíniú seo i gcás, ní féidir í a bhaint amach.

Ní bheidh ar ár gcumas go deo aon chuntas cruinn iomlán amháin a thabhairt ar an am atá thart: dá mhéad é, tá an cur síos ar an am atá thart a tháinig slán chugainn neamhiomlán. Ní fhéadfadh sé go mbeadh an scéal iomlán ann. Ní hamháin sin ach cuireann staraithe cuntais éagsúla den am atá thart ar fáil, mar bíonn orthu rogha a dhéanamh ina gcuid oibre ní hamháin den fhianaise neamhiomlán a tháinig slán ach as measc an réimse ollmhór topaicí agus ceisteanna a bhféadfaí staidéar a dhéanamh orthu. Tagann an próiseas roghnaithe seo faoi thionchar spéiseanna agus thuairimí pearsanta an staraí agus faoi thionchar luachanna agus chúraimí na sochaí ina bhfuil an staraí ag maireachtáil. Mar shampla, go dtí le déanaí fágadh saol na mban ar lár, cuid mhaith, as na cuntais staire; feictear iarracht na sochaí comhaimseartha cothromas idir fir is mná a bhaint amach san fhás atá tagtha ar spéis i stair na mban—rud a chuidíonn leis an gcothromas céanna sin a bhaint amach.

Mar sin, ba cheart dúinn breathnú ar an stair mar iarracht an t-am atá thart a athchruthú agus a mhíniú; is é sin, ní hionann an stair agus an t-am atá thart ann féin. Caithfimid a thuiscint go bhfuil dhá ghné nach féidir a scaradh óna chéile sa stair: léirmhíniú ar ghníomhaíochtaí daonna san am atá thart a gceaptar tábhacht a bheith leo agus an próiseas trína roghnaítear na gníomhaíochtaí sin, trína n-imscrúdaítear iad agus trína ndéantar anailís orthu.

*Tá dhá ghné nach féidir a scaradh óna chéile sa stair:*

*léirmhíniú ar ghníomhaíochtaí daonna san am atá thart a gceaptar tábhacht a bheith leo*

*agus*

*an próiseas trína roghnaítear na gníomhaíochtaí sin, trína n-imscrúdaítear iad agus trína ndéantar anailís orthu.*

## An stair i gcuraclam páistelárnach

Ciallaíonn an dearcadh seo ní hamháin go mbíonn sé i gceist le hoideachas maith staire go mbeadh eolas faoin am atá thart á shealbhú ag páistí ach go mbeadh taithí áirithe á fáil acu chomh maith ar an gcaoi a dtéann staraithe i mbun a gcuid oibre. Ach an stair a iniúchadh ar an gcaoi sin, féadfaidh páistí eolas agus coincheapa a shealbhú agus san am céanna scileanna tábhachtacha agus dearcadh atá ag teacht leis an leibhéal áirithe foráis atá bainte amach acu féin a fhorbairt. Ar an gcaoi sin, féadfaidh an stair sa bhunscoil cur, ar bhealach sainiúil tábhachtach, le forbairt chomhchuí an pháiste agus sin mar chuid d'oideachas atá fíor-pháistelárnach.

Mar sin cuireann an curaclam staire deiseanna ar fáil don pháiste chun

- tuiscint leathan chothrom a fháil ar stair áitiúil, ar stair na hÉireann agus ar stair idirnáisiúnta trí staidéar a dhéanamh ar raon ciníocha, imeachtaí agus tréimhsí

  *agus ag an am céanna*

- scileanna imscrúdaithe staire a fhorbairt agus a chleachtadh chomh fada is a bhaineann le cróineolaíocht, cúis agus iarmhairt, athrú agus leanúnachas, úsáid fianaise, sintéisiú, cur in iúl, agus ionbhá.

Féadfaidh curaclam staire a chuimsíonn na gnéithe sin den ábhar cur go mór agus go sainiúil le hoideachas an pháiste. Tá sonraí níos mine faoi nádúr an ábhair agus faoin gcaoi is fearr é a chur i bhfeidhm sa bhunscoil le fáil in *Réamhrá, Aidhmeanna*, agus *Cuspóirí leathana* an churaclaim staire. Ach ní féidir na haidhmeanna seo a bhaint amach sa stair ar leithligh. Is ceart breathnú ar an stair mar ábhar faoi leith ach, ag an am céanna, mar ábhar a bhfuil ról comhlántach aige in éineacht leis an tíreolaíocht agus an eolaíocht san Oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta (OSIE) agus, chomh maith leis sin, mar ábhar a chuireann le curaclam leathan páistelárnach.



Roinn 2

# Ábhar an churaclaim staire

# Ábhar an churaclaim staire

Scileanna staire

- am agus cróineolaíocht
- athrú agus leanúnachas
- cúis agus iarmhairt
- fianaise a úsáid

## Bunstruchtúr agus téarmaíocht

Tá ábhar an churaclaim staire leagtha amach ag ceithre leibhéal ranga: ranganna naíonán, ranganna 1 agus 2, ranganna 3 agus 4 agus ranganna 5 agus 6. Ag gach leibhéal cuirtear an t-ábhar i láthair in dhá mhír faoi leith:

- mír scileanna ar a dtugtar *Ag obair mar staraí*

  agus

- líon *snáitheanna* a rianaíonn na tréimhsí agus na hábhair a bhféadfaí a chur san áireamh i gclár na staire. Tá méid áirithe topaicí nó *snáthaonad* i gceist i ngach snáithe. Cuirfidh cuid acu sin bonn leis na míreanna ábhair a chlúdófar.

Cuideoidh an chaoi a bhfuil an t-ábhar curtha i láthair sa dá mhír seo le múinteoirí plean a leagan amach chun dearcadh agus scileanna tábhachtacha a fhorbairt de réir mar a chuireann na páistí eolas ar thopaicí staire agus de réir mar a fhaigheann siad tuiscint orthu.

## Forbairt scileanna: ag obair mar staraí

Déanann an mhír seo cur síos ar na gníomhaíochtaí agus ar na scileanna a mbeidh na páistí ag plé leo de réir mar a théann siad i ngleic le topaicí staire. Tá baint ag na scileanna agus ag na coincheapa lena bhfuil i gceist le fiosrú stairiúil. Tá sé i gceist go gcabhróidh siad le múinteoirí plean a leagan amach ionas go bhforbróidh na páistí réimse leathan scileanna fad is a bhíonn siad ag iniúchadh an ama atá thart. Ní ceart na scileanna seo a mhúineadh ar leithligh: is i gcomhthéacs an staidéir a leagtar amach sna snáitheanna ábhair is ceart iad a fhorbairt.

### Am agus cróineolaíocht

Ar an gcéad amharc, tharlódh gurb é an rud is mó a chuirfeadh iontas ar dhaoine faoin gcuraclam nua staire go bhfuil ábhar ann do ranganna naíonán agus do ranganna sóisearacha. Tá tuiscint páistí óga ar am an-bhearnach. Is mó go mór an spéis a chuireann siad sa rud atá ag tarlú anois díreach. Chomh maith leis sin, imeacht nó ábhar a bhíonn ina dhíol mór spéise acu ag nóiméad amháin, d'fhéadfaidís dearmad a dhéanamh air go tapa chomh luath is a chasfaí imeacht nó ábhar éigin eile ina dtreo. Ní minic a bhíonn páistí in ann imeachtaí nach féidir leo a fheiceáil san am i láthair a choincheapú, agus b'fhéidir gurb é an cur síos a dhéanfaidh siad ar imeachtaí uile an ama atá thart gur tharla siad 'fadó, fadó' nó 'i bhfad ó shin'.

Bíodh is go gcloiseann siad agus go n-úsáideann siad friotail ama—'i

*Is féidir cur go mór le forbairt thuiscint an pháiste ar am ach leas a bhaint as gnéithe den dea-chleachtas a bhfuil úsáid á baint as i ranganna naíonán cheana féin.*

gceann nóiméid', 'go luath', 'níos déanaí', 'ar ball', 'uair', 'seachtain', 'bliain'—tá tuiscint páistí d'fhad coibhneasta na dtréimhsí ama a bhíonn i gceist teoranta. D'fhéadfaí cur leis an deacracht sin trí am a thaifeadadh ar bhonn matamaiticiúil le cloig agus le huimhreacha: tosaíonn formhór na bpáistí ar a fhoghlaim conas am a léamh agus conas dátaí a thaifeadadh ag deireadh rang 2. Os a choinne sin bíonn deacracht ag roinnt páistí a bhíonn aon bhliain déag nó dhá bhliain déag d'aois taifeadadh ama a cheangal le himeacht ama.


Ach thaispeáin taighde agus taithí phraiticiúil le páistí gur féidir cur le tuiscint páistí—a bhíonn chomh hóg le ceithre nó cúig bliana d'aois—ar am, ach obair staire a roghnaítear go cúramach a chur ina láthair. Ní gá go dtiocfadh tuiscint ar an am uaithi féin, ach is féidir í a mhúineadh.


Ní hé atá á mholadh sa churaclam seo go gcuirfí an ghnáthstair (den chineál a mhúintí go traidisiúnta sna meánranganna nó sna ranganna sinsearacha) i láthair naíonán nó ranganna sóisearacha. Is é atá á mholadh ná gur féidir cur go mór le forbairt thuiscint an pháiste ar am ach leas a bhaint as gnéithe den dea-chleachtas atá ann cheana féin i ranganna naíonán.


Trí iniúchadh a dhéanamh ar imeachtaí ina saol féin—a mbreith, gnéithe dá saol nuair a bhí siad ina leanaí, na bréagáin a bhí acu nuair a bhí siad níos óige, a gcéad lá ar scoil—agus trí éisteacht le scéalta agus iad a phlé, is féidir le páistí dhá chéim bhunúsacha a thógáil i dtreo tuiscint ar am a fhorbairt:

- tús a chur le seicheamh a aithint i measc imeachtaí, mar shampla gur fhoghlaim siad lámhacán i dtosach, ansin siúl, ansin rith, agus níos déanaí fós rothaíocht. Is í an tuiscint seo ar sheicheamh bunús na feasachta ar chróineolaíocht agus tá sé riachtanach don tuiscint stairiúil
- tosú ar thuiscint a chothú d'amanna eile a bhí difriúil lena linn féin—a thuiscint nach raibh rudaí i gcónaí mar atá siad anois.

Is féidir tuiscint páistí ar am agus ar chróineolaíocht a fhorbairt ón mbonn tábhachtach tosaigh sin. I ranganna 1 agus 2, is féidir seichimh atá beagáinín níos faide agus níos casta a aithint agus a phlé. Chuige sin is féidir leas a bhaint as gnéithe den stair phearsanta, de stair na muintire, nó den stair áitiúil, as scéalta a mbaineann páistí den aois sin oiread sin taitnimh astu, agus as patrúin shéasúracha agus bhliantúla. Is féidir earraí, grianghraif agus pictiúir a leagan amach chun na seichimh ama seo a thaifeadadh. Is féidir iad a phlé ansin i dtéarmaí ar nós 'roimhe sin', 'ina dhiaidh', 'ansin', 'an chéad rud eile'. D'fhéadfadh sé gur aon mheall amháin an t-am atá thart i gcónaí, ach ba cheart páistí a spreagadh le hiniúchadh cén chaoi a bhfuil saol na ndaoine atá thart orthu, chomh maith leis na rudaí agus na háiteanna a fheiceann siad gach lá, tar éis athrú. Ar an mbealach sin, féadfaidh siad an difir idir an t-am atá thart, an t-am i láthair agus an t-am atá le teacht a aithint.






Cuireann sé go mór le forbairt na tuisceana cróineolaíche earraí agus pictiúir a chur i seicheamh agus leas a bhaint as línte ama. Ba cheart iad a úsáid ag gach leibhéal sa bhunscoil.

Barr: Is féidir le naíonáin pictiúir a chur in ord chun imeachtaí scéil a thaifeadadh. Cuireann na pictiúir seo deiseanna iontacha ar fáil chun friotail shimplí ama a chur i láthair agus a chur á n-úsáid: 'roimhe', 'ina dhiaidh', 'ansin' srl. Ina dhiaidh sin is féidir na pictiúir a chur ar taispeáint mar a bheidís ar 'líne éadaí'.

Lár: Líne ama thríthoiseach a thaifeadann stair an pháiste féin. Féadfar grianghraif, líníochtaí, bréagáin a úsáideadh ag aoiseanna faoi leith, baill éadaigh, cártaí lá breithe, agus aon fhianaise eile ar fhorbairt an pháiste a chur in ord. Arís, cuireann na línte seo deiseanna iontacha ar fáil chun friotail ama a fhorbairt chomh maith le tuiscint an pháiste ar an am atá thart ina s(h)aol féin.

Bun: Ba cheart gur bhuanphointe tagartha í líne ama an ranga, a úsáidtear de réir mar a chríochnaítear obair ar stair áitiúil, náisiúnta, nó idirnáisiúnta. Ba cheart rudaí a chur ar an líne nuair a thosaítear ag obair ar gach tréimhse ionas go mbeidh an líne ag forbairt de réir a chéile go dtí go gcríochnaítear an obair ag deireadh na bliana. Tríd an bplé, ba cheart aird an pháiste a dhíriú ar ar tháinig roimh an tréimhse a bhfuil staidéar á dhéanamh uirthi agus ar tháinig ina diaidh. Dar le múinteoirí áirithe, tá sé úsáideach aon líne fhada amháin a úsáid chun an tréimhse ón gClochaois go dtí an lá inniu a léiriú agus líne eile ar bhalla eile ar chuid den líne mhór í, mar shampla ó 1 AD go dtí an lá inniu, nó ó 1000 AD go dtí an lá inniu, nó ón ochtú haois déag go dtí an fichiú haois.

Nuair a shroichfidh na páistí ranganna 3 agus 4, beidh siad ag dul i ngleic le raon níos leithne staidéar áitiúil agus beidh siad ag tosú ar thréimhsí níos faide agus ar thréimhsí níos faide siar san am atá thart a iniúchadh. Cuireann na topaicí seo ar fad deiseanna ar fáil le seicheamh a thaifeadadh. Ní hamháin sin ach má dhéantar tagairt go minic d'ionad coibhneasta na n-imeachtaí staire sin ar na línte ama cuí, cabhróidh sé leis an bpáiste daoine aonair, teaghlaigh, pobail agus imeachtaí a shuíomh i sruth leathan an ama atá thart.

Féadfaidh feasacht ar chróineolaíocht agus idirdhealú ama atá thart éirí níos grinne i ranganna 5 agus 6. Féadfar an obair seo a chomhlánú trí leas a bhaint as cumas forásach na bpáistí sa mhatamaitic ionas go mbeidh ar a gcumas daoine, earraí agus imeachtaí a shuíomh i seicheamh leathan stairiúil. De réir a chéile, aithneoidh na páistí gnéithe sainiúla den saol mar a bhí sé le linn tréimhsí áirithe agus tosóidh siad ag úsáid frásaí mar 'an Chlochaois', 'an Iarannaois', 'Tréimhse na Normannach'. Feicfear dátaí tábhachtacha ag teacht chun cinn go nádúrtha i gcomhthéacs cuid den staidéar seo—1169, 1690, 1916, chomh maith le dátaí a bhfuil tábhacht leo go pearsanta, nó ó thaobh na muintire nó an cheantair de, mar shampla—agus ba cheart iad sin a thaifeadadh. Ach ní chothaítear feasacht ar chróineolaíocht trí liostaí dátaí a chur de ghlanmheabhair.

### *An ceart dúinn cur chuige cróineolaíoch a úsáid?*

Ní mholtar sa churaclam go múinfí topaicí staire ar bhonn docht cróineolaíoch, mar

- is mó go mór an tuiscint a bhíonn ag an bpáiste óg don am atá thart nuair a bhíonn baint aige lena t(h)aithí féin agus le taithí na ndaoine a bhfuil aithne aige/aici orthu
- má chloítear go docht le staidéar cróineolaíoch ón gClochaois go dtí an lá atá inniu ann, ní haon deimhniú é sin go sealbhódh na páistí tuiscint ar na tréimhsí éagsúla staire a bhíonn i gceist
- féadfaidh cur chuige cróineolaíoch deacrachtaí doréitithe pleanála a chruthú ní hamháin i gcásanna ilrangacha ach, níos tábhachtaí fós, nuair a theastaíonn ó scoileanna curaclaim a eagrú ar bhonn topaicí agus nuair a bhíonn siad ag iarraidh an leas is mó is féidir a bhaint as gnéithe áitiúla. Mar shampla, b'fhéidir gur mhaith le scoil atá gar do chaisleán mór Normannach é sin a úsáid mar bhonn do ghrinnstaidéar i rang 6. Ní fhéadfaí sin a dhéanamh dá leanfaí cur chuige cróineolaíoch go dlúth, agus chaillfí deis luachmhar.

Moltar sa churaclam

- go dtosódh obair an pháiste sa stair leis an am atá thart ina s(h)aol féin, i saol a m(h)uintire nó a t(h)eaghlaigh agus i saol an phobail a bhfuil cónaí air/uirthi ann
- go ndéanfadh na páistí, go háirithe ó rang 3 ar aghaidh, staidéar ar ghnéithe den luathstair, den mheánstair agus de stair ár linne féin gach bliain
- go mbainfí úsáid as línte simplí ama i gcónaí, de réir mar a fheileann, chun cabhrú le páistí na himeachtaí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu a shuíomh i leith a chéile agus chun cabhrú leo ceangail thábhachtacha a dhéanamh idir tréimhse atá faoi staidéar agus tréimhsí a chuaigh roimpi agus a tháinig ina diaidh
- gur féidir go mbeadh staidéar ar roinnt topaicí ar bhonn cróineolaíoch inmholta, mar shampla iad sin a dhéantar thar thréimhse roinnt seachtainí nó téarma.

## Athrú agus leanúnachas

Saintréith bhunúsach de staid an duine an t-athrú, agus sin fáth bunúsach amháin a bhfuil spéis againn san am atá thart. Ní féidir an coincheap atá ag páistí den am atá thart a fhorbairt go dtí go n-aithníonn siad go n-athraíonn rudaí agus nach mbíodh rudaí i gcónaí mar atá siad anois.

Féadfaidh páistí i ranganna 1 agus 2 teacht ar thuiscint don athrú sa saol atá ina dtimpeall trí iniúchadh a dhéanamh ar a bhfás agus ar a bhforbairt féin, ar na hathruithe is féidir a fheiceáil sa gharthimpeallacht, agus ar eispéireas a dtuismitheoirí agus gaolta eile atá níos sine ná iad féin. Agus rud atá chomh tábhachtach céanna, má dhéantar an t-am atá thart a iniúchadh ar an gcaoi a mholtar tabharfaidh an páiste faoi deara go bhfuil rudaí ann a d'fhan mar a bhí siad: beidh athrú ar na daoine i ngrianghraf ranga atá ag tuismitheoir ón mbliain 1970, ach b'fhéidir go n-aithneoidh na daltaí ó fhoirgneamh na scoile sa chúlra gurb í an scoil chéanna í atá ann inniu.

De réir mar a dhéanann na páistí is sine iniúchadh ar raon níos leithne topaicí agus tréimhsí san am atá thart, ba cheart comparáid a dhéanamh i gcónaí idir an saol fadó agus an saol sa lá atá inniu ann. Faoin am a mbíonn siad sna ranganna sinsearacha beidh na páistí in ann tréimhsí éagsúla san am atá thart a chur i gcomparáid. De réir a chéile, beidh na páistí ag faire amach do thionchar an athraithe agus ba chóir gur mhór acu gnéithe den am atá thart a tháinig slán go dtí an lá atá inniu ann: cloch mhíle ón ochtú haois déag, teorainneacha páirce, balla eastáit, crainn a cuireadh os cionn céad bliain ó shin, boscaí poist de chuid aimsir an Rí Éadbhard agus troscán eile sráide. Tuiscint air sin agus ar an tionchar is féidir a bheith ag an athrú atá ag teastáil chun meas páistí ar an timpeallacht mar aon lena mothú freagrachta ina leith a fhorbairt.

*Tharla go rómhinic gur chothaigh cuntais a thugamar do pháistí tuiscint róshimplí ar nádúr agus ar thionchar imeachtaí fadó.*

## Cúis agus iarmhairt

Cuid bhunúsach den stair é na cúiseanna le hathrú a dhéanamh amach, chomh maith leis na tosca a chuir bac air nó a thug é chun cinn a aithint. Chun sin a dhéanamh ní mór a bheith in ann seasamh siar ó na himeachtaí a bhíonn i gceist, tarraingt ar fhoinsí éagsúla agus breithiúnas a dhéanamh faoi na rudaí a spreagann daoine.

I gcomhthéacsanna staire atá réasúnta simplí, beidh páistí i ranganna 3 agus 4 in ann athrú a aithint, roinnt de na cúiseanna a bhí le heachtra a phlé agus tuairim a thabhairt faoin tionchar a bhí aici ar dhaoine ag an am. Samplaí maithe de staidéar samplach is ea athruithe i mbóithre agus sa sreabhadh tráchta.

Cúiseanna agus tionchar an athraithe: brú tráchta, b'fhéidir, a spreag tógáil seach-chonair nua sa cheantar agus b'fhéidir gur bogadh an stáisiún peitril ón tsráid sa bhaile mór go dtí an bóthar nua dá bharr sin, rud ba chúis le seomraí ranga na scoile a bheith níos ciúine.




B'fhéidir go mbeadh claonadh i bpáistí breathnú ar imeachtaí san am atá thart i dtéarmaí simplí cúise agus iarmhairte. Tharla go rómhinic gur chothaigh cuntais a thugamar do pháistí tuiscint róshimplí ar nádúr agus ar thionchar imeachtaí fadó. Is minic a bhíonn go leor cúiseanna le himeachtaí, is minic a bhíonn siad ar siúl thar thréimse fhada ama (seachas aon ócáid faoi leith a bheith ann) agus is minic a bhíonn iarmhairtí éagsúla orthu, cuid acu nach bhféadfaí a thuar. Rud casta é an leibhéal seo smaointeoireachta faoi chúrsaí staire, ach trí phlé agus trí dhíospóireacht ranga is féidir cur go mór le caolchúis thuisceana na bpáistí. Chabhródh ficsean maith staire leis an bpróiseas, agus thabharfadh sé deis do pháistí na cúiseanna éagsúla atá taobh thiar de ghníomhartha daoine a iniúchadh.

## Fianaise a úsáid

Cuirimid eolas ar an am atá thart trí cheisteanna a chur agus trí thátail a bhaint as an bhfianaise a bhíonn againn ar imeachtaí daonna. Is é atá san fhianaise gach rud a tháinig slán den am atá thart, mar shampla earraí, foinsí pictiúrtha (líníochtaí, snoíodóireacht, péinteálacha, grianghraif, scannáin, físeáin), léirscáileanna, foirgnimh, inscríbhinní, cáipéisí, sonraí leictreonacha, leabhair, cuntais bhéil, agus an tírdhreach atá athraithe agus athmhúnlaithe ag daoine. D'ainneoin raon maith fianaise a bheith againn, is beag foinse atá iomlán agus i gcásanna áirithe ní fios a mbunús ná a stádas. Mar sin, caithfidh staraithe mínithe a thabhairt agus tátail a bhaint as an bhfianaise a bhíonn ar fáil.



Trí fhianaise a láimhseáil agus a scrúdú, féadfaidh an páiste teagmháil leis an am atá thart. Cuireann sin le forbairt scileanna tábhachtacha anailíse.



Roinntear fianaise ina dhá cuid: *foinsí príomha* (iad sin a cruthaíodh ag an am lena mbaineann siad, mar shampla litreacha comhaimseartha, foirgnimh, grianghraif, nuachtáin) agus *foinsí tánaisteacha* (iad sin a cuireadh ar fáil tamall i ndiaidh na tréimshe lena mbaineann siad, mar shampla cuntas ar an saol i seascaidí an chéid seo a scríobhadh sna hochtóidí). Léirmhínithe stairiúla ar am atá thart atá i bhfoinsí tánaisteacha. Den chuid is mó, ba cheart an scrúdú a dhéanann páistí bunscoile ar fhianaise a bhunú ar fhianaise phríomha, mar nach mbeidh an cumas chun smaointeoireachta teibí acu is gá le dhá léirmhíniú thánaisteacha a chur i gcomparáid le chéile agus léirmheas a dhéanamh orthu.


Sa churaclam staire féachtar lena chinntiú go mbeidh roinnt taithí ag páistí ar fhianaise stairiúil a úsáid ar bhealaí atá simplí agus bailíoch: díreach mar a chuirtear modhanna imscrúdaithe eolaíocha i láthair na bpáistí sa churaclam eolaíochta, ba cheart go bhfoghlaimeoidís conas fianaise a láimhseáil agus a phlé ar bhealach atá ag teacht le modhanna an staraí.

Ba cheart go rachadh páistí i ngleic le raon leathan fianaise ag gach leibhéal de churaclam na bunscoile. Bíodh is gur dócha gur fearr fianaise fhaisnéiseach agus foinsí clóbhuailte a fhágáil go dtí an dá bhliain dheireanacha den bhunscolaíocht, toisc deacrachtaí maidir le hiad a léamh, ba cheart deiseanna a aimsiú le fianaise shimplí a úsáid i ngach rang. I gcás ranganna naíonán agus ranganna 1 agus 2 ba cheart an bhéim a leagan

*Cuimsíonn stair cuntas a chur le chéile, nó a shintéisiú, ó roinnt foinsí, ag baint úsáide as an tsamhlaíocht le himeachtaí a tharla fadó a athchruthú, agus torthaí na hoibre a chur in iúl do dhaoine eile.*

Trí athchruthuithe samhlaíocha ar an am atá thart a fhorbairt agus a chur in iúl trí mheáin éagsúla, is féidir ceisteanna tábhachtacha faoin am atá thart a ardú agus a shoiléiriú:

Cén sórt dín a thóg na manaigh ar an séipéal? An ndearna siad na cealla as adhmad nó as cloch?



ar fhorbairt fheasacht na bpáistí ar an raon leathan fianaise atá ar fáil. Ba cheart *na páistí is sine* a spreagadh le ceisteanna a chur a bheidh ag éirí níos grinne de réir a chéile, faoi fhoinsí, faoin mbunús atá leo, faoina n-insíonn siad dúinn faoin am atá thart, faoin gcaoi a bhféadfaidís léargas claonta ar an am atá thart a thabhairt dúinn agus faoin mbaint a bheadh acu le píosaí eile fianaise faoin tréimshe a bhíonn i gceist. Ba cheart gurbh é an aidhm ní hamháin taithí a thabhairt do pháistí ar an bpróiseas trína mbaintear tátail as fianaise ach iad a thabhairt chuig an tuiscint go bhfuil cuntais ar an am atá thart bunaithe ar léirmhínithe agus go mb'fhéidir go mba ghá iad sin a athrú dá dtagadh níos mó fianaise chun solais.

## Sintéisiú agus cur in iúl

Gné riachtanach den stair is ea an t-am atá thart a athchruthú ar bhonn na samhlaíochta agus an léirmhíniú sin a chur in iúl do dhaoine eile. Ciallaíonn sé sin cuntas a chur le chéile nó a shintéisiú ó roinnt foinsí, ag baint úsáide as an tsamhlaíocht le himeachtaí a tharla fadó a athchruthú, agus torthaí na hoibre a chur in iúl do dhaoine eile.

Ba cheart deiseanna a thabhairt do na páistí oiread teicníochtaí agus meán agus is féidir a úsáid chun a gcuid fionachtana staire a thaifeadadh agus a chur in iúl. Ar an gcaoi sin, is féidir iad a spreagadh le húsáid a bhaint as na píosaí eolais agus as na léirmhínithe éagsúla a bhíonn cnuasaithe acu le gné den am atá thart a athchruthú go samhlaíoch. Go minic, faoi mar a tharlaíonn i gcás mionsamhail de chaisleán a thógáil nó ócáid stairiúil a léiriú trí rólghlacadh, spreagfar tuilleadh ceisteanna i rith an phróisis athchruthaithe. Ar an gcaoi sin, beidh cur in iúl an eolais stairiúil agus a léirmhíniú i mbealaí éagsúla (i mbealaí neamhscríofa, ach go háirithe) ina spreagthaigh bhreise le tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh agus cuirfear bealach ar fáil don mhúinteoir leis an leibhéal tuisceana atá bainte amach a mheas.

Is féidir go dtugann an tarraingteacht agus cuma na buaine a bhíonn ar na hathchruthuithe den am atá thart a bhíonn le fáil i leabhair, i bpictiúir agus go háirithe i mionsamhlacha, i scannáin agus ar fhíseáin breis údaráis dóibh. Tá go leor de na hathchruthuithe in iarsmalanna agus

in lárionaid léirithe bunaithe ar thaighde eolach staire agus is féidir leo cur go mór lenár dtuiscint ar an am atá thart. Ach tharlódh go meallfaí idir pháistí agus dhaoine fásta le ceapadh nach féidir dul thar na léirmhínithe sin. Ar an gcaoi chéanna is a chuir na seanchaithe fadó a raibh le rá acu in oiriúint dá lucht éisteachta, cuireann údair, ealaíontóirí, aisteoirí agus coimeádaithe an lae inniu a gcuntais in oiriúint dúinne. Tuigfidh páistí é sin má fhaigheann siad féin taithí ar an éagsúlacht seo sa chur i láthair agus má bhaineann siad féin leas as raon leathan de na teicníochtaí seo lena dtuiscint a chur in iúl do dhaoine agus do ghrúpaí eile.

*Teanga agus cur in iúl sa stair*

Léiríonn sé dlúthcheangal a bheith idir teanga agus stair go n-áireofaí 'cur in iúl' mar scil staire. Braitheann éisteacht le hinsintí, iad a athinsint agus a phlé ar scileanna teanga an pháiste agus cuireann siad leo. Ba cheart cuimhneamh freisin go bhfuil nósanna teanga dá cuid féin ag an stair. Cuirfear téarmaí a bhaineann le cróineolaíocht (focail mar 'fadó', 'céad', 'aois', 'tréimhse', 'ré') i láthair na bpáistí agus b'fhéidir go mbeadh a dtuiscint ar fhocail choitianta (m.sh. 'rí', 'caisleán', 'teach', srl.) an-éagsúil ón mbrí a bhíonn leo i gcomhthéacsanna stairiúla.

## Ionbhá

Ciallaíonn ionbhá cumas a bheith ag duine an chaoi ar bhreathnaigh rudaí a tharla fadó do na daoine a bhí beo ag an am a thuiscint. Coincheap teibí casta é ach tá sé tábhachtach má táimid le meastóireacht chothrom a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí daoine san am atá thart. Tá sé ró-éasca dúinn pearsana staire a mheas de réir luachanna an lae inniu: cheapfadh léitheoir an lae inniu go bhfuil cuma uasal le híseal ar ábhar cuid de na ceachtanna léitheoireachta a leagadh síos do pháistí sna scoileanna náisiúnta in Éirinn sa naoú haois déag, ach ní raibh ann ach go raibh gnásanna cliarlathacha shochaí thríochaidí an chéid sin á léiriú sna ceachtanna.

Cabhraíonn scéalta faoi dhaoine fadó go mór le páistí a chur ag iniúchadh smaointe agus mothúchán daoine eile, go háirithe scéalta nach mbíonn, go minic, ach roinnt bheag príomhphearsana i gceist iontu. Teacht dheireadh a dtréimhse sna ranganna sóisearacha, ba cheart go mbeadh ceisteanna agus tuairimí á bplé ag na páistí faoin gcaoi ar mhothaigh pearsana i staid faoi leith. De réir mar a fhásann taithí phearsanta na bpáistí agus de réir mar a mhéadaíonn a n-eolas ar ghníomhartha daoine san am atá thart, ba cheart go mbeidís in ann tuairimí a chaitheamh faoi thuairimí daoine fadó, faoi na rudaí ar chreid siad iontu agus a spreag iad. Beidh gá i gcónaí le ficsean maith staire sa phróiseas seo. Ag an am céanna, ach páirt a ghlacadh aige in athchruthaithe stairiúla mar a rianaíodh thuas, beidh tuiscint ionbhách an pháiste ag forbairt.

# Snáitheanna an churaclaim staire

### *An t-ábhar a chur i láthair*

Rianaítear na topaicí agus na tréimhsí staire atá le hiniúchadh ag an bpáiste i snáitheanna an churaclaim. Trí staidéar a dhéanamh ar an mbonn eolais atá i gceist leis na topaicí seo, forbrófar na scileanna agus an dearcadh a bhfuil cur síos orthu in *Ag obair mar staraí.*

### *Cén leagan amach atá ar na snáitheanna?*

Roghnaíodh na snáitheanna chun a chinntiú go bhfaigheadh na páistí taithí ar chlár staire atá leathan agus cothrom. Freagraíonn na snáitheanna do thréimhsí móra staire (m.sh. *Pobail agus sochaithe ársa* agus *Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart*), do ghnéithe tábhachtacha d'fhiosrú na staire (mar shampla *Staidéir áitiúla* agus *Scéalaíocht*), nó do chur chuige faoi leith (mar shampla *Leanúnachas agus athrú thar thréimhse ama*, a chothaíonn staidéir ar raoin fhorbartha).

Leagadh an t-ábhar sna snáitheanna amach sa chaoi is go mbeadh oiread saoirse agus is féidir ag múinteoirí agus ag scoileanna agus iad ag pleanáil an OSIE agus na staire. Ní mholtar cur chuige cróineolaíoch le topaicí staire a mhúineadh sa churaclam. Cuireann na snáitheanna roghchlár ar fáil do na múinteoirí as ar féidir leis na scoileanna topaicí nó snáthaonaid a roghnú a fheileann do riachtanais na ndaltaí agus a fhreagraíonn don timpeallacht áitiúil agus d'éispéaras an phobail áitiúil san am atá thart.

| | Ranganna naíonán | Ranganna 1 agus 2 |
|---|---|---|
| *Snáitheanna* | • Mise agus mo mhuintir<br>• Scéalaíocht | • Mise agus mo mhuintir<br>• Athrú agus leanúnachas<br>• Scéalaíocht |

| | Ranganna 3 agus 4 | Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|
| *Snáitheanna* | • Staidéir áitiúla<br>• Scéalaíocht<br>• Pobail agus sochaithe ársa | • Staidéir áitiúla<br>• Scéalaíocht<br>• Pobail agus sochaithe ársa<br>• Tréimhsí athraithe agus comhlinte<br>• Polaitíocht, coimhlint, agus an tsochaí |
| | • Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart | • Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart |
| | • Leanúnachas agus athrú le himeacht ama | • Leanúnachas agus athrú le himeacht ama |

Méadaítear ar líon na snáitheanna, agus dá réir sin ar réimse an fhiosraithe stairiúil, de réir mar a théann an páiste in aois. Os a choinne sin, is bunphrionsabal de chuid an churaclaim é go ndéanfadh páistí staidéar ar raon de thréimhsí stairiúla i gcomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag gach leibhéal. Ba cheart cuimhneamh freisin nach bhfuil na snáitheanna deighilte go hiomlán óna chéile: mar chuid den snáithe *Staidéir áitiúla* d'fhéadfaí stair na tithíochta sa cheantar a rianadh, rud a bheadh an-oiriúnach mar staidéar ar raon forbartha sa snáithe *Leanúnachas agus athrú le himeacht ama;* ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh obair ar na Ceiltigh a bheith bainteach le hábhar ó chomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ó na snáitheanna *Staidéir áitiúla* agus *Saol, sochaí, obair, agus cultúr fadó.*

*Tríd an stair áitiúil féadfaidh páistí scileanna taighde staire a shealbhú agus a chleachtadh gan mórán dua. Cuirfidh siad aithne ar an timpeallacht áitiúil agus foghlaimeoidh siad le meas a bheith acu ar na gnéithe den am atá thart a thugann féiniúlacht dóibh féin is dá gceantar.*

## Stair phearsanta agus stair áitiúil

Tá an snáithe seo le fáil ag gach leibhéal den chlár staire. Is trí iniúchadh gnéithe den stair phearsanta, de stair na muintire agus de stair an cheantair a fhaigheann an páiste na deiseanna tosaigh chun feasacht a fhorbairt ar an am atá thart agus ar an tionchar atá ag an am atá thart ar shaol daoine a bhfuil aithne aige nó aici orthu.

Ní bheidh i gceist le staidéir áitiúla, i gcás na naíonán, ach gnéithe den am atá thart i saol an pháiste féin nó i saol ghlúin a t(h)uismitheoirí: scéal *Mise agus mo mhuintir.*

Déanfaidh páistí i ranganna 1 agus 2 chomh maith céanna iniúchadh ar an am atá thart ina saol féin agus i saol a muintire. De réir mar a mhéadóidh líon na n-áiteanna agus na ngnéithe sa timpeallacht ar a dtabharfaidh siad cuairt agus a iniúchfaidh siad mar chuid de chlár OSIE feicfidh siad raon forásach rudaí ar thoradh iad ar ghníomhartha a rinne daoine san am atá thart. Ní gá gur gnéithe ársa iad: aon rud a cuireadh ina áit roimh chuimhne an pháiste, tá sé sean dar leis/léi. Beidh athrú agus leanúnachas le sonrú ar chuid de na gnéithe seo. B'fhéidir go mbeadh cuimhne ag na páistí ar an uair a tógadh balla nua lasmuigh den scoil nuair a bhí siad i rang na naíonán, nó b'fhéidir gur cuimhin leo féin sceach á cur sa ghairdín. D'fhéadfaidís labhairt le seandaoine faoi ghnéithe den cheantar atá tar éis athrú nó atá tar éis fanacht mar an gcéanna. A thoradh sin ar fad go bhforbróidh na páistí tuiscint d'am a bhí éagsúil lena n-am féin agus tuiscint d'imeacht ama freisin, fiú i gcomhthéacs teoranta a saol féin.

Ba cheart do pháistí sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha dul i ngleic le staidéar áitiúil chomh maith. Níl pleanáil na staidéar seo éasca agus uaireanta d'fhéadfadh sé bheith deacair topaicí agus téamaí feiliúnacha a aimsiú. Is fusa go mór teacht ar acmhainní teagaisc le haghaidh topaicí náisiúnta agus idirnáisiúnta, ach caithfear staidéar áitiúil suntasach a bheith i gceist má tá aidhmeanna an chláir staire agus aidhmeanna níos leithne na gcuraclam OSIE agus Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS) le baint amach. Sa stair áitiúil, féadfaidh páistí scileanna taighde staire a shealbhú agus a chleachtadh gan mórán dua. Cuirfidh siad aithne ar an timpeallacht áitiúil agus foghlaimeoidh siad le meas a bheith acu ar na gnéithe den am atá thart a thugann féiniúlacht dóibh féin is dá gceantar.

Sa churaclam aibhsítear nach gá gur láithreacha, foirgnimh nó pearsana a bhfuil cáil nó tábhacht éigin ag baint leo a bheadh i gceist leis na staidéir áitiúla go ginearálta. Tá moltaí sa churaclam i gcomhair na meánranganna agus na ranganna sinsearacha (bíonn clocháin, láithreacha níos fairsinge, nó imeachtaí níos casta i gceist do na ranganna sinsearacha, de ghnáth). B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach, i gcás roinnt scoileanna, go bpléifí le gné den stair áitiúil ar bhealach simplí i gcás na ranganna naíonán agus na ranganna sóisearacha agus go dtiocfaí ar ais chuig an topaic chun staidéir níos mine a dhéanamh uirthi sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha. Is d'aon ghnó chun cabhrú le cur chuige bíseach den

chineál sin atá na snáitheanna ag forluí ar a chéile.

## Scéalaíocht

Tá an snáithe seo le fáil chomh maith ag gach leibhéal den chlár. Gan aon amhras, is cuid nádúrtha d'fhorbairt an pháiste é agus cuid bhunúsach den stair é éisteacht le scéalta, iad a insint agus a athinsint. Cabhraíonn sé freisin leis an bpáiste tuiscint a fháil ar sheicheamh—rud atá riachtanach má tá an páiste le peirspictíocht staire a bheith aige/aici. Méadóidh raon na scéalta de réir mar a théann an páiste in aois agus pléifear iad ar bhealach níos doimhne. Tá sé tábhachtach go roghnófaí na topaicí chun an raon is leithne agus is féidir de thaithí agus d'iarrachtaí an duine a léiriú—ní scéalta ceannairí polaitiúla agus reiligiúnda amháin ba chóir a bheith i gceist ach beathaí daoine a raibh slite éagsúla maireachtála acu agus a bhaineann le raon leathan de ghrúpaí sóisialta, cultúrtha agus eitneacha.

## Athrú agus leanúnachas

Feictear an snáithe seo den chéad uair ag leibhéal ranganna 1 agus 2 agus cuimsítear é ag gach leibhéal ina dhiaidh sin. Is é atá i gceist leis an staidéar seo scrúdú ar ghné theoranta amháin de thaithí an duine thar thréimhse fhada, mar shampla 'taisteal agus iompar i rith na n-aoiseanna', 'éadaí anuas trí na céadta', srl. Tugtar staidéar ar raon forbartha go minic ar an stáidéar seo agus is bealach sármhaith é le hiniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a dtarlaíonn athrú. Féadfaidh sé tabhairt ar pháistí a thuiscint go bhfanann riachtanais bhunúsacha an duine mar an gcéanna, ainneoin athruithe ollmhóra.

## Pobail agus sochaithe ársa Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart

Tá na snáitheanna seo i bpáirt ag ranganna 3 agus 4 agus ag ranganna 5 agus 6. Tá cuid de na tréimhsí móra i bhforbairt shibhialtacht an duine agus staidéar ar shaol daoine in Éirinn ag amanna éagsúla san am atá thart ar an liosta snáithaonad. Leagtar béim sa staidéar seo ar ghnáthshaol laethúil daoine, ar a dtithe, a mbia, a dteicneolaíocht, a gcuid oibre, a gcultúr, a n-ealaín, agus a nósanna sóisialta. Prionsabal tábhachtach de chuid an churaclaim é go dtiocfadh páistí ar thuiscint chothrom ar an stair áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar an gcaoi ar chuir grúpaí eitneacha éagsúla le forbairt an duine. Ar an ábhar sin, moltar staidéar a dhéanamh ar dhaoine ó chomhthéacsanna lasmuigh den Eoraip i gcuid de na snáithaonaid.

*Ba cheart go dtiocfadh páistí ar thuiscint chothrom ar an stair áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar an gcaoi ar chuir grúpaí eitneacha éagsúla le forbairt an duine.*

Is ionann, beagnach, teidil na n-aonad sna snáitheanna seo do na meánranganna agus do na ranganna sinsearacha. Ní hionann sin is a rá go ndéanfaidh na páistí an obair chéanna arís. Is le saoirse pleanála a thabhairt do na scoileanna atá sé amhlaidh. Is sna meánranganna amháin a mhúinfear cuid de na haonaid agus múinfear cuid eile acu sna ranganna sinsearacha. I gcásanna eile, féadfar filleadh sna ranganna sinsearacha ar aonaid a scrúdaíodh i ranganna 3 agus 4 ach iniúchadh níos doimhne a dhéanamh orthu. Sna haidhmeanna a bhaineann le hábhar staire agus san ábhar samplach sna heiseamláirí (i gcló iodálach) moltar obair níos casta agus níos deacra i gcomhair na ranganna sinsearacha: ar an gcéad leathanach eile cuirtear na snáthaonaid do na meánranganna agus do na ranganna sinsearacha i gcodarsnacht agus i gcomparáid le chéile.

Leagann an tsaoirse seo dualgas ar na múinteoirí clár staire a phleanáil a fhreagraíonn do riachtanais a scoile féin agus don chaoi a bhfuil sé eagraithe agus cinntíonn sé go ndéanfaidh páistí staidéar ar ghnéithe de chuid na dtréimhsí luatha, meánacha agus nua-aimseartha agus i gcomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta, agus idirnáisiúnta.



Duine uasal Síneach agus a shearbhónta. Is cuid thábhachtach den churaclam staire í forbairt na sochaithe taobh amuigh den Eoraip.

Snáithaonaid as clár ranganna 3 agus 4 (an leathanach seo) agus as clár ranganna 5 agus 6 (an chéad leathanach eile). Is léir ó na samplaí (sa chló iodálach) gur cheart a bheith ag súil le raon níos mó saincheisteanna agus láimhseáil níos doimhne orthu sna ranganna sinsearacha.

## Snáithe: Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart

### Snáithaonaid

*Rogha as:*

An saol in Éirinn le linn na Normannach

An saol sna bailte móra agus faoin tuath in Éirinn agus san Eoraip i rith na Meánaoise

An saol san ochtú haois déag

An saol sa naoú haois déag

An saol le linn an Dara Cogadh Domhanda

An saol in Éirinn ó chaogaidí na fichiú haoise i leith

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- eolas a chur ar ghnéithe de shaol na ndaoine sin

  *áitribh na ndaoine*

  *éadaí*

  *feirmeoireacht, bia agus cócaireacht*

  *teicneolaíochtaí a d'fhorbair daoine agus a d'úsáid siad*

  *daoine ag obair*

  *uirlisí agus airm*

  *teanga, cultúr, ealaín agus ceol*

  *fóillíocht agus caitheamh aimsire*

  *scéalta faoi dhaoine faoi leith de chuid na tréimhse*

- fianaise ó na tréimhsí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu a scrúdú agus eolas a chur uirthi, go háirithe fianaise a bhféadfaí teacht uirthi go háitiúil
- ionad daoine a chlárú ar línte ama.

# Snáithe: Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart

**Snáithaonaid** *Rogha as:*

An saol in Éirinn le linn na Normannach

An saol sna bailte móra agus faoin tuath in Éirinn agus san Eoraip i rith na Meánaoise

An saol san ochtú haois déag

An saol sa naoú haois déag

Teanga agus cultúr in Éirinn ag deireadh na naoú haoise déag agus ag tús na fichiú haoise

An saol le linn an Dara Cogadh Domhanda

An saol in Éirinn ó chaogaidí na fichiú haoise i leith

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- eolas a chur ar ghnéithe de shaol na ndaoine sin

  *áitribh na ndaoine, gréasáin lonnaíochtaí agus forbartha uirbí*

  *éadaí*

  *feirmeoireacht, bia agus cócaireacht*

  *teicneolaíochtaí a d'fhorbair daoine agus an tionchar a bhí acu ar shaol na ndaoine*

  *daoine ag obair*

  *teanga agus litríocht*

  *fóillíocht agus caitheamh aimsire*

  *creideamh agus gnásanna diaganta*

  *imirce agus eisimirce*

  *caidreamh grúpaí éagsúla lena chéile (m.sh. tiarna talún agus tionónta sa naoú haois déag)*

  *plé ar cheisteanna áirithe sóisialta, eacnamaíocha, polaitiúla nó reiligiúnda de chuid an ama (m.sh. faitíos roimh an bplá i mbailte móra na Meánaoise, na Péindlíthe, labhairt na Gaeilge a bheith á tréigean sa naoú haois déag, saol oibrithe i mbailte tionsclaíocha sa naoú haois déag)*

  *an chaoi ar chuir na daoine agus na himeachtaí sin le forbairt Éire na linne seo*

- fianaise a thugann eolas dúinn ar shaol na ndaoine sna tréimhsí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu, a smaointe, a n-ábhair bhuartha a scrúdú agus eolas a chur uirthi—go háirithe fianaise a bhféadfaí teacht uirthi go háitiúil
- ionad daoine agus imeachtaí a chlárú ar línte ama feiliúnacha.

*Má thosaíonn páistí ag fáil tuisceana ar an tionchar atá ag na léirmhínithe a dhéanann daoine ar an am atá thart ar a ndearcadh agus ar a ngníomhartha sa lá atá inniu ann, beidh ceann de bhunchuspóirí na staire bainte amach agus beidh sí tar éis cur le réiteach a fháil ar roinnt mhaith de na cruacheisteanna atá ag an nglúin seo agus a bheidh ag na glúine atá le teacht.*

## Tréimhsí athraithe agus coimhlinte

## Polaitíocht, coimhlint agus sochaí

Tarlaíonn an dá shnáithe seo i gclár ranganna *5 agus 6* amháin, mar go bhfuil tuiscint áirithe ar choincheapa teibí i gceist leo a bheadh thar chumas páistí níos óige. Sa snáithe *Tréimhsí athraithe agus coimhlinte*, mar shampla, b'fhéidir go gcaithfeadh na páistí aghaidh a thabhairt ar choincheap an athraithe san ealaín, san eolaíocht agus sa chultúr i rith na hAthbheochana nó b'fhéidir go mbeadh orthu dul i ngleic le coincheapa na tionóntachta agus úinéireacht na talún in Éirinn sa naoú haois déag. Bíodh is go mbeidh tuiscint áirithe ar na coincheapa sin agus ar choincheapa eile ag teastáil, ba cheart go leagfaí an bhéim, mar atá soiléir ó na samplaí, ar an tionchar a bhí ag na smaointe nua seo ar shaol na ndaoine ag an am agus ar an tionchar fadtréimhseach a bhí ag na hathruithe a tháinig dá bharr.

Tá smaointe níos deacra fós i gceist le *Polaitíocht, coimhlint, agus sochaí.* Tuiscint éiginnte a bhíonn ag páistí ar theanga na polaitíochta agus ar na coincheapa a ghabhann léi. Os a choinne sin, caithfidh an stair freastal ar an ngá atá ag an bpáiste leis an saol ina maireann sé/sí a thuiscint, agus bheadh sé beagnach dodhéanta ag an bpáiste saol an lae inniu in Éirinn a thuiscint gan tuairim bhunúsach a bheith aige nó aici de thréimhsí tábhachtacha áirithe i stair na hÉireann. Ionradh na Normannach agus plandálacha na séú haoise déag agus na seachtú haoise déag ba chúis le lonnaitheoirí nua a theacht chuig an tír, ar an gcaoi chéanna le hionraí na Lochlannach, na gCeilteach agus daoine eile. Le gach gabháil nua chuir na hionraitheoirí le héagsúlacht shaibhir chultúr na hÉireann. Ach is iad torthaí na gcoilínithe déanacha agus, níos tábhachtaí fós, na léirmhínithe a dhéanann daoine éagsúla orthu is cúis le cuid de na saincheisteanna as a n-eascraíonn coimhlint in Éirinn agus sa Bhreatain sa lá atá inniu ann.

Ar an gcaoi chéanna, is bunghné d'oideachas páistí uile go dtuigfidís bunús, dul chun cinn agus torthaí Éirí Amach 1916, bunú an stáit, agus stair Thuaisceart na hÉireann ó 1969 i leith. Ba cheart plé go han-chúramach leis na tréimhsí sin. Tá ábhair achrannacha i gceist leo, agus bíodh is go gcaithfear simpliú a dhéanamh orthu ar mhaithe leis an bpáiste ba cheart cúram a dhéanamh de nach bhfágtar é/í le tuiscint róshimplithe ar an am atá thart.

Ba cheart gurbh í príomhaidhm na gceachtanna cur ar chumas an pháiste dearcadh, creideamh, agus spreagadh grúpaí éagsúla daoine san am atá thart a iniúchadh, a phlé, a chur i gcomparáid le chéile agus a thuiscint, chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le daoine sa lá atá inniu ann imeachtaí san am atá thart a léirmhíniú ar bhealaí atá an-difriúil lena chéile. Má thosaíonn páistí ag fáil tuisceana ar an tionchar atá ag na mínithe a dhéanann daoine ar an am atá thart, ar a ndearcadh agus ar a ngníomhartha sa lá atá inniu ann, beidh ceann de bhunchuspóirí na staire bainte amach agus beidh sí tar éis cur le réiteach a fháil ar roinnt mhaith de na cruacheisteanna atá ag an nglúin seo agus a bheidh ag na glúine atá le teacht.



Roinn 3

# Pleanáil sa scoil don stair

# Pleanáil sa scoil don stair



### Pleanáil curaclaim

- cuspóir agus nádúr na staire sa scoil
- conas ceantar na scoile a chuimsiú
- cothromaíocht idir téamaí comhtháite agus cur chuige ábharlárnach
- am
- curaclam leathan, cothrom, comhleanúnach
- polasaí measúnaithe a fhorbairt

Má táthar chun an curaclam staire a chur i bhfeidhm go torthúil ní mór don scoil agus do na múinteoirí pleanáil éifeachtach a dhéanamh chuige. Sa roinn seo

- scrúdófar saincheisteanna pleanála curaclaim don stair
- pleanáil an eagair don stair.

## Pleanáil curaclaim

Ar na ceisteanna a chaithfear a phlé, b'fhéidir, mar chuid de phleanáil na scoile don stair tá an méid seo a leanas:

### Cuspóir agus nádúr na staire sa scoil

Tá an curaclam bunaithe ar an tuiscint gur féidir le stair cur le forbairt chomhchuí an pháiste má bhíonn an cur chuige ag teacht le nádúr na hoibre a dhéanann staraí agus, ag an am céanna, má éiríonn leis an bpáiste eolas faoin am atá thart a shealbhú, scileanna imscrúdaithe staire a fhorbairt agus dearcadh tábhachtach a chothú. Má iniúchann agus má phléann an fhoireann nádúr an fhiosraithe staire ina measc féin, féadfar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an stair sa churaclam a shoiléiriú agus ar an gcaoi sin éascófar meastóireacht a dhéanamh ar na hacmhainní teagaisc agus ar an gcur chuige.

### Conas ceantar na scoile a chuimsiú sa chlár

Ceann de na gnéithe is tábhachtaí sa churaclam staire agus i gclár an OSIE ar fad ná an bhéim a leagtar ar iniúchadh thimpeallacht an pháiste agus na scoile. I gceantair uirbeacha d'fhéadfadh go mbeadh cónaí ar go leor múinteoirí lasmuigh de chomharsanacht na scoile agus nach mbeadh eolas ag múinteoirí atá díreach tosaithe ag múineadh sa scoil ar an gceantar. Ba cheart gur chuid den phróiseas pleanála é múinteoirí a bheith ag cur eolais ar cheantar na scoile; tá tuilleadh eolais faoin gcaoi ar cheart tosú ar eolas faoin gceantar a bhailiú ar lch 33-39 agus san *Aguisín*.

Ar an gcaoi sin, chuirfí ar chumas na múinteoirí rudaí, ionaid agus topaicí a aithint a d'fhéadfaí a chur i gclár na staire. Ba cheart go gcabhródh pleanáil leis an scoil na staidéir áitiúla a chomhordú. Cinnteoidh sé sin go ndéanfaidh na páistí iniúchadh iomlán ar an timpeallacht i rith a dtréimhse bunscolaíochta, go mbainfear leas iomlán as na hábhair áitiúla a d'fhéadfadh an stair náisiúnta agus an stair idirnáisiúnta a léiriú, go mbainfear an leas is fearr as na hacmhainní, agus go seachnófar an iomarca athdhéanaimh. D'fhéadfaí a shocrú, mar shampla, go ndéanfaí staidéar ar thopaicí áirithe sa stair áitiúil agus ar ghnéithe áirithe den timpeallacht ag leibhéil ar leith sa scoil.

## Cothromaíocht a aimsiú idir téamaí comhtháite a mhúineadh agus cur chuige níos ábharlárnaí

Feileann curaclam comhtháite do pháistí óga go háirithe, mar feiceann siad an saol agus a gcuid eispéireas féin ar bhealach iomlánaíoch. Ar an ábhar sin, b'fhéidir go socródh go leor scoileanna ar obair ranganna naíonán agus ranganna sóisearacha a eagrú ag baint úsáide as téamaí difriúla taobh istigh den OSIE agus de na réimsí eile foghlama.

De réir mar a théann na páistí in aois, d'fhéadfadh go bhfeilfeadh straitéisí eile teagaisc; d'fhéadfadh cur chuige iomlánaíoch (ceann bunaithe ar théamaí) a bheith i gceist, nó cur chuige bunaithe ar chomhtháthú traschuraclaim, nó cur chuige le fócas ábharlárnach. Beidh teagasc bunaithe ar théamaí agus ar chomhtháthú na n-ábhar tábhachtach i gcónaí ag gach leibhéal, ach braitheann an cur chuige sin ar phleanáil chúramach na múinteoirí le bheith cinnte go mbíonn ról gach ábhair agus ar féidir leis a chur ar fáil slán. Thar aon rud eile, ba cheart go gcabhródh an phleanáil, taobh istigh de raon na dtéamaí a úsáidtear, lena chinntiú go gclúdófar ábhar na snáitheanna go cuimsitheach, agus go gcuirfear dóthain deiseanna ar fáil le scileanna na staire a fhorbairt.

## An méid ama a thugtar don ábhar

Ós rud é go mbeidh cur chuige comhtháite in úsáid go coitianta ag gach leibhéal ranga, d'fhéadfadh go mbeadh sé níos cabhraí do scoileanna breathnú ar an méid ama a dháilfear ar an ábhar thar thréimhse téarma nó bliana seachas a bheith ag iarraidh méid faoi leith ama in aghaidh na seachtaine a dháileadh air. Ba cheart do scoileanna, chomh maith, an méid ama atá le tabhairt do réimsí éagsúla an churaclaim go ginearálta a phlé, agus tosca na scoile, riachtanais na ndaltaí agus tosaíochtaí atá aitheanta ag an bhfoireann a chur san áireamh.

B'fhéidir go measfadh foirne agus múinteoirí go mbeadh sé níos úsáidí díriú ar ghné amháin den OSIE sa turas. Ar feadh a dó nó a trí de sheachtainí d'fhéadfaí an obair a dhíriú ar théama a mbeadh fócas staire, den chuid is mó, aige, agus sa tréimhse ina dhiaidh sin bheadh an fócas ar eolaíocht nó ar thíreolaíocht den chuid is mó. Ba cheart go mbeadh saoirse áirithe ag baint le dáileadh an ama mar ba cheart go mbeadh an obair i ngach réimse ag comhlánú na foghlama sna hábhair eile, agus ba cheart go mbeadh saoirse ag na múinteoirí aonair a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid chun na treoirlínte a chur in oiriúint do riachtanais páistí faoi leith agus do riachtanais an ranga.

## Curaclam leathan, cothrom agus comhleanúnach

- staidéir ó chomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta
- peirspictíochtaí éagsúla
- a bhfuil déanta ag daoine as grúpaí éagsúla eitneacha agus cultúrtha, as aicmí sóisialta éagsúla agus as traidisiúin éagsúla creidimh
- raon tréimhsí stairiúla
- cothromaíocht idir forbairt scileanna agus sealbhú eolais
- raon leathan fianaise
- cothromaíocht idir sruth leathan na staire agus staidéar níos déine ar thréimhsí teoranta
- leanúnachas agus dul chun cinn
- cothú sainaitheantais áitiúil, náisiúnta, agus Eorpaigh

## Curaclam leathan cothrom comhleanúnach

Cuireann curaclam na staire go leor saoirse ar fáil do na scoileanna agus ba cheart leas a bhaint aisti sin chun an clár a chur in oiriúint do thosca na scoile agus do raon spéiseanna agus infheidhmeacht na ndaltaí. Cabhróidh an phleanáil leis na múinteoirí féachaint chuige go gcinntíonn an clár staire ag gach leibhéal

- go mbíonn staidéir ó chomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta, agus idirnáisiúnta san áireamh ann. Ba cheart go mbeadh staidéir áitiúla agus an bhéim ar stair phearsanta agus stair na muintire i dtús báire i gceist ag gach leibhéal. Beidh saol daoine i rith tréimhsí tábhachtacha i stair na hÉireann i gceist, ach chomh maith leis sin ba cheart go mbeadh deis ag na páistí foghlaim faoin gcaoi ar chuir daoine i dtíortha eile le forbairt dhaonna. Ba cheart go dtógfadh na gnéithe idirnáisiúnta sin ceann de chultúir agus de thraidisiúin as comhthéacsanna san Eoraip agus lasmuigh den Eoraip
- go ndéanann na páistí iniúchadh ar an am atá thart ó pheirspictíochtaí éagsúla. Ní ceart gurb í an stair pholaitiúil nó an stair mhíleata a bheadh in uachtar i gcónaí sa scrúdú a dhéanann páistí ar an am atá thart. Tá eispéiris shóisialta, eacnamaíocha, theicneolaíocha, chultúrtha, ealaíonta agus reiligiúnda na ndaoine a mhair fadó tábhachtach má táimid le tuiscint a fháil ar an gcaoi a raibh an saol ag an gcuid is mó acu.
- go spreagtar páistí le foghlaim faoi dhaoine as grúpaí eitneacha agus cultúrtha éagsúla agus as aicmí sóisialta éagsúla agus traidisiúin éagsúla creidimh acu, le meas a shealbhú ar ar chuir na daoine sin le héabhlóid Éire na linne seo agus le héabhlóid an domhain mhóir. Tá tábhacht ar leith le ról na staire maidir le méadú fheasacht an pháiste ar a bhfuil déanta ag mná, ag fir, ag mionlachtaí (pé acu sóisialta, eitneacha nó reiligiúnda iad), agus ag gach aicme sa tsochaí
- go bhfuil eachtraí ann ó raon de thréimhsí staire. I gcás páistí i rang 3 agus os a chionn sin, ba cheart staidéar a dhéanamh ar ghnéithe de thréimhsí luathstaire, meánstaire agus nua-staire gach bliain. Ba cheart láimhseáil dhocht chróineolaíoch ar na snáthaonaid a sheachaint, ach ba cheart bealaí a aithint ina bhféadfaí tuiscint na bpáistí ar chróineolaíocht a chothú: mar shampla, ba cheart an deis a thapú am ar bith is féidir leis na línte ama a úsáid chun cabhrú le páistí staideanna éagsúla na n-imeachtaí a bhfuil siad ag déanamh staidéir orthu a thuiscint agus a thaifeadadh
- go bhfuil dóthain deiseanna á gcur ar fáil le raon scileanna staire a fhorbairt trí staidéir áitiúla agus aonaid eile oibre ag gach leibhéal. Caithfidh cothromaíocht a bheith ann ar fud an chláir idir forbairt scileanna agus sealbhú eolais

- go n-aithneofar na deiseanna atá ar fáil chun raon leathan fianaise staire a úsáid ag gach leibhéal. D'fhéadfaí a phlé, chomh maith, cad iad na bealaí is fearr a bhféadfaí iniúchadh na timpeallachta áitiúla a eagrú, agus cad iad na bealaí a bhféadfadh múinteoirí, daltaí, tuismitheoirí agus daoine eile cabhrú le teacht na ndaltaí ar rudaí stairiúla a éascú. D'fhéadfadh an scoil labhairt faoi bhailiúchán earraí ón am atá thart a chur le chéile in iarsmalann scoile
- go n-aimsítear cothromaíocht idir an gá atá ann ligean do pháistí foghlaim faoi shruth leathan na staire náisiúnta agus idirnáisiúnta agus an gá deiseanna a chur ar fáil do pháistí dianstaidéar a dhéanamh ar thréimhsí níos giorra nó ar thopaicí níos teoranta sa stair áitiúil, sa stair náisiúnta, nó i stair an domhain. I rang 3 agus os a chionn, moltar go ndéanfaí staidéar níos doimhne agus thar thréimhse níos faide, gach bliain, ar shnáthaonad amháin sa stair áitiúil agus ar shnáthaonad amháin sa stair náisiúnta agus stair idirnáisiúnta
- go saothraítear leanúnachas agus dul chun cinn. Má bhaintear leas éifeachtach as an tsaoirse a chuireann an curaclam ar fáil maidir le snáthaonaid a roghnú, ba cheart go gcinnteofaí go bhfaigheann na páistí tuiscint ar shruth leathan na staire agus go seachnaítear bearnaí móra agus an iomarca athrá. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go mbeadh leanúnachas agus dul chun cinn sna modhanna agus sa chur chuige a úsáidtear leis na daltaí. Ba cheart go dtógfadh an obair ag gach leibhéal ar na scileanna a forbraíodh roimhe sin, agus ba cheart machnamh a dhéanamh ar na riachtanais a bheidh ag na daltaí nuair a rachaidh siad ar aghaidh go hiar-bhunscoileanna.

  Má tá ceangal láidir idir bunscoil agus iar-bhunscoil áitiúil go lorgaítear roinnt éigin comhordaithe in ábhar chláir staire an dá scoil: mar shampla, ba cheart féachaint chuige nach é an tionscadal áitiúil céanna a dhéantar i rang 6 sa bhunscoil agus sa chéad bhliain san iar-bhunscoil
- go gcothaítear tuiscint an pháiste dá s(h)ainaitheantas áitiúil, náisiúnta agus Eorpach féin. Ba cheart do chlár a bhfuil cothromaíocht ann idir staidéar áitiúil agus gnéithe den stair náisiúnta cabhrú le páiste feasacht chriticiúil ar a (h)oidhreacht Éireannach a fhorbairt. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do ghnéithe de stair na hEorpa a spéis a dhúiseacht i gcultúr níos leithne na hEorpa. San am céanna, cuirfidh roinnt eolais ar scéal an chomhoibrithe Eorpaigh go mór le feasacht an pháiste ar a (h)oidhreacht Eorpach agus lena m(h)othú saoránachta.

*Is é príomhchuspóir an mheasúnaithe eispéiris foghlama an pháiste a shaibhriú.*

## Polasaí measúnaithe a fhorbairt

Faoi mar atá i gceist sna réimsí eile den churaclam, is dlúthchuid den phróiseas teagaisc agus foghlama sa stair é an measúnú. Má fhorbraítear plean scoile i gcomhair na staire cruthaítear comhthuiscint i measc na foirne ar chuspóir an ábhair agus ar an gcaoi a gcuirfear i bhfeidhm é sa scoil. Gné thábhachtach den chomhthuiscint seo faoin gcuspóir an bealach a ndéanfar dul chun cinn na bpáistí sa stair a mheasúnú, a thaifeadadh, agus a thuairisciú.

Má dhéantar plé ar na bealaí ar féidir dul chun cinn na ndaltaí a bhreathnú, a nótáil, agus a thaifeadadh sa stair agus iad a shoiléiriú, ní hamháin go dtiocfaidh an plé sin faoi scáth pholasaí iomlán na scoile i gcomhair an mheasúnaithe, an taifeadta agus na tuairiscithe ach cuirfidh sé leis an bpolasaí céanna. Ba cheart go gcothódh an plé seo tuiscint i measc na múinteoirí ar an gcaoi ar féidir le cur chuige measúnaithe atá ceangailte go dlúth leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim cur le heispéireas foghlama an pháiste. D'éascódh sé sin malartú eolais chruinn faoi fhoghlaim na ndaltaí i measc na foirne agus ar an gcaoi sin spreagfadh sé plé eolach ar dhul chun cinn daltaí agus faoi chur chuige teagaisc.

Tá siad seo ar na saincheisteanna measúnaithe nár mhiste a phlé mar chuid de phleanáil na scoile i gcomhair na staire:

### *Cuspóir an mheasúnaithe*

Má dhéantar plé ar na bealaí ar féidir le measúnú cabhrú chun an teagasc agus an fhoghlaim a shaibhriú féadfar tuiscint a chothú dá ról i gcur i bhfeidhm an churaclaim staire. Is fiú é mar:

- cabhraíonn sé chun a fháil amach cad tá ar eolas ag na daltaí, cad a thuigeann siad agus cad is féidir leo a dhéanamh
- taispeánann sé cé na rátaí éagsúla dul chun cinn atá ag na páistí
- cabhraíonn sé chun na cuspóirí teagaisc a dhearbhú le hais torthaí na foghlama
- cabhraíonn sé le heispéiris foghlama a phleanáil don am atá le teacht
- tugann sé réimsí deacrachta chun solais sa chaoi is gur féidir freagairt do riachtanais foghlama an pháiste
- éascaíonn sé an chumarsáid idir mhúinteoirí faoi pháistí
- cuireann sé bonn faoin tuairisciú a dhéantar do thuismitheoirí agus do dhaoine eile agus faoin gcumarsáid a dhéantar leo
- cuireann sé eolas ar fáil nuair a aistríonn páistí ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil
- cabhraíonn sé le múinteoirí agus le scoileanna socruithe a dhéanamh maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm an churaclaim.

*Moladh na huirlisí measúnaithe sa stair mar gheall ar an ngaol dlúth, forlíontach atá acu le teagasc agus foghlaim.*

## Uirlisí measúnaithe sa stair

- breathnóireacht an mhúinteora
- tascanna agus tastálacha a dhearann an múinteoir
- samplaí oibre
- bailiúcháin agus tionscadail
- próifílí curaclaim

### *Raon d'uirlisí measúnaithe*

Molann an curaclam go n-úsáidfí uirlisí éagsúla measúnaithe ionas gur féidir déileáil le stíleanna foghlama gach dalta faoi leith agus ionas go ndéanfar measúnú ar nádúr iomlán fhoghlaim an pháiste sa stair. Seo roinnt de na modhanna a mholtar:

- breathnóireacht an mhúinteora: mionsonraí faoi fhoghlaim an pháiste a thugann múinteoirí faoi deara de réir mar a iniúchtar agus mar a mhúintear topaicí staire
- tascanna agus tástálacha a dhearann an múinteoir: an raon leathan gníomhaíochtaí a mbeidh na páistí ag glacadh páirte iontu sna ceachtanna staire
- samplaí oibre, bailiúcháin agus tionscadail: ina mbailítear samplaí d'obair na bpáistí sna tascanna thuas sa chaoi is gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn
- proifílí curaclaim: bealach ar féidir dul chun cinn an pháiste a mheas agus a thaifeadadh trí úsáid a bhaint as táscairí gnóthachtála a dhéanann cur síos achomair ar an eolas, ar na scileanna agus ar an dearcadh ar cheart a bheith ag súil leo ag leibhéil éagsúla sa churaclam.

Agus múinteoirí ag pleanáil i gcomhair na staire, ba cheart go bpléifidís na bealaí inar féidir na modhanna measúnaithe a mholtar a fhí isteach sa teagasc agus san fhoghlaim sa scoil. Ba cheart don mheasúnú teacht chun cinn go nádúrtha mar chuid den teagasc is den fhoghlaim: cé go gcabhraíonn measúnú le múinteoirí an fhoghlaim a dhéanann a gcuid daltaí a shoiléiriú agus, dá thoradh sin, gur fusa dóibh pleanáil don fhoghlaim a dhéanfar amach anseo, ní ceart dó an t-eispéireas oideachais a chur as a riocht.

Má phléann múinteoirí na bealaí inar féidir le modhanna teagaisc agus eispéiris foghlama eolas luachmhar a sholáthar faoi fhoghlaim an pháiste, ba chóir go gcuirfí lena bhfeasacht ar an méid measúnaithe a bhíonn ar siúl sa scoil. Mar shampla, féadfaidh ceacht bunaithe ar scrúdú píosa fianaise mar ghrianghraf, cháipéis nó dhéantúsán go leor a insint don mhúinteoir faoin eolas atá ag an bpáiste faoin tréimhse a bhíonn i gceist, faoi shaol na ndaoine ag an am sin agus faoina c(h)umas tátal a bhaint as fianaise. Cuid riachtanach den mheasúnú an t-eolas a fhaigheann an múinteoir tríd an teagasc is tríd an bhfoghlaim sin.

### *Measúnú agus aidhmeanna agus cuspóirí an churaclaim*

Agus múinteoirí ag roghnú uirlisí measúnaithe beidh treoir dóibh sa mhéid go gcaithfidh measúnú freagairt d'aidhmeanna agus do chuspóirí an churaclaim, ag cur san áireamh, go háirithe, an tábhacht a bhaineann le forbairt scileanna, chomh maith le heolas agus dearcadh.

*Soláimhsitheacht measúnaithe*

Caithfidh an measúnú a bheith soláimhsithe má tá sé chun cur le heispéireas foghlama na bpáistí, is é sin eolas úsáideach a chur ar fáil gan baint den am teagaisc. Mar shampla, agus iad ag tabhairt faoi bhailiúcháin oibre a chur le chéile, caithfidh múinteoirí smaoineamh ar iad a stóráil agus ar cé chomh soláimhsithe is a bheidh siad. D'fhéadfadh nach mbeadh sna bailiúcháin ach na samplaí sin den obair a thaispeánann céimeanna tábhachtacha i bhfoghlaim an pháiste; b'fhéidir nach gcoinneodh scoileanna eile ach na 'samplaí is fearr' nó na 'leaganacha deireanacha' d'obair na bpáistí.

*Comhthuiscint ar an measúnú*

Má thagann grúpa múinteoirí le chéile chun samplaí oibre, bailiúcháin, tionscadail agus próifílí curaclaim ó ranganna éagsúla a phlé, is cosúil go roinnfidís a dtaithí teagaisc ar a chéile agus go n-eascródh modhnú ar chóras measúnaithe na scoile as. Trí thaithí a roinnt mar sin agus trí phlé faoin gcaoi ar féidir breithiúnas a dhéanamh ar obair agus ar dhul chun cinn páistí is féidir feabhas a chur ar cháilíocht agus ar fhóinteacht an eolais a chuireann an measúnú ar fáil agus is féidir an chumarsáid idir mhúinteoirí faoi na daltaí a éascú.

*Taifeadadh agus cur in iúl: leanúnachas agus dul chun cinn*

Cuirfidh an raon d'uirlisí measúnaithe a mholtar sa churaclam córas cuimsitheach ar fáil le dul chun cinn an pháiste sa stair a mheasúnú agus a thaifeadadh. Beidh an t-eolas a bhreathnaítear agus a bhailítear faoi fhoghlaim an pháiste riachtanach agus eispéiris oideachais an pháiste san am atá le teacht á leagan amach agus is é a bheidh mar bhonn leis an tuairisc faoi dhul chun cinn an pháiste a thabharfar do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do dhaoine eile, agus a phléifear leo. Féadfaidh malartú eolais faoi fhoghlaim an pháiste idir múinteoirí agus tuismitheoirí cur le luach an eolais a chuireann an measúnú ar fáil.

Is fusa a bheifear in ann labhairt faoi fhoghlaim an pháiste le tuismitheoirí agus le daoine eile má úsáidtear *cárta próifíle dalta*: bealach le torthaí fhoghlaim agus mheasúnú an pháiste a thaifeadadh gach bliain. Cuid amháin den mheastóireacht seo ar dhul chun cinn an pháiste a bheadh san OSIE agus sa stair.

I gcás curaclaim roghchláir, ar nós na staire agus OSIE, beidh taifid a choinneáil ar an obair a chuireann na páistí i gcrích (mar shampla i bhfoirm measúnú a dhéanamh ar bhailiúcháin) ina ghléas tábhachtach le leanúnachas agus dul chun cinn a chinntiú. Ba cheart féachaint chuige, i gcomhthéacs polasaí scoile i leith an mheasúnaithe, gurb iad na foirmeacha céanna a bheadh in úsáid ag na múinteoirí go léir le haghaidh próifílí curaclaim agus taifid ranga. Ba chóir, freisin, go mbeadh na taifid a bhaineann le rang ar leith ar fáil sa scoil ag múinteoir an ranga sin ó bhliain go bliain. Ba chóir go gcabhródh na taifid agus obair á pleanáil thar na blianta, chomh fada is a bhaineann le roghnú snáthaonad agus le cothromaíocht a aimsiú idir forbairt scileanna agus sealbhú eolais.

# Pleanáil eagair

## Comhthuiscint ar chuspóir na staire a fhorbairt

Sa phleanáil i gcomhair staire sa scoil ba cheart

- comhthuiscint ar nádúr agus ar ról na staire i gcuraclam na scoile a fhorbairt. Próiseas comhpháirteach comhchomhairleach ina mbeidh idir phríomhoide agus mhúinteoirí, agus nuair is cuí sin na tuismitheoirí agus an bord bainisteoireachta páirteach a bheidh sa phleanáil
- féachaint le lánleas a bhaint as cumais agus spéiseanna an uile dhuine de na múinteoirí. D'fhéadfadh go mbeadh saineolas ag baill áirithe d'fhoireann na scoile ar an gceantar áitiúil, b'fhéidir go mbeadh spéis ag baill eile i ngnéithe áirithe den stair, nó d'fhéadfadh go mbeadh daoine eile fós tar éis raon de mhodhanna teagaisc agus measúnaithe a fhorbairt. D'fhéadfaí cuid dá bhfuil i gceist le cur i bhfeidhm na staire a fhorbairt agus a chomhordú a thabhairt ar láimh do mhúinteoir nó do mhúinteoirí a mbeadh spéis nó saineolas faoi leith acu sa réimse. Ba cheart breathnú ar na múinteoirí sin mar athraitheoirí agus mar éascaitheoirí a chuirfeadh ar chumas bhaill eile na foirne cabhrú le chéile aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla churaclaim a bheadh i gceist. B'fhéidir go mbeidís in ann tús a chur le plé faoi ghnéithe áirithe den churaclam, cabhrú trí chomhairle a chur ar dhaoine faoi raon de mhodhanna nua teagaisc agus measúnaithe, agus cuidiú chun na hacmhainní teagaisc don ábhar a chomhordú
- fíorchabhair agus fíorthacaíocht a thabhairt don mhúinteoir, gan ualach mí-chuí oibre scríofa a chur ar an múinteoir aonair. I ndeireadh báire is é an toradh a bheidh ar athscrúdú na staire sa scoil ráiteas scríofa faoi pholasaí na scoile i leith na staire. Taifead úsáideach agus pointe tagartha a bheidh sa cháipéis seo don fhoireann. Ach ní ceart gurb í príomhaidhm na pleanála polasaí scríofa a chur ar fáil; is tábhachtaí ná aon tuairisc fhoirmeálta an próiseas ina nglacann daoine páirt agus a thugann treoir agus cuspóir atá soiléir d'obair na múinteoirí agus na scoile

- straitéis na scoile chun an clár nua a thabhairt isteach a bheartú. Is féidir go mbeidh gnéithe den churaclam staire i bhfeidhm cheana féin ach go mbeidh go leor réamhoibre le déanamh ag an bhfoireann agus ag daoine eile i gcás gnéithe eile de. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh an scoil sásta go raibh obair an-mhaith déanta ar ghnéithe den *Scéalaíocht* agus ar na haonaid a bhain leis an stair náisiúnta agus idirnáisiúnta ach go raibh easpa sna staidéir áitiúla sa mhéid nach raibh go leor deiseanna ag na páistí déantúsáin agus fianaise a láimhseáil. Ní fhéadfaí laige mar sin sa chlár a réiteach thar oíche ach ba cheart go gcabhródh an próiseas pleanála le sceideal ciallmhar chuige a shocrú, ag cur athruithe i réimsí na n-ábhar eile agus tosca na scoile san áireamh
- athbhreithniú agus meastóireacht le linn an fhorbartha agus ag deireadh tréimhse cinnte a chur san áireamh. I gcéimeanna luatha an chur i bhfeidhm chabhródh plé rialta a bheith ann chun feabhas a chur ar an dréachtpholasaí trí na gnéithe sin ar éirigh go maith leo, chomh maith leo sin a bhfuil tuilleadh forbartha nó tacaíochta de dhíth orthu, a aithint.

Go minic, déanfaidh scoileanna an obair fhorbartha sna hachair léinn ar leith a chéimniú chun a chinntiú go ndéanfar an t-ualach oibre a ghabhann le hathrú sa churaclam agus na costais a bhaineann le hacmhainní nua teagaisc agus foghlama a fháil a scaipeadh go cothrom. Nuair a bheidh an polasaí i leith staire i bhfeidhm ba cheart athbhreithniú a dhéanamh air go tráthrialta. Féadfar a mheas ansin cé chomh maith is atá ag éirí leis an gclár agus féadfar leasuithe a dhéanamh. Féadfaidh an próiseas seo cabhrú le fócas a dhíriú athuair ar an ábhar agus ar pholasaí na scoile ina leith

- cur le plean ginearálta na scoile a ndéanfaidh an bord bainisteoireachta athbhreithniú air. Taobh istigh de na hacmhainní a bheidh ar fáil dó, tabharfaidh an bord tacaíocht d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm phlean na scoile
- cumarsáid agus comhphlé le tuisimitheoirí agus leis an mbord bainisteoireachta, nuair is cuí sin, a chur san áireamh. I measc na modhanna is féidir a úsáid chun próiseas na cumarsáide a éascú tá cruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí, agus ciorcláin nó bileoga eolais. Molann an mhír seo a leanas bealaí eile inar féidir le tuismitheoirí tacaíocht a thabhairt do phleanáil agus do chur i bhfeidhm an churaclaim staire.

## Tacaíocht do chur i gcrích an churaclaim

Nuair atá an curaclam staire á phleanáil caithfear na háiseanna atá ann faoi láthair a aithint agus an chaoi is fearr le hiad a úsáid chun é a chur i bhfeidhm. Caithfear an tacaíocht bhreise atá ag teastáil freisin a fhiosrú. Tá roinnt straitéisí agus foinsí tacaíochta liostaithe thíos.

### *Tacaíocht thuismitheoirí agus ghaolta na bpáistí*

De bhrí go leagann an clár béim mhór ar mhuintir an pháiste agus ar an stair áitiúil, beidh comhoibriú na dtuismitheoirí an-tábhachtach má tá le héirí leis. Cothófar tacaíocht na dtuismitheoirí má chuirtear ar an eolas iad maidir le haidhmeanna na hoibre sa stair áitiúil atá á forbairt sa scoil agus maidir leis an ról atá aici in oideachas na ndaltaí. Ciallaíonn sin go dtuigfidh na tuismitheoirí cad tá ar siúl nuair a thagann na páistí abhaile agus ceisteanna acu mar 'Cén chaoi a raibh sé nuair a bhí tusa ar scoil, a Mhamaí?' agus 'Cén cineál oibre a dhéanadh Daideo?'



Bealach iontach lenar féidir leis na páistí teacht ar thuiscint don am atá thart mar chuid de shaol an phobail atá fíor agus ar féidir leo teagmháil leis is ea iarraidh ar a dtuismitheoirí nó a seanaithreacha agus seanmháithreacha nó ar ghaolta eile dá gcuid insint faoina saol féin. Is féidir go ndéanfaí saol na ndaoine fásta a shaibhriú chomh maith; uaireanta spreagann na ceisteanna spéis na ndaoine fásta i ngnéithe den timpeallacht agus ina stair féin.

Beidh go leor tuismitheoirí breá sásta rudaí a thabhairt ar iasacht a d'fhéadfadh cabhrú le gnéithe dá saol féin nó de shaol na bpáistí san am atá thart a léiriú. Féadfar na rudaí seo agus obair na bpáistí bunaithe orthu a chur ar taispeáint agus cuireadh a thabhairt do na tuismitheoirí teacht ag breathnú orthu. Féadfaidh ócáidí den chineál sin cabhrú le tuiscint na dtuismitheoirí ar an gcineál oibre atá i gceist a thuiscint agus tharlódh go dtiocfadh tairiscintí eile dá bharr.

D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do roinnt tuismitheoirí nó do roinnt seanaithreacha agus seanmháithreacha a bheadh sásta labhairt leis na páistí faoina gcuimhní cinn. Ní mór cuairteanna den chineál sin a ullmhú go cúramach lena chinntiú go mbaineann na páistí tairbhe iomlán astu agus go mbíonn a fhios ag na cuairteoirí, go háirithe más seandaoine iad, cé leis ba cheart dóibh a bheith ag súil. Bealach iontach atá sna cuairteanna seo lenar féidir leis na páistí teacht ar thuiscint don am atá thart mar chuid de shaol an phobail atá fíor agus ar féidir leo teagmháil leis.

D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag na tuismitheoirí freisin ag cabhrú le heolas faoi áiteanna agus faoi imeachtaí spéisiúla sa cheantar a aithint. Agus staidéir áitiúla á n-ullmhú agus á bpleanáil, d'fhéadfadh gur foinsí sárluachmhara eolais do na múinteoirí iad na tuismitheoirí nó a gcairde agus a lucht aitheantais a bhfuil cónaí orthu sa cheantar le tamall nó a bhfuil spéis faoi leith acu i stair an cheantair.

Tuigfidh múinteoirí go rímhaith gur rud íogair í stair theaghlaigh ar go leor cúiseanna éagsúla. B'fhéidir go mbeadh sé dian ar roinnt tuismitheoirí, páistí nó múinteoirí gnéithe dá saol féin a phlé, agus caithfidh an scoil a bheith cáiréiseach agus iad ag déileáil leis an gceist seo. Sa chuid is mó de na cásanna beidh na tuismitheoirí sásta comhoibriú leis an scoil má chuirtear ar an eolas iad roimh ré faoin gcineál oibre atá beartaithe agus má chuirtear ar a suaimhneas iad gurb é atá i gceist leis an staidéar ná a ngnáthshaol laethúil, a gcuid oibre agus a gcaitheamh aimsire san am atá thart. Cuirfear le muinín na dtuismitheoirí chomh maith má théitear i gcomhairle leo agus má bhíonn páirt acu sa phleanáil. Tharlódh, áfach, gur ar theaghlach nó ar dhuine atá ar aithne ag na páistí ba mhaith le roinnt scoileanna staidéar a dhéanamh in ionad an aonaid 'Mo mhuintir', mar shampla saol múinteora nó príomhoide nuair a bhí sé/sí ina p(h)áiste. I ngach cás, ba cheart go dtabharfadh polasaí na scoile treoir bheacht do na múinteoirí faoin mbealach ba cheart tabhairt faoin gcineál seo oibre.

### *An leabharlann áitiúil*

Tá bailiúcháin sármhaithe d'ábhar staire áitiúla in go leor de na leabharlanna contae, agus idir leabhair, ailt, ghrianghraif agus léarscáileanna ar fáil iontu. Tá ar chumas go leor leabharlannaithe rudaí a chóipeáil agus ábhar a chur ar fáil do scoileanna ar bhonn blociasachta. Tá tairbhe as cuimse ag baint leo, ní hamháin agus na haonaid oibre á dteagasc ach le linn don phlean scoile don stair bheith á ullmhú. Is inmholta an rud é aithne a chur ar an leabharlannaí agus riachtanais na scoile a phlé leis/léi tamall sách fada roimh ré.

Ba cheart féachaint chuige nach dtarlaíonn sé go dtagann slua páistí ón rang chuig an leabharlann áitiúil taobh istigh d'achar gairid agus iad ag fiafraí 'An bhfuil aon rud agat faoi Bhaile Baodáin?' Cuid thábhachtach den taighde staire leabharlann a úsáid ar bhealach feidhmiúil; scil í seo nach mór a fhoghlaim agus ba cheart í a chleachtadh i leabharlann na scoile ar dtús.

### *An iarsmalann nó lárionad oidhreachta áitiúil*

Le tamall de bhlianta anuas, tá fás mór tagtha ar líon na n-iarsmalann agus na lárionad oidhreachta áitiúil in go leor áiteanna ar fud na tíre. Díríonn go leor de na hionaid seo ar ghnéithe de stair shóisialta an cheantair, agus ar an gcaoi sin déanann siad comhlánú ar go leor de na haonaid oibre sa churaclam. Bíonn earraí a bhfuil tábhacht náisiúnta leo i roinnt de na músaeim áitiúla is mó, mar shampla déantúsáin ón gClochaois nó ón Iarnnaois, rudaí a bheadh cabhrach chun aonaid oibre bunaithe ar na tréimhsí sin a léiriú.

Is beag iarsmalann nó lárionad oidhreachta a mbeadh na hacmhainní acu a chuirfeadh ar a gcumas earraí a thabhairt ar iasacht do scoileanna. Ach d'fháilteodh an chuid is mó de na lárionaid roimh iarratais go labhródh baill den fhoireann le páistí agus le múinteoirí faoi ghnéithe den stair áitiúil, agus thabharfaidís comhairle shárluachmhar do mhúinteoirí i rith thréimhse phleanála an churaclaim staire.

### *Cumainn áitiúla*

Tá cumann áitiúil staire in go leor áiteanna ar fud na tíre. Is féidir baill na gcumann seo bheith ina bhfoinsí tábhachtacha i gcomhair stair an cheantair. Chomh maith leis sin, bíonn cuntais in irisí na gcumann (iad ar fáil sa leabharlann áitiúil de ghnáth) ar go leor gnéithe den stair áitiúil nach féidir teacht orthu go héasca in aon áit eile.

### *Rannóg phleanála an údaráis áitiúil*

Coinníonn rannóga pleanála na gcomhairlí contae agus na n-údarás áitiúla eile léarscáileanna cuimsitheacha mórscála dá gceantair. Tá siad seo úsáideach, go háirithe i gceantair bhruachbhailte a bhfuil fás tapa ag teacht futhu, áiteanna a bhfuil an ráta tógála chomh tapa sin iontu go mb'fhéidir go bhfuil na léarscáileanna atá foilsithe as dáta. B'fhéidir go mbeadh sé ar chumas roinnt de na rannóga pleanála fótachóipeanna dá léarscáileanna a chur ar fáil ar tháille.

### *Foilseacháin, leabhair leabharlainne, téacsleabhair, cláir ríomhaire*

I rith na pleanála, ba cheart do mhúinteoirí athbhreithniú a dhéanamh ar na leabhair thagartha, na leabhair scéalaíochta, na húrscéalta agus na cláir ríomhaireachta (dlúthdhíoscaí san áireamh) atá ar fáil sa scoil. B'áis úsáideach é do na múinteoirí agus iad ag cur an chláir i bhfeidhm dá gcoinneofaí cuntas ar na bealaí a bhféadfadh na nithe sin tacú le haonaid an phlean staire. Dá bharr sin, b'fhéidir go dtiocfadh bearnaí nó laigí in acmhainní staire na scoile chun suntais, agus d'fhéadfadh sé cabhrú le plean córasach ceannaíochta a chur le chéile i gcomhair leabharlann na scoile agus i gcomhair bhailiúchán acmhainní teagaisc na scoile.

San *Aguisín* tugtar liosta de roinnt foilseachán ar phointí maithe tosaithe iad i gcomhair taighde ar an stair áitiúil chomh maith le leabhair agus acmhainní eile atá ar fáil go coitianta i leabharlanna contae agus i leabharlanna eile.

Is fiú cairteacha (a rinne an múinteoir nó a ceannaíodh) agus grianghraif a úsáid i gceachtanna staire. B'fhéidir go mbeadh sé ar chumas an mhúinteora nó tuismitheora grianghraif a thógáil de rudaí ar díol spéise iad sa cheantar agus in áiteanna eile. Ach iad a bheith i bpócaí plaisteacha, d'fhéadfadh na grianghraif seo a bheith ina n-áiseanna buana fíorúsáideacha agus na páistí á n-ullmhú i gcomhair cuairteanna ar shuímh agus i rith na hiaroibre. D'fhéadfaí cabhrú le forbairt fheasacht an pháiste ar spásúlacht ach na grianghraif a cheangal le léarscáileanna den cheantar.

Amanna, b'fhéidir nach mbeadh múinteoirí ar an eolas faoi leabhair agus acmhainní eile atá ar fáil sa scoil. Chabhródh sé go mór le múinteoirí an curaclam a chur i bhfeidhm dá mbeadh innéacsú nó comhadú éigin déanta ar threalamh teagaisc na scoile - grianghraif, déantúsáin agus fianaise eile, stiallscannáin, físeáin srl. san áireamh. D'fhéadfaí gnéithe den obair seo a leagan mar chúram ar comhordaitheoir staire sa scoil.

Ach iad a roghnú go cúramach, d'fhéadfadh go bhfaighfí ábhar maith teagaisc i gcomhair na staire i dtéacsleabhair, go háirithe iontu siúd a bhfuil eagarthóireacht chúramach déanta orthu. Ba cheart go mbeadh polasaí na staire ag teacht le polasaí ginearálta na scoile maidir le roghnú, ceannach agus úsáid téacsleabhar. Ach ba cheart a shonrú nach féidir le téacsleabhair, ó nádúr, staidéar ar an stair áitiúil a chuimsiú go sásúil agus ar an ábhar sin ba cheart breathnú orthu mar áis amháin as measc iliomad áiseanna atá ar fáil le haghaidh mhúineadh na staire. D'fhéadfadh go gcuirfeadh sé teorainn le roghnú na snáthaonad mura mbeadh in úsáid ach aon téacsleabhar amháin sa rang. Dá mbeadh na hacmhainní ann le hiad a cheannach ba mhór an chabhair é dhá fhoireann téacsleabhar éagsúla nó níos mó a bheith ar fáil sa seomra ranga.

*Raidió, teilifís, agus físeáin*

D'fhéadfaí tacaíocht a fháil do roinnt de na haonaid sa churaclam i roinnt clár raidió agus teilifíse a chraoltar ar bhonn oideachais nó siamsa, go háirithe iad sin a bhfuil téamaí idirnáisiúnta iontu. Beidh roinnt de na cláir faoi ghnéithe de shaol na hÉireann úsáideach freisin. Ar an mórgóir, is fearr taifid de na cláir a úsáid; ar an gcaoi sin, is féidir leis na múinteoirí breathnú ar na cláir roimh ré agus na míreanna is feiliúnaí dá rang féin a roghnú nó eagarthóireacht a dhéanamh orthu.

*An Chartlann Náisiúnta*

*Ard-Mhúsaem na hÉireann*

*Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*

*Gailearaí Náisiúnta na hÉireann*

Tá an-chuid bailiúchán ag na hinstitiúidí seo a bhfuil tábhacht áitiúil agus náisiúnta ag baint leo agus cuireann an Músaem, an Leabharlann agus an Gailearaí taispeántais mhóra ar bun. Cuireann siad ar fad foilseacháin fhíormhaithe ar díol, cairteacha, pacáistí agus macasamhla.

*Eagraíochtaí náisiúnta*

Cuireann roinnt eagraíochtaí náisiúnta agus eagraíochtaí stáit raon maith foilseachán agus earraí ar fáil a bheadh úsáideach agus an stair á múineadh. Ar na heagraíochtaí sin tá:

Dúchas: an Rannóg Oidhreachta den Roinn Ealaíon, Gaeltachta agus Oileán

An Roinn Comhshaoil agus Rialtas Áitiúil

ENFO (Oifig Eolas Timpeallachta)

An Taisce

Bord Soláthar an Leictreachais

Na boird turasóireachta

*Lárionaid oideachais agus soláthróirí eile inseirbhíse*

Cuireann lárionaid áitiúla oideachais agus gníomhaireachtaí eile tacaíocht ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí ar mhaith leo cur lena n-eolas faoi cheantair áitiúla agus raon na straitéisí teagaisc agus measúnaithe atá acu a fhorbairt.

Tig le cúrsaí a chuireann le heolas múinteoirí ar an gceantar áitiúil deiseanna a chur ar fáil dóibh le haonaid fheiliúnacha oibre, ábhair thacaíochta, an fhianaise staire atá ar fáil, agus bealaí inar féidir iad sin a úsáid le páistí a aithint. D'fhéadfadh gur eispéireas taitneamhach agus tairbheach é comhoibriú le múinteoirí eile chun aonaid oibre a fhorbairt agus a thriail. Tá bailiúcháin speisialta ábhar ag roinnt lárionad chun staidéir áitiúla a mhúineadh.

Beidh gá ag go leor múinteoirí le comhairle phraiticiúil maidir leis an gcaoi ar féidir breathnóireacht a dhéanamh, tascanna a dhearadh, agus bailiúcháin oibre agus próifílí curaclaim a úsáid i measúnú na staire. B'fhiú do scoileanna a mbeadh an cineál sin traenála á bheartú acu smaoineamh ar chomhoibriú le scoileanna eile sa chomharsanacht. Bheadh a leithéid de chomhoibriú an-úsáideach agus chabhródh sé le múinteoirí a dtaithí teagaisc agus measúnaithe a roinnt ar a chéile. Féadfaidh modhnú an mheasúnaithe ag múinteoirí sa chaoi seo cur go mór lena iontaofacht agus leis an teagasc a shaibhriú ag an am céanna.


To the Memory of
JOHN DELMEGE
Year of his age
beloved wife
Michael
And also Here

Roinn 4

# Pleanáil sa rang don stair

# Pleanáil sa rang don stair

Sa roinn seo tugtar comhairle maidir le pleanáil obair an mhúinteora. Pléitear

- pleanáil fhadtréimhseach an mhúinteora
- pleanáil aonad oibre.

## Pleanáil an mhúinteora

Pléitear go leor de na pointí is tábhachtaí a gcaithfidh an múinteoir aird a thabhairt orthu agus é/í ag pleanáil i gcomhair an ranga agus ag roghnú ábhair in *Pleanáil an churaclaim* thuas.

De bhreis air sin, ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh:

### Riachtanais fhoghlama na bpáistí

Is iad eispéiris fhoghlama an ranga go dtí seo, mar aon leis an obair atá curtha i gcrích agus an dul chun cinn atá déanta ag gach dalta faoi leith, na pointí tosaithe agus pleanáil á déanamh d'fhoghlaim na staire amach anseo. Ba cheart leas a bhaint as na taifid a bheadh ar fáil sa scoil faoi na páistí agus faoin rang seo agus as comhairle an mhúinteora a bhí i mbun an ranga roimhe seo mar fhoinsí cabhrach. D'fhéadfaí torthaí measúnaithe eile, bídís foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, a chur leis sin.

### An curaclam staire

Is iad na míreanna ábhartha den ráiteas curaclaim mar aon leis na critéir roghnaithe agus pleanála ábhair a ghabhann leis na leathanaigh mar a dtugtar foramharc ar ábhar an churaclaim a bheidh mar bhonn le hobair an mhúinteora leis an rang.

Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an ngá a bheidh le cothromaíocht idir láimhseáil an ábhair agus forbairt na scileanna i rith na bliana nó i rith an téarma. Ba cheart go mbeadh dul chun cinn le feiceáil sna haonaid maidir le leibhéal na scileanna a úsáidtear agus maidir le doimhneacht na láimhseála.


### Cur chuige agus modhanna teagaisc

Le go n-éireodh leis an stair, caithfear raon leathan teicníochtaí teagaisc agus cur chuige a úsáid sa seomra ranga. Má aithnítear deiseanna le haghaidh éagsúlachta sa chur chuige agus má chuirtear san áireamh iad sa phleanáil fhadtréimhseach éascóidh sé a gcur i bhfeidhm i rith na bliana. Mar shampla, má aithnítear deiseanna le raon leathan fianaise a úsáid leis na páistí ar fud na n-aonad oibre go léir, cabhróidh sé le pleanáil na n-eispéireas teagaisc agus foghlama sin.

Déantar cur síos ar raon modhanna teagaisc atá feiliúnach do thopaicí stairiúla go háirithe i *Roinn 5* den cháipéis seo.

Ba cheart a shocrú freisin agus an fhoghlaim á pleanáil cé acu an úsáidfear cur chuige comhtháite bunaithe ar théamaí nó fócas níos ábharlárnaí agus ceangail thraschuraclaim i gceist leis. Tá go leor moltaí sa mhír thíos, *Foghlaim chomhtháite*, maidir le comhtháthú a láimhseáil.

### Timthriall foghlama




## Measúnú

Beidh an chaoi a ndéanfar dul chun cinn na ndaltaí a mheasúnú agus a ndéanfar a gcuid oibre a thaifeadadh nasctha go dlúth leis na modhanna teagaisc a úsáidfear. Mar sin, beidh tábhacht dá réir léi sa timthriall pleanála, teagaisc, foghlama, measúnaithe agus athbhreithnithe. Agus an múinteoir ag pleanáil obair an ranga déanfaidh sé/sí na bealaí inar féidir le gníomhaíochtaí agus le modhanna éagsúla cur leis an bhfoghlaim agus fianaise a chur ar fáil i gcomhair an mheasúnaithe a mheá. Mar shampla, cuirfidh breathnóireacht leanúnach an mhúinteora deiseanna ar fáil leis an gcaoi a bhfuil na páistí ag foghlaim a mheas agus, dá bharr sin, d'fhéadfadh go ndéanfaí athruithe ar an gcur chuige i gceachtanna staire amach anseo. D'fhéadfaí samplaí d'obair na bpáistí a bhailiú ina gcuid bailúchán—líníochtaí, obair scríofa, obair ó bhéal, clostéipeanna nó fístéipeanna, dioscaí ríomhaire, mionsamhlacha nó eile.

## Freastal ar riachtanais an pháiste aonair

Is féidir leas a bhaint as roinnt teicníochtaí chun raon gníomhaíochtaí foghlama a chur ar fáil a bheadh feiliúnach chun freastal ar riachtanais fhoghlama an pháiste aonair. B'fhiú iad seo a leanas a chur san áireamh:

- meascán de theagasc ranga agus d'obair dírithe ar ghrúpaí a úsáid. Tar éis ceacht ranga d'fhéadfaí tascanna ar leibhéil éagsúla castachta a thabhairt do ghrúpaí difriúla páistí
- topaicí a phleanáil sa chaoi is go gcuirtear deiseanna breise le haghaidh imscrúdaithe ar fáil dóibh siúd atá níos ábalta agus dóibh siúd nach bhfuil chomh hábalta céanna
- píosaí fianaise atá níos insroichte nó níos deacra ná a chéile a roghnú. Mar shampla, b'fhéidir gur fusa déileáil le déantúsáin agus le fianaise phictiúrtha ná le fianaise scríofa
- raon ceisteanna a úsáid agus raon tascanna a chur ar fáil. Ba chóir go n-éileodh ceisteanna an mhúinteora le linn díospóireachta ranga go gcuirfí raon scileanna ag obair, ó rudaí a thabhairt chun cuimhne go dtí scileanna níos casta comparáide agus anailíse. Ar an gcaoi sin beidh ar chumas an uile pháiste ceisteanna a fhreagairt is beidh dúshlán á chur faoi na páistí is ábalta
- raon leathan scileanna cumarsáide a chur san áireamh sa phleanáil. Beidh go leor daltaí a mbeidh tuiscint fhorbartha staire bainte acu ach nach mbeidh in ann sin a chur in iúl i scríbhinn. Ba cheart deiseanna a chur ar fáil do na páistí a gcuid tátal staire a thaifeadadh agus a chur i láthair ó bhéal, i ndíospóireachtaí, trí líníochtaí, trí ról-aithris, trí mhionsamhlacha a dhéanamh, trí leas a bhaint as ríomhaire, srl.
- teacht i gcabhair ar dhaltaí aonair agus ar ghrúpaí tríd an teagasc atá de dhíth orthu a thabhairt dóibh fad a bhíonn gníomhaíochtaí foghlama ar siúl.

## Am

Agus pleanáil fhadtréimhseach á déanamh, ní mór machnamh a chaitheamh leis an méid ama a thabharfar do gach aonad agus leis an méid a d'fhéadfaí aonaid a chomhtháthú nó a láimhseáil ag an am céanna. Sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha, d'fhéadfaí aonad oibre a chríochnú thar thréimhse dhá nó trí seachtaine. Ach b'fhéidir go mbeadh a ceathair nó a cúig de sheachtainí ag teastáil chun gach ceann de na mionstaidéir a chríochnú (ceann amháin bunaithe ar staidéar áitiúil agus ceann eile bunaithe ar chomhthéacs náisiúnta nó idirnáisiúnta).

## Tosca séasúracha

D'fhéadfadh an aimsir cur isteach ar obair ina mbeadh cuairteanna sa timpeallacht i gceist. Ba cheart smaoineamh ar roinnt topaicí a bhunú ar fhéilte áitiúla, ar ócáidí comórtha, agus ar ócáidí móra eile. D'fhéadfadh suímh sa timpeallacht a mbeadh imscrúdú le déanamh orthu bheith níos ciúine, níos sábháilte nó gan a bheith chomh plódaithe ag tráthanna áirithe sa bhliain seachas a chéile. Ba cheart na tosca sin go léir a chur san áireamh nuair a bhíonn scéim oibre á pleanáil.

## Fáil ar acmhainní agus ar thacaíocht

Is cabhair é a bhunú cé na hacmhainní agus an tacaíocht a d'fhéadfadh a bheith ar fáil agus an uair a bheidh siad in úsáid ag múinteoirí agus ag ranganna eile: mar shampla, b'fhéidir go mbeadh ranganna éagsúla ag brath ar leabhair áirithe a fháil ar iasacht ón leabharlann ag amanna áirithe, nó go mbeadh tuismitheoirí a bheadh sásta cabhrú le cuairteanna ag teastáil ó mhúinteoirí eile uaireanta, agus d'fhéadfadh nach mbeadh an mhonarcha nó an fheirm ábalta déileáil le cuairteanna ag tráthanna áirithe sa bhliain.

# Pleanáil aonad oibre

## Pleanáil gníomhaíochtaí foghlama

Le go n-éireoidh leis an gclár staire caithfidh an múinteoir pleanáil chórasach a dhéanamh maidir le sealbhú eolais, forbairt scileanna agus dearcaidh agus úsáid measúnaithe cuí taobh istigh de na haonaid oibre.

Agus aonaid oibre á bpleanáil aige/aici dá rang, ní mór don mhúinteoir

- bheith eolach ar dhul chun cinn na bpáistí sa rang chomh fada is a bhaineann lena dtuiscint ar thopaicí staire agus lena gcumas scileanna staire a chur i bhfeidhm agus bheith eolach chomh maith ar aon riachtanais speisialta a tharlódh a bheith ag daltaí áirithe
- roghnú as measc na dtopaicí agus na moltaí atá liostaithe sa churaclam agus i bplean staire na scoile agus, chomh maith leis sin, an leibhéal scileanna a ndéantar cur síos air sa mhír *Ag obair mar staraí* a chur san áireamh. I snáthaonaid an churaclaim déantar cur síos ar an ábhar ba chóir a bheith ar an gclár agus moltar, go háirithe sna heiseamláirí, conas na cuspóirí agus an fhorbairt scileanna a bhaint amach
- mionsonraí an ábhair atá le múineadh san aonad oibre a shoiléiriú agus a bheachtú, ag cur san áireamh riachtanais agus cumas na ndaltaí, na timpeallachtaí áitiúla agus na scileanna ba cheart a fhorbairt sa topaic áirithe. Agus an múinteoir ag pleanáil a c(h)uid oibre tá sé riachtanach tuiscint bheacht a bheith aige/aici ar an toradh a bhfuil sé/sí ag súil leis. Is í an réamhthuiscint seo a bheidh mar bhonn aige/aici freisin agus measúnú á dhéanamh ar an gcaoi ar éirigh leis na páistí san fhoghlaim
- na modhanna teagaisc a d'fhéadfaí a úsáid a mheas. Má úsáidtear raon maith modhanna cabhróidh sé go mór le heolas agus scileanna a fhorbairt céim ar chéim lena chéile agus cabhróidh sé freisin lena chinntiú go nglacann gach páiste lánpháirt sna ceachtanna. Rianaítear úsáid na modhanna sin agus an chaoi ar féidir leo cur leis an bhfoghlaim agus leis an measúnú i *roinn 5, Cur chuige agus modhanna teagaisc*
- na modhanna measúnaithe ar féidir iad a úsáid a aithint chomh maith leis na bealaí inar féidir leis na gníomhaíochtaí foghlama fianaise a chur ar fáil faoi dhul chun cinn na bpáistí chomh fada is a bhaineann le cuspóirí an aonaid a bhaint amach. Pléitear na bealaí inar féidir na príomhtheicníochtaí measúnaithe a mholtar sa churaclam staire a úsáid mar chuid den teagasc is den fhoghlaim sa mhír *Ag breathnú ar obair na bpáistí.* Cuirfidh torthaí an mheasúnaithe eolas luachmhar ar fáil a chabhróidh le tuilleadh gníomhaíochtaí agus obair staire amach anseo a phleanáil

- coinníollacha daltaí le riachtanais speisialta a chur san áireamh. Ba cheart na gnéithe den topaic ar féidir leis na daltaí ar fad iad a chríochnú a aithint, chomh maith le hobair agus modhanna teagaisc a bheadh feiliúnach dóibh siúd ar bheagán nó ar mhórán cumais. Ba cheart na buntáistí a bhaineann le hobair grúpa agus le modhanna eile a chur san áireamh, mar aon leis an tacaíocht a chaithfí a thabhairt b'fhéidir do pháistí aonair nuair a bheidís ag gabháil do ghníomhaíochtaí áirithe foghlama
- cur i láthair na hoibre agus na tátal a phleanáil. Cuid riachtanach den stair é cur in iúl tátail na bpáistí. Ba cheart smaoineamh ar bhealaí ar féidir obair a chur i láthair daltaí eile sa scoil agus i láthair tuismitheoirí agus cairde, go háirithe iad siúd a chabhraigh leis na tionscadail. Níor mhiste smaoineamh ar 'lá staire' nó ar thaispeántas.

## Roinnt eiseamláirí de phleanáil

Taispeánann na heiseamláirí anseo thíos mar a rinneadh anailís ar roinnt snáthaonad as an gcuraclam chun plean cuimsitheach teagaisc, foghlama agus measúnaithe a chur ar fáil.

Taispeántar i ngach eiseamláir

- an snáithaonad sa churaclam atá i gceist agus na scileanna i gcomhair an leibhéal ranga a rianaítear in *Ag obair mar staraí*
- forbairt an aonaid ag an múinteoir
- na modhanna teagaisc a roghnaítear
- na teicníochtaí measúnaithe a úsáidtear

Sna haonaid shamplacha cuimsítear

- aonad i gcomhair ranganna naíonán bunaithe ar scéal Maria de Sautuola, cailín í a d'aimsigh péinteálacha pluaise de chuid na Clochaoise in Altamira sa bhliain 1879 le linn di a bheith ag taiscéaladh sna pluaiseanna sa Spáinn in éineacht lena hathair. Leagtar béim ar ord ama sa scéal ach tig leis an scéal cur go mór le feasacht na bpáistí ar thráth a bhí difriúil lena ré féin
- aonad i gcomhair ranganna 1 agus 2 bunaithe ar staidéar ar shaol seanaithreacha nó seanmháithreacha na bpáistí. Taispeánann an t-aonad seo mar is féidir cur go mór le heolas páistí faoin am atá thart agus cur lena scileanna staire trí úsáid a bhaint as fianaise ar féidir teacht uirthi go héasca, go háirithe cuimhní cinn daoine muinteartha agus seandaoine sa cheantar

- aonad i gcomhair ranganna 3 agus 4 bunaithe ar staidéar ar shéipéal paróiste. Is minic a bhíonn séipéil agus foirgnimh reiligiúnda eile i measc na bhfoirgneamh is mó agus is sine i gceantar agus tig leo a bheith mar bhunús rímhaith le staidéir áitiúla. Tógadh nó atógadh cuid mhaith de na heaglaisí Protastúnacha in Éirinn sa chéad leath den naoú haois déag agus tógadh an-chuid de na heaglaisí is de na hardeaglaisí Caitliceacha i lár agus i ndeireadh an chéid sin. Foinse shaibhir eile i gcomhair na staire áitiúla na foirgnimh scoile, na reiligí agus na leaca cuimhneacháin a bhíonn taobh leis na heaglaisí.

  Is féidir le heaglaisí agus le foirngimh eile de chuid an pharóiste samplaí rímhaithe d'athrú agus de leanúnachas a chur ar fáil: mar shampla, mar thoradh ar athruithe ar an liotúirge Caitliceach a tháinig isteach i ndiaidh Dara Comhairle na Vatacáine, b'fhéidir gur tógadh séipéal nua nó go ndearnadh athruithe bunúsacha ar an seanséipéal; ina choinne sin, d'fhéadfadh na sloinnte ar na leaca uaighe a bheith coitianta sa cheantar fós. Tá an eiseamláir anseo thíos bunaithe ar shéipéal pharóiste an Teampaill Ghil i Ráth Fearnáin, Contae Bhaile Átha Cliath. Go dtí na seachtóidí ba cheantar tuaithe é seo den chuid ba mhó. Taispeánann an eiseamláir cuid de na gníomhaíochtaí a bhféadfaí tabhairt fúthu ina leithéid seo de staidéar

- aonad i gcomhair ranganna 5 agus 6 bunaithe ar 'An saol in Éirinn le linn na Normannach'. Cumadh an t-aonad seo mar léiriú ar mhodh an phaiste agus baineadh úsáid as an úrscéal staire le Morgan Llywelyn, *Strongbow and Aoife* (O'Brien Press, 1994). Cuimsítear gnéithe áitiúla, náisiúnta, agus idirnáisiúnta den topaic ar an gcaoi a bhféadfaí sin a dhéanamh i scoil in aice le Baile Mhic Andáin i gContae Chill Chainnigh. Staidéar é seo ina léiríonn fianaise áitiúil gnéithe den stair náisiúnta agus idirnáisiúnta; nasc fíormhaith é idir staidéar áitiúil agus staidéar náisiúnta nó idirnáisiúnta agus cabhraíonn sé chun an stair áitiúil a chur i gcomhthéacs níos leithne.

# Eiseamláir 1

## Aonad oibre bunaithe ar an gcailín a d'aimsigh pluais Altamira

ranganna naíonán go rang 2

## Giota den churaclam

### Scéalaíocht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht le roinnt scéalta as saol daoine a chuir leis an saol áitiúil nó leis an saol náisiúnta agus le saol daoine i dtíortha eile ar bhealaí éagsúla agus na scéalta sin a phlé, a athinsint agus clárú a dhéanamh orthu ag úsáid pictiúr nó gníomhaíochtaí simplí scríbhneoireachta eile
- eolas a chur ar shaol ban, fear agus páistí ó chúlraí éagsúla sóisialta, cultúrtha, eitneacha, agus reiligiúnacha, saol 'gnáthdhaoine' san áireamh, chomh maith le saol daoine níos cáiliúla
- éisteacht le daoine de chuid na háite ag insint scéalta faoin saol a chaith siad
- cróineolaíocht imeachtaí i scéal a phlé (an tús, an lár, an deireadh)
- scéalta a léiriú nó a chlárú trí mheán ealaíne, dráma, míme, nó gluaiseachta
- pictiúir a thaispeáint i líne scéalaíochta agus na himeachtaí á léiriú in ord seichimh

### Ag obair mar staraí

De thoradh snáthaonaid an churaclaim staire a chríochnú ba cheart go mbeadh sé ar chumas an pháiste

*Am agus cróineolaíocht*

- a bheith feasach ar sheicheamh imeachtaí i scéalta simplí faoin am atá thart agus é a phlé

## Forbairt an aonaid

### Ábhar an staidéar

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste foghlaim faoi

- mar a tháinig María, iníon Marcelino de Sautuola, ar cuairt chuig an bpluais sa Spáinn agus an chaoi ar aimsigh sí na pictiúir sheilge de chuid na Clochaoise a péinteáladh ar bhallaí na pluaise
- faoi na rudaí a insíonn na pictiúir dúinn faoin gcaoi a bhfuair muintir na Clochaoise a gcuid bia
- faoi bhealach amháin ina bhfoghlaimímid faoi dhaoine a mhair fadó.

### Forbairt scileanna agus coincheap

Ba chóir go gcuirfí ar chumas na bpáistí

*Am agus cróineolaíocht*

- príomhimeachtaí an scéil a aithint, a phlé agus a athinsint (an t-athair agus an iníon ag dul isteach sa phluais, ag cuardach thart, Maria ag aimsiú na bpictiúr, ag glaoch amach, a ndearna a hathair, ag insint do dhaoine eile)

## Modhanna teagaisc agus measúnú

### Modhanna teagaisc

I measc na modhanna teagaisc a d'fhéadfaí a úsáid tá

- ceacht ar scéal faoi aimsiú na bpéinteálacha pluaise
- úsáid fianaise grianghrafaí
- ról-aithris agus athchruthú: aimsiú na bpéinteálacha pluaise
- comhtháthú le hábhair eile i roinnt réimsí

    *Na hamharcealaíona: pictiúr balla a dhéanamh de na radhairc sheilge*
    *Drámaíocht: rólghlacadh*
    *Corpoideachas: damhsa na sealgairí a chruthú*
    *Teanga: plé, cur i láthair smaointe ó bhéal agus i bhfoirm pictiúr agus scríofa.*

### Measúnú

I measc na dteicníochtaí a d'fhéadfaí a úsáid tá

- breathnóireacht an mhúinteora

    *torthaí plé idir dalta agus dalta agus idir dalta agus múinteoir*

- tascanna a dhearann an múinteoir

    *na páistí ag athinsint imeachtaí an scéil*
    *fríos de na péinteálacha pluaise*

- seicheamh imeachtaí ina stair féin nó i stair a m(h)uintire agus i scéalta a chlárú, ag baint úsáide as línte ama simplí
  *roinnt grianghraf nó nithe pearsanta eile a chur in ord cróineolaíoch*

*Fianaise a úsáid*

- déileáil le fianaise shimplí staire
  *grianghraif de chuid an tí, na héadaí a chaith sé/sí nuair a bhí sé/sí níos óige, foirgnimh*

*Cur in iúl*

- eolas ar scéalta ón am atá thart a chur in iúl ar bhealaí éagsúla
  *éisteacht le scéalta agus iad a athinsint, drámaíocht, obair ealaíne.*

- dul i ngleic leis an smaoineamh gur mhair daoine fadó ar bhealach a bhí an-éagsúil leis an saol againne

*Fianaise a úsáid*

- pictiúir de líníochtaí na pluaise a scrúdú
- ainmhithe, sealgairí, gathanna a aithint

*Cur in iúl*

- scéal an aimsithe a athinsint os ard
- pictiúir a tharraingt de na hainmhithe, de na sealgairí, agus de na hairm
- cuardach na pluaise agus aimsiú na bpictiúr a chur in iúl trí rólghlacadh.

- measúnú bailiúchán d'obair na bpáistí
  *samplaí de thaifeadtaí agus de chur in iúl atá críochnaithe ag na daltaí san obair ar an bpictiúr balla, mar aon le grianghraif den damhsa nó nótaí faoi a bhailiú agus a chur leis an mbailiúchán*
- próifíl churaclaim
  *breathnóireacht an mhúinteora agus an bailiúchán a úsáid le próifíl páiste a líonadh ag deireadh an téarma, na bliana, nó tréimhse eile.*



Na péinteálacha pluaise de chuid na Clochaoise ar tháinig María de Sautuola orthu in Altamira, in aice le Santander sa Spáinn sa bhliain 1879. Ceaptar gur idir c. 15,000 agus 11,000 R.Ch. a rinneadh na péinteálacha.

*Tá eolas cúlra tábhachtach faoin eiseamláir seo ar lch 46-47 de na treoirlínte. Is mar léiriú amháin atá an eisleamáir seo ann.*

# Eiseamláir 2

## Aonad oibre bunaithe ar shaol seanaithreacha nó seanmháithreacha na bpáistí

ranganna 1 agus 2

## Giota den churaclam

### Nuair a bhí mo sheanaithreacha nó seanmháithreacha óg

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- gnéithe de shaol daoine a bhí beo nuair a bhí a s(h)eanaithreacha nó seanmháithreacha óg a iniúchadh agus a thaifeadadh

  *an áit a raibh cónaí ar na seanaithreacha nó seanmháithreacha, a dtithe cónaithe, an obair a rinne siad, a gcuid éadaí agus a gcuid bia, an chaoi a ndeachaigh siad ó áit go háit, a gcluichí, a gcaitheamh aimsire, a mbréagáin, a gcuid amhrán agus a gcuid damhsaí*
- éisteacht le daoine fásta ag cur síos ar a saol féin san am atá thart
- fianaise shimplí ar scoil nó i músaem áitiúil a bhailiú nó a scrúdú

  *uirlisí agus trealamh tí, roinnt uirlisí feirme*<br>
  *boscaí nó pacáistí*<br>
  *nuachtáin nó irisí*<br>
  *bréagáin nó cluichí*<br>
  *litreacha nó cártaí poist*
- saol daoine fadó a chur i gcomparáid le saol daoine sa lá atá inniu ann, ag déanamh nóta de na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí
- amhráin agus damhsaí a fhoghlaim, nó cluichí a bhí ann fadó a imirt
- ábhar a chlárú ar líne ama chuí.

### Ag obair mar staraí

De thoradh snáthaonaid an churaclaim staire a chríochnú ba cheart go mbeadh sé ar chumas an pháiste

*Am agus cróineoleaíocht*

- tosú ar an difir idir an t-am atá thart, an t-am i láthair agus an t-am atá le teacht a aithint
- tosú ag forbairt tuisceana ar an gcróineolaíocht trí sheichimh shimplí a iniúchadh agus a thaifeadadh agus trí earraí agus pictiúir a chur in ord stairiúil

## Forbairt an aonaid

### Ábhar an staidéir

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste foghlaim faoi:

- shaol a s(h)eanaithreacha nó seanmháithreacha nuair a bhí siad óg
- áit a raibh cónaí ar a s(h)eanaithreacha nó seanmháithreacha
- an chuma a bhí ar thithe a s(h)eanaithreacha nó seanmháithreacha
- na bréagáin a bhí acu (bábóga, rópa scipeála, fonsa agus bata, caiseal, cluichí cláir, rothar)
- na cluichí a d'imrídís (leaisteanna, ag déanamh spraoi siopa, cluichí tóraíochta agus rannchluichí, spóirt mar pheil agus iománaíocht)
- shaol na scoile (seomraí ranga, daltaí, múinteoirí, leabhair, ag spraoi sa chlós)
- conas mar a théadh daoine ó áit go háit (ag siúl ar scoil, rothair, capaill agus cairteacha, roinnt carranna, busanna, seirbhís áitiúil traenach nach bhfuil ag feidhmiú anois)
- an chuma a bhíodh ar na siopaí (siopaí traidisiúnta seachas ollmhargaí)
- chuid den obair a dhéantaí sa bhaile (déanamh ime, bácáil aráin, obair fheirme mar bhleán na mbó, shábháil an fhéir).

### Forbairt scileanna agus coincheap

Ba chóir go gcuirfí ar chumas na bpáistí

*Am agus cróineolaíocht*

- a thuiscint go raibh a dtuismitheoirí agus a seanaithreacha nó seanmháithreacha beo sular rugadh iad féin
- seicheamh i saol a seanaithreacha nó seanmháithreacha a iniúchadh a phlé, agus teacht ar thuiscint air (go raibh siad beag tráth, go ndeachaigh siad ar scoil, gur fhás siad suas is gur thosaigh siad ag obair srl.) agus úsáid á baint acu as téarmaí mar 'roimhe', 'ina dhiaidh', 'ansin', 'níos déanaí'

## Modhanna teagaisc agus measúnú

### Modhanna teagaisc

I measc na modhanna is féidir a úsáid tá

- úsáid fianaise béil trí agallaimh a chur ar na seanaithreacha nó seanmháithreacha
- ceacht scéalaíochta faoi lá ar scoil
- úsáid fianaise grianghrafaí
- an timpeallacht a iniúchadh, cuairt ar sheanscoil nó ar sheanstáisiún traenach
- ag úsáid déantúsán mar na bréagáin a d'úsáid na seanaithreacha nó seanmháithreacha, an trealamh a d'úsáidtí le him a dhéanamh
- ról-aithris agus athchruthú: an chuigeann, bácáil aráin
- comhtháthú le hábhair eile i roinnt réimsí

  *OSPS: mise agus mo mhuintir*<br>
  *Tíreolaíocht: obair le léarscáileanna, tithe sa cheantar*<br>
  *Teanga: plé, smaointe á gcur i láthair ó bhéal agus i bhfoirm scríofa*

### Measúnú

I measc na dteicníochtaí a d'fhéadfaí a úsáid tá

- breathnóireacht an mhúinteora

  *torthaí plé idir dalta agus dalta agus idir dalta agus múinteoir*
- tascanna a dhearann an múinteoir

  *na daltaí ag cur síos ar imeachtaí i saol na seanaithreacha nó seanmháithreacha*<br>
  *cártaí oibre a leagadh amach mar chabhair do na páistí chun fianaise a scrúdú*

*Athrú agus leanúnachas*

- samplaí d'athrú agus de leanúnachas a iniúchadh, go háirithe sa saol pearsanta agus i stair an teaghlaigh agus na háite
  *gnéithe i dteach, i measc mhuintir agus i ngarthimpeallacht an pháiste a d'athraigh nó a d'fhan mar a bhí*

*Cúis agus iarmhairt*

- na cúiseanna ar tharla imeachtaí áirithe agus roinnt de na torthaí a bhí orthu a phlé
  *gníomhartha pearsan i scéal*

*Fianaise a úsáid*

- raon d'fhianaise shimplí stairiúil a fhiosrú
  *grianghraif, earraí, cuimhní daoine níos sine, foirgnimh, scéalta agus amhráin*
- tosú ar idirdhealú a dhéanamh idir cuntais fhicseanacha i scéalta, miotais agus finscéalta agus cuntais daoine agus imeachtaí réadúla san am atá thart

*Sintéisiú agus cur in iúl*

- eolas ar scéalta, ar dhaoine agus ar imeachtaí ón am atá thart a chur in iúl ar bhealaí éagsúla
  *scríbhneoireacht, drámaíocht, meáin agus teicneolaíochtaí eile*

*Ionbhá*

- mothúcháin pearsan i scéalta ón am atá thart a shamhlú agus a phlé.

*Athrú agus leanúnachas*

- labhairt faoi na hathruithe a tharla i saol a seanaithreacha nó seanmháithreacha (fás, scoil, iad ina n-ógfhir nó ógmhná, obair, srl.)
- gnéithe de shaol a seanaithreacha nó seanmháithreacha a aithint a bhí difriúil ó shaol na bpáistí sa lá atá inniu ann (leictreachas agus áiseanna nua-aimseartha sa teach, teilifís chomh maith le raidió, úsáid carranna, an tseirbhís traenach ar ceal, athruithe sa scoil agus i gcúrsaí siopadóireachta)
- gnéithe a d'fhan mar a bhí a aithint (páistí fós ag imirt sa pháirc in aice na scoile, ag dul ag iascaireacht sa sruthán fós, seanfhoirgneamh scoile nó stáisiún traenach fós ann)

*Cúis agus iarmhairt*

- plé a dhéanamh ar an gcúis nach raibh meaisíní níocháin agus gléasanna eile ag daoine
- plé a dhéanamh ar an bhfáth nár thaitin scoil le seanathair nó le seanmháthair

*Fianaise a úsáid*

- grianghraif dá seanaithreacha nó seanmháithreacha nuair a bhí siad óg a scrúdú agus an chaoi a bhfuil siadsan tar éis athrú a thabhairt faoi deara (cuma fhisiceach, éadaí, srl.) agus, más féidir, gnéithe sna grianghraif atá le feiceáil inniu a aithint (bréagán, seomra, teach, scoil, nó foirgneamh eile sa chúlra)
- éisteacht le seanaithreacha nó seanmháithreacha ag caint
- cuairt a thabhairt ar sheanstáisiún traenach agus sheanteach scoile

*Sintéisiú agus cur in iúl*

- insint faoi ghné de shaol an tseanathar nó na seanmháthar
- líne ama a chur le chéile (líne thríthoiseach san áireamh ar a mbeadh déantúsáin, grianghraif agus líníochtaí) de na himeachtaí i saol na seanaithreacha nó seanmháithreacha agus roinnt eachtraí i saol na dtuismitheoirí agus na bpáistí féin a chur san áireamh
- craobhacha ginealaigh a chur le chéile
- ról-aithris (ag cabhrú chun an chuigeann a dhéanamh)

*Ionbhá*

- an chaoi ar mhothaigh na seanaithreacha nó seanmháithreacha faoina gcuid oibre agus faoina laethanta scoile a phlé.

- measúnú an bhailiúcháin
  *samplaí de thaifeadadh, de shintéisiú agus de chur in iúl atá déanta ag na daltaí i línte ama, craobhacha ginealaigh, agallaimh ar théip, agus cuntais shimplí scríofa de bheathaisnéis na seanaithreacha nó seanmháithreacha a bhailiú a chur leis an mbailiúchán*
- próifíl churaclaim
  *breathnóireacht an mhúinteora agus an bailiúchán oibre a úsáid leis an bpróifíl dalta a líonadh ag deireadh an téarma, na bliana, nó tréimhse eile.*

*Tá eolas cúlra tábhachtach faoin eiseamláir seo ar lch 46-47 de na treoirlínte. Is mar léiriú amháin atá an eisleamáir seo ann.*

# Eiseamláir 3

## Aonad bunaithe ar staidéar ar shéipéal paróiste áitiúil: an Teampall Geal, Contae Bhaile Átha Cliath

ranganna 3 agus 4

### Giota den churaclam

#### Foirgnimh, láithreáin nó fothraigh i mo cheantar féin

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- gnéithe den timpeallacht áitiúil a iniúchadh go gníomhach
  - *eaglais nó séipéal áitiúil srl.*
- gnéithe éagsúla de na láithreáin sin a imscrúdú
  - *bunú agus suíomh*
  - *a gcruth anois agus roimhe seo*
  - *an fáth ar tógadh iad*
  - *gnéithe atá tar éis athrú*
  - *gnéithe nár athraigh*
  - *cén chaoi ar airigh na daoine a bhí ina gcónaí, ag obair, ag adhradh Dé nó ag fáil bháis san áit sin*
  - *scéalta daoine a bhí ina gcónaí, ag obair, ag adhradh Dé nó a fuair bás san áit sin*
- torthaí fionnachtana a chur i láthair, ag baint leasa as meáin éagsúla agus línte ama cuí

#### Ag obair mar staraí

De thoradh snáthaonaid an churaclaim staire a chríochnú ba cheart go mbeadh sé ar chumas an pháiste

*Am agus cróineolaíocht*

- an t-am atá thart, an t-am i láthair agus an t-am atá le teacht a idirdhealú
- tuiscint a fhorbairt ar am agus ar chróineolaíocht trí aoiseanna coibhneasta daoine, earraí agus imeachtaí a chur i gcomparáid
- eolas faoi dhaoine agus faoi imeachtaí san am atá thart a chlárú trí úsáid a bhaint as línte simplí ama

### Forbairt an aonaid

#### Ábhar an staidéir

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste foghlaim faoi

- ainmneacha na mbunaitheoirí (tiarna talún áitiúil, J. D. La Touche, agus an tUrramach L. Foot), cathain a mhair siad agus cén áit ar chónaigh siad
- cén fáth ar tháinig an oiread sin daoine chun cónaithe sa Teampall Geal ag an am sin (muilte sa cheantar) agus an gá a bhí le heaglais dá bharr sin in 1823-24
- na seanséipéil agus na seaneaglaisí a bhí in úsáid roimh an eaglais nua
- na hainmneacha a thug muintir na linne sin ar an seaneaglais, a bhí ina fothrach (an Seanteampall Geal) agus ar an bhfoirgneamh nua (an Teampall Geal Nua)
- cé a dhear agus cé a thóg an eaglais (Semple), foirgnimh eile a dhear an t-ailtire seo (mar shampla Séipéal Cúnta Mhuire, nó an 'Teampall Dubh', mar is fearr aithne air, gar do Chearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath)
- an dearadh, na príomhghnéithe agus na hábhair tógála a úsáideadh (áirsí sa stíl ghotach, leagan amach chorp na heaglaise, an póirse, an cloigtheach agus an spuaic, an troscán taobh istigh)
- cén uair a osclaíodh an foirgneamh
- na hathruithe a cuireadh i gcrích i dtrí nó ceithre thréimhse chodarsnacha a chur i gcomparáid le chéile (tógáil, córlann agus sanctóir níos mó á gcur leis, athruithe le linn athchóirithe sna 1960í, orgán nua sna 1990í) agus na cúiseanna leis na hathruithe seo a phlé
- roinnt sonraí beathaisnéiseacha faoi roinnt de na daoine a raibh baint acu leis an eaglais (La Touche, Annie M P Smithson, údar a cuireadh i reilig na heaglaise).

#### Forbairt scileanna agus coincheap

Ba chóir go gcuirfí ar chumas na bpáistí

*Am agus cróineolaíocht*

- cur síos a dhéanamh ar imeachtaí de réir mar a bhí siad roimh/i ndiaidh, níos déanaí/níos luaithe
- imeachtaí agus daoine a shuíomh ar líne ama idir 1800 agus an lá atá inniu ann
- dátaí mar 1824, 1870, 1969, a úsáid
- na tréimhsí atá i gceist sa staidéar a chur i gcomparáid le chéile i dtéarmaí mar 'nuair a bhí mo thuismitheoirí ina bpáistí', 'nuair a bhí mo sheanaithreacha nó seanmháithreacha óg', 'sula rugadh mo sheanaithreacha nó seanmháithreacha'

### Modhanna teagaisc agus measúnú

#### Modhanna teagaisc

I measc na modhanna is féidir a úsáid tá

- ceachtanna bunaithe ar scéalta faoi bhunaitheoirí na heaglaise agus faoi dhaoine a raibh baint acu léi
- úsáid fianaise grianghrafaí agus líníochtaí leis an eaglais mar a bhí agus an eaglais mar atá anois a chur i gcomparáid
- úsáid fianaise fhaisnéiseach as lámhscríbhinní na heaglaise agus as an bhfoinse chlóbhuailte in *Topographical Dictionary of Ireland* le Lewis
- an timpeallacht a iniúchadh, ag úsáid rian timpeall na heaglaise agus na dtailte a ghabhann léi
- úsáid fianaise béil trí agallamh a chur ar dhuine nó níos mó de na seanpharóistigh
- comhtháthú le hábhair eile i roinnt réimsí
  - *Tíreolaíocht: obair léarscáileanna, foinse na cloiche eibhir a úsáideadh sa tógáil, aibhneacha agus muilte*
  - *Matamaitic: airde agus fad a mheas agus a thomhas*
  - *Teanga: plé, smaointe a chur in iúl trí chaint agus i bhfoirm scríofa, scríobh litreacha*
  - *Amharcealaíona: fuinneoga daite*

#### Measúnú

I measc na dteicníochtaí a d'fhéadfaí a úsáid tá

- breathnóireacht an mhúinteora
  - *torthaí plé idir páiste agus páiste agus idir páiste agus múinteoir*
- tascanna a dhearann an múinteoir
  - *athinsint ar na himeachtaí a bhí i gceist le bunú na heaglaise i dtóstal, i bhfoirm scríofa, agus ar líne ama*
  - *cártaí oibre a ullmhaíodh mar chabhair do na páistí chun an fhianaise a scrúdú*

- coinbhinsiúin dátaithe a thuiscint agus a úsáid agus staidéar ar an am atá thart á dhéanamh, an lá, an mhí, agus an bhliain san áireamh
  *an bhliain a rugadh mé*
  *breith tuismitheoirí agus baill teaghlaigh*
  *an bhliain a thosaigh mé ar scoil*
  *dátaí pearsanta eile san am atá díreach thart nó níos faide siar ná sin*
- focail agus frásaí coitianta a bhfuil baint acu le cúrsaí ama a úsáid
- sean/nua, níos sine/níos nuaí, roimhe/ina dhiaidh, níos déanaí/níos luaithe, fada ó shin, an-fhada ó shin

*Athrú agus leanúnachas*
- tuiscint d'athrú agus do leanúnachas a fhorbairt trí na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair a iniúchadh

*Cúis agus iarmhairt*
- na cúiseanna a bhí le roinnt imeachtaí agus athruithe san am atá thart agus na hiarmhairtí a bhí orthu a phlé

*Fianaise a úsáid*
- raon d'fhianaise staire níos leithne a scrúdú agus a úsáid, go háirithe an méid a d'fhéadfaí a fháil go háitiúil nó a bhfuil baint aici le stair na háite
  *grianghraif, pictiúir, earraí, cuimhní daoine níos sine, foirgnimh, scéalta agus amhráin, foinsí scríofa, scannáin agus meáin eile*
- ceisteanna a chur faoi phíosa fianaise
- achoimre a dhéanamh ar an eolas atá in aon fhoinse fianaise amháin agus tátail shimplí a bhaint aisti
- an fhianaise agus an tsamhlaíocht a úsáid chun gnéithe den am atá thart a athchruthú
- an tuiscint sin ar an am atá thart a chur in iúl ar bhealaí éagsúla
  *an teanga labhartha, scríobh, drámaíocht, obair ealaíne, múnlú, meáin agus teicneolaíochtaí eile*
  *Ionbhá*
- mothúcháin agus inspreagadh daoine san am atá thart a shamhlú agus a phlé.

*Athrú agus leanúnachas*
- an chaoi a d'athraigh an eaglais ag tréimhsí éagsúla a aithint agus a phlé
- suntas a thabhairt d'athruithe eile sa cheantar (muillte nach bhfuil in úsáid níos mó, gan aon duine ina chónaí i dteach an tiarna talún, an t-eastát anois ina chúrsa gailf agus ina pháirc)
- rudaí a d'fhan mar a bhí a aithint (seanteach scoile in aice na heaglaise, stáblaí, bóithre)

*Cúis agus iarmhairt*
- an ceangal idir na muilte, spéis La Touche sa pharóiste agus an gá a bhí leis an eaglais a thabhairt faoi deara
- athruithe a d'eascair as tógáil tithe in ochtóidí agus nóchaidí an chéid seo a imscrúdú

*Fianaise a úsáid*
- difríochtaí idir an eaglais i ngrianghraif agus líníochtaí di timpeall 1870 (le fáil sa leabhar *Behind the Scenes* leis an staraí áitiúil, E. Shepherd) agus an eaglais mar atá sí anois a scrúdú agus a phlé
- an cur síos ar an eaglais in *Topographical Dictionary of Ireland* le Lewis, a foilsíodh in 1837, a léamh agus a phlé (sliocht le fáil sa leabharlann áitiúil)
- cuairt a thabhairt ar an bhfoirgneamh agus í a scrúdú, go háirithe gnéithe a d'athraigh (athruithe ó na chéad líníochtaí a thabhairt faoi deara, athruithe sna fuinneoga, leaca cuimhneacháin a cuireadh suas)
- cóipeanna d'annála agus de leabhair chuntais an pharóiste a scrúdú
- éisteacht agus labhairt le seandaoine ar cuimhin leo dul ar an eaglais nuair a bhí siad beag (mar shampla cén chaoi ar thaisteal siad)

*Sintéisiú agus cur in iúl*
- imeachtaí a chlárú ar líne ama de stair na heaglaise
- litir a scríobh ó La Touche chuig cara leis ag cur síos ar thógáil na heaglaise
- bileog eolais nó rian turasóireachta a chur le chéile i gcomhair cuairteoirí
- comhad eolais a chur le chéile faoin eaglais le haghaidh taispeántais idirghníomhaigh ríomhaireachta

*Ionbhá*
- inspreagadh agus mothúcháin La Touche, na ndaoine a bhí ag obair sna muilte na seandaoine a chuireann síos ar a gcuimhní cinn agus a shamhlú agus a phlé.

  *an t-eolas do thurasóirí a chlárú agus a chur i láthair i gcomhad ríomhaireachta*
  *triail a dhearann an múinteoir chun an t-aonad oibre a athbhreithniú*
- measúnú bhailiúchán na bpáistí
  *samplaí de chlárú, de shintéisiú agus de chur in iúl atá críochnaithe ag na daltaí i línte ama, i gcuntais scríofa agus i litreacha, i ról-aithris nó tóstal a bhailiú agus a chur leis an bailiúchán*
- próifíl churaclaim
  *breathnóireacht an mhúinteora agus an bailiúchán a úsáid le próifíl an pháiste a líonadh ag deireadh an téarma, na bliana nó tréimhse eile.*

*Tá eolas cúlra tábhachtach faoin eiseamláir seo ar lch 46-47 de na treoirlínte. Is mar léiriú amháin atá an eisleamáir seo ann.*

# Eiseamláir 4

## Aonad bunaithe ar an saol in Éirinn le linn na Normannach

ranganna 5 agus 6

## Giota den churaclam

### An saol in Éirinn le linn na Normannach

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- eolas a chur ar ghnéithe de shaol na ndaoine sin
  - *áitribh na ndaoine sin*
- gréasáin lonnaíochtaí agus forbairtí uirbeacha
- éadaí
- bia agus feirmeoireacht
  - *teicneolaíochtaí a d'fhorbair na daoine agus an tionchar a bhí acu ar shaol na ndaoine*
- na daoine i mbun oibre
  - *cultúr, ealaín, ceol, teanga(cha), agus litríocht*
- fóillíocht agus caitheamh aimsire
- creideamh agus gnásanna reiligiúnda
- imirce agus eisimirce
- caidreamh grúpaí éagsúla lena chéile
  - *plé neamhchas ar cheisteanna áirithe sóisialta, eacnamaíocha, polaitiúla nó reiligiúnda de chuid an ama*
  - *an chaoi ar chuir daoine agus imeachtaí na linne sin le forbairt Éire na linne seo*
- fianaise a thugann eolas dúinn ar shaol na ndaoine sna tréimhsí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu, a smaointe, a n-ábhair bhuartha sin a scrúdú agus eolas a chur uirthi, go háirithe fianaise a bhféadfaí teacht uirthi go háitiúil
- ionad daoine agus imeachtaí a chlárú ar línte ama feiliúnacha

### Ag obair mar staraí

De thoradh snáthaonaid an churaclam staire a chríochnú ba chóir go mbeadh sé ar chumas an pháiste

*Am agus cróineoleaíocht*

- tuiscint a fhorbairt ar am agus ar chróineolaíocht ionas gur féidir leis nó léi daoine, earraí, agus imeachtaí a shuíomh taobh istigh de sheicheamh leathan staire
- daoine agus imeachtaí san am atá thart a chlárú trí úsáid a bhaint as línte simplí ama de shaghsanna éagsúla
- focail, frásaí agus coinbhinsiúin a bhaineann le clárú dátaí agus ama a úsáid, mar shampla RCh, AD, aois, tréimhse

## Forbairt an aonaid

### Ábhar an staidéir

Ba chóir do na páistí foghlaim faoin méid seo:

- cérbh iad na Normannaigh?
- coincheapa an fheodachais agus an tiarnais, an chodarsnacht idir sin agus nósanna na nGael sa dóú haois déag
- na hairm agus teicníochtaí troda agus cosanta na Normannach, an móta is bábhún agus an caisleán san áireamh
- na heachtraí ba chúis le teacht na Normannach go hÉirinn, na pearsana a bhí i gceist
- teacht na Normannach go hÉirinn, a mbua ar na tiarnaí Gaelacha, iad ag gabháil talún in Éirinn, an caidreamh idir an pobal Gaelach agus an pobal Normannach
- áitribh na Normannach agus an bhaint a bhí ag cosaint agus ag smacht míleata lena dtógáil, gnéithe de:
  - lonnaíochtaí luatha i mótaí is bábhúin
  - daingin agus caisleáin luatha a raibh móta thart orthu
  - caisleáin níos déanaí gan móta
  - caisleáin uirbeacha gan daingin
- lonnaíochtaí daoine timpeall ar na caisleáin, i láithreacha uirbeacha nó i lonnaíochtaí cnuasta faoin tuath (cosúil le máinéir fheodacha), leagan amach mar dhaingean, chaisleán, eaglais, mhainistir agus na tithe agus na páirceanna timpeall orthu
- obair na ndaoine—feirmeoireacht, muilleoireacht, bríbhéireacht, cosaint
- éadaí na ndaoine
- eaglaisí, mainistreacha agus reiligiún
- an teanga a labhair na Normannaigh, mar a léirítear í i sloinnte, logainmneacha, ainmneacha oifigeach, focail a úsáidtear sa dlí; na Normannaigh ag foghlaim Gaeilge agus tionchar Fhraincis na Normannach ar fhilíocht na Gaeilge

*Gnéithe áitiúla (bunaithe ar an gceantar gar do Bhaile Mhic Andáin i gCo. Chill Chainnigh)*

- dul chun cinn na Normannach in oirdheisceart na hÉireann
- sloinnte na bpríomhtheaghlach Gaelach agus Normannach sa chontae agus sa cheantar féin tháinig Baile Mhic Andáin, a bhunaigh Tomás Mac Andáin (Seanascal Laighean), in áit an Ghrianáin, lonnaíocht Ghaelach a bhí ann níos luaithe; ba dhaingean de chuid mhuintir Dens é Caisleán an Ghrianáin, a bhí lasmuigh den bhaile.
- tá iarsmaí mhóta Mhic Andáin sa bhaile; balla, túir agus caisleán ina seasamh, iarsmaí túir, 'Caisleán Ífe' agus 'Caisleán Sráid Low'
- éadaí agus cathéide na Normannach mar a léirítear sin ar dhealbh de Cantual i gCill Pháin (beagán níos mó ná dhá mhíle ó thuaidh ón mbaile), ar na tuamaí agus sa dealbhóireacht ag Mainistir Sheireapúin (aon mhíle ó dheas ón mbaile) agus in Ardeaglais Naomh Cainneach i gCill Chainnigh
- fianaise ó léarscáileanna luatha de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus grianghraif de chuid an lae inniu tógtha ón aer de lonnaíocht tuaithe na Normannach ag Mainistir Sheireapúin (sampla suntasach de ghréasán coitianta lonnaíochta: féach Ryan, *Irish Archaeology Illustrated*)

### Forbairt scileanna agus coincheap

Ba chóir go gcuirfí ar chumas na bpáistí

*Am agus cróineolaíocht*

- imeachtaí agus daoine a shuíomh ar línte ama, mar shampla AD 1000-1500 nó AD 1000-2000
- dátaí mar AD 1169, dóú haois déag a thuiscint agus a úsáid
- tosú ar thréimhsí, mar shampla 'aimsir na Lochlannach', 'i ndiaidh na Lochlannach', 'le linn thréimhse na Normannach', a idirdhealú

*Fianaise a úsáid*

- léarscáileanna de mhótaí is bhábhúin agus de chaisleáin Normannacha a bhreacadh
- cuairt a thabhairt ar fhianaise fhisiceach a d'fhág na Normannaigh ina ndiaidh, í a iniúchadh agus a phlé, mar shampla na túir i mBaile Mhic Andáin, foirgnimh, dealbhóireacht (go háirithe an tsnoíodóireacht ar na tuamaí) ag Mainistir Sheireapúin agus Cill Pháin, logainmneacha, droichid
- teorainneacha páirce ón Meánaois a scrúdú ar léarscáileanna de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis sa naoú haois déag agus ar ghrianghraif de chuid an lae inniu

*Athrú agus leanúnachas*

- tuiscint ar athrú agus ar leanúnachas a fhorbairt trí iniúchadh a dhéanamh ar chosúlachtaí agus dhifríochtaí idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair, agus idir thréimhsí éagsúla san am atá thart

*Cúis agus iarmhairt*

- roinnt gnéithe a aithint arbh fhéidir gurbh iad ba chúis le hathruithe san am atá thart, a chuir stop leo, nó a chuir moill orthu
- a léirthuiscint gur gnách go mbíonn roinnt cúiseanna le teagmhais agus roinnt iarmhairtí orthu

*Fianaise a úsáid*

- raon leathan d'fhianaise staire a úsáid go criticiúil
  *grianghraif, pictiúir, earraí, cuimhní daoine níos sine, foirgnimh, scéalta agus amhráin, foinsí scríofa, scannáin agus meáin eile*
- roinnt scileanna a fhorbairt chun fianaise a aimsiú agus a roghnú
- bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha a idirdhealú
- ceisteanna a chur faoi phíosa fianaise
- cuntais ar dhuine nó ar theagmhas ó dhá fhoinse éagsúla nó níos mó a chur i gcomparáid
- tátail shimplí a bhaint as fianaise
- a aithint go bhféadfadh fianaise a bheith easnamhach nó claonta
- a thuiscint gur féidir fianaise a léirmhíniú ar bhealaí éagsúla

*Sintéisiú agus cur in iúl*

- eolas stairiúil a roghnú agus eagar a chur air
- fianaise agus an tsamhlaíocht a úsáid chun gnéithe den am atá thart a athchruthú
- an tuiscint sin ar an am atá thart a chur in iúl ar bhealaí éagsúla
  *an teanga labhartha, scríobh, drámaíocht, obair ealaíne, múnlú, meáin agus teicneolaíochtaí eile*

*Ionbhá*

- mothúcháin agus inspreagadh daoine san am atá thart a shamhlú agus a phlé
- an chaoi ar bhreathnaigh daoine a bhí páirteach ann ar imeacht san am atá thart, b'fhéidir, a phlé.

*Athrú agus leanúnachas*

- na hathruithe a tharla i saol daoine in Éirinn roimh/i ndiaidh theacht na Normannach a aithint: teicníochtaí troda, foirgnimh, bailte, modhanna feirmeoireachta, teanga, éadaí, úinéireacht na talún
- athruithe a tharla sa cheantar agus rudaí a d'fhan mar a bhí a phlé, mar shampla logainmneacha, sloinnte, foirgnimh

*Cúis agus iarmhairt*

- na buntáistí a thug airm níos fearr do na Normannaigh ar dtús, chomh maith leis na cúiseanna a bhí le gnéithe áirithe dá gcuid foirgneamh; a spéis in Éirinn a aithint agus a phlé
- cuid d'iarmhairtí an ionraidh sa ghearrthréimhse a aithint (mar shampla athruithe i bhfoirgnimh, talamh, cogaíocht) agus san fhadtréimhse (mar shampla ar tháinig dá bharr i gcás úinéireacht talún, caidreamh na nGael leis na Normannaigh in Éirinn agus sa Bhreatain).

*Sintéisiú agus cur in iúl*

- imeachtaí an ionraidh agus an lonnaithe a chlárú ar línte ama agus ar léarscáileanna d'am na huaire
- ról-aithris i bhfoirm comhrá idir Strongbó agus Mac Murchú nó idir beirt dá searbhóntaí
- mionsamhail de chóracha cosanta an bhaile Normannaigh nó de chaisleán nó de mhóta Normannach a dhéanamh, nó d'éadaí na Normannach
- bileog eolais nó rian turasóireachta a chur le chéile i gcomhair cuairteoirí chuig Baile Mhic Andáin
- eolas faoi fhianaise i dtaobh na Normannach sa cheantar a mhalartú le scoil i gceantar eile, ag baint úsáide as an ríomhphost, b'fhéidir

*Ionbhá*

- inspreagadh agus mothúcháin Strongbó, Aoife, agus Mhic Mhurchú a iniúchadh, a shamhlú agus a phlé trí *Strongbow and Aoife* le Morgan Llywelyn a léamh.

## Modhanna teagaisc agus measúnú

### Modhanna teagaisc

I measc na modhanna a d'fhéadfaí a úsáid tá:

- ceachtanna scéalaíochta: tús a chur leis an staidéar trí shraithléitheoireacht agus phlé a dhéanamh ar *Strongbow and Aoife* le Morgan Llywelyn (O'Brien Press, 1994)
- cairteanna, grianghraif/sleamhnáin, físeáin, líníochtaí agus fianaise phictiúrtha (táipéis Bayeux, plean de léigear Chaisleán an Ghleanna), aerghrianghraif, agus staidéir bunaithe ar airm, fhoirgnimh, éadaí, thithe, agus ghnéithe eile den stíl mhaireachtála a úsáid
- fianaise fhaisnéiseach mar shampla cuntas ar chaisleán tipiciúil sa Liber Niger (cóip in Harbison, *National and Historic Monuments of Ireland*)
- an timpeallacht a iniúchadh agus rian timpeall Bhaile Mhic Andáin agus Mhainistir Sheireapúin a úsáid chuige
- comhtháthú a dhéanamh le hábhair eile i roinnt réimsí
  *Tíreolaíocht: obair léarscáile, staidéar uirbeach*
  *Matamaitic: airde agus fad a mheas agus a thomhas*
  *Teanga: plé, smaointe a chur i láthair ó bhéal agus i bhfoirm scríofa*
  *Amharcealaíona/Eolaíocht: mionsamhlacha a dhéanamh, líníocht*

### Modhanna measúnaithe

I measc na dteicníochtaí a d'fhéadfaí a úsáid tá:

- breathnóireacht an mhúinteora
  *torthaí plé idir dalta agus dalta agus idir dalta agus múinteoir*
- tascanna a dhearann an múinteoir
  *na leabhráin riain a d'úsáid na daltaí*
  *cártaí oibre agus leatháin imscrúdaithe a ullmhaíodh mar chabhair do na páistí chun an fhianaise a scrúdú*
  *comhráite a tharla idir phearsana a shamhlú*
  *triail a dhearann an múinteoir chun an t-aonad oibre a athbhreithniú*
- measúnú bailiúchán
  *samplaí de chlárú, de shintéisiú agus de chur in iúl a chríochnaigh ag na páistí i línte ama, i mionsamhlacha, i ról-ghlacadh, i litreacha agus comhráite a samhlaíodh, i gcomhad d'eolas turasóireachta ar ríomhaire, leabhráin riain a críochnaíodh*
- próifíl churaclaim
  *breathnóireacht an mhúinteora agus an bailiúchán oibre a úsáid le próifíl an pháiste a líonadh ag deireadh an téarma, na bliana, nó tréimhse eile.*

*Tá eolas cúlra tábhachtach faoin eiseamláir seo ar lch 46-47 de na treoirlínte. Is mar léiriú amháin atá an eisleamáir seo ann.*

# Foghlaim chomhtháite

## Ag pleanáil i gcomhair an chomhtháthaithe

Bunphrionsabal de chuid an churaclaim an fhoghlaim chomhtháite. Ciallaíonn sé gur féidir tréimhse ama a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí. Tá sé an-úsáideach i gcás ilrangacha i scoileanna beaga.

Ní mór roinnt tosca éagsúla a chur san áireamh le go n-éireoidh le comhtháthú. Orthu sin tá:

- pleanáil chórasach dhea-struchtúrtha i bpáirt an mhúinteora de ó thús deireadh le leanúnachas agus dul chun cinn a chinntiú
- riachtanais an churaclaim a chur san áireamh go cúramach
- struchtúrú na hoibre sna topaicí. Is fearr a éiríonn le topaicí comhtháite nuair a bhíonn siad claonta i dtreo ábhair amháin nó nuair a leagann siad béim ar ábhair faoi leith
- pleanáil ó thaobh na scoile mar iomlán de, lena chinntiú go ndéantar freastal sásúil ar na hábhair go léir agus go mbíonn cothromaíocht sa chlár taobh istigh de gach ábhar.

D'fhéadfaí comhtháthú a chur i bhfeidhm

- sa stair féin. Ba cheart roinnt gnéithe den ábhar a nascadh le chéile: mar shampla, b'fhéidir go rachfaí ar aghaidh ó staidéir áitiúla a mbeadh uaigh réamhstaire i gceist leo le scrúdú a dhéanamh ar nósanna adhlactha phobail na Clochaoise ar chuid riachtanach é sa snáithe *Pobail luatha agus sochaithe ársa.*

  Ba cheart a a mheabhrú i gcónaí go gcuirfidh staidéar ar gach aonad i gcuraclam na staire deiseanna ar fáil le scileanna staire a fhorbairt ag an am céanna
- san OSIE nó idir an stair agus ábhair eile. Tá nasc dlúth idir go leor de ghnéithe an churaclaim staire agus aonaid i gcuraclaim eile. Cabhróidh na nótaí crostagartha sna ráitis churaclaim le naisc phraiticiúla a d'fhéadfaí a úsáid a aithint. Chomh maith leis sin beidh go leor de na scileanna céanna i gceist i roinnt réimsí éagsúla, scileanna matamaiticiúla agus scileanna imscrúdaithe, mar shampla.

Toisc go bhfuil béim sa stair ar insint agus ar phlé, tá baint mhór aici le forbairt theanga labhartha agus litearthacht an pháiste. Leagtar béim sa churaclam ar scileanna mar chlaonadh a aithint, ar thuairimí éagsúla agus ar phíosaí éagsúla fianaise a mheas agus ar eolas agus léirmhínithe a chur in iúl. Mar sin tacóidh na gníomhaíochtaí staire le saothrú go leor d'aidhmeanna an chláir teanga

- trí chur chuige bunaithe ar théama nó thopaic leathan a úsáid. Is féidir téama mar 'Uisce', 'Tithe' nó téama bunaithe ar úrscéal nó scéal a roghnú agus é a iniúchadh ar bhealaí éagsúla a chuirfeadh gnéithe de go leor ábhar éagsúil san áireamh. Is minic a úsáidtear an cur chuige seo le páistí an-óga. Tá gá le pleanáil chúramach le go seachnófaí láimhseáil ró-éadrom ar raon leathan ábhar.

## Moltaí i gcomhair comhtháthaithe

Sna leathanaigh seo a leanas tugtar samplaí de roinnt téamaí a bhféadfaí leas a bhaint astu agus cur chuige comhtháite, bunaithe ar théamaí, á bheartú don obair in OSIE. Is féidir tuilleadh moltaí a fháil sna treoirlínte i gcomhair na n-ábhar OSIE eile. Níl aon cheangal ar mhúinteoirí na téamaí a thaispeántar a úsáid agus is mar shamplaí amháin a thugtar anseo iad.

# Eiseamláir 5

## Cur chuige bunaithe ar théamaí sa phleanáil don OSIE

ranganna naíonán

| Gnéithe staire | Gnéithe tíreolaíochta | Gnéithe eolaíochta | Réimsí eile den churaclam |
|---|---|---|---|
| **Mise** | | | |
| **Mise**<br>• imeachtaí agus dátaí tábhachtacha pearsanta a iniúchadh agus a chlárú<br>• fianaise shimplí a bhailiú agus a scrúdú<br>• grianghraif de/di féin nuair a bhí sé/sí níos óige<br>• grianghraif, éadaí nó bréagáin a úsáideadh ag aoiseanna éagsúla a chur i gcomparáid le chéile agus nóta a dhéanamh d'fhorbairt agus de rudaí atá tar éis fanacht mar a bhí | **Tithe/Eolas ar an áit a bhfuil cónaí orm**<br>• cur síos ar achair taobh istigh den teach<br>• gníomhaíochtaí a shamhlú le hachair laistigh den teach agus lasmuigh de<br>• líníochtaí simplí a dhéanamh den teach agus dá gharthimpeallacht, turais abhaile agus ar ais uaidh<br>• tosú ar léirthuiscint a fháil ar an ngá atá ag an teaghlach le foscadh | **Mise**<br>• codanna den chorp a aithint<br>• cosúlachtaí agus éagsúlachtaí fisiceacha idir dhaoine a aithint agus a thomhas<br>• cumais, scileanna, agus céadfaí pearsanta a thuiscint agus meas orthu a fhorbairt<br>• an tábhacht a bhaineann le glaineacht phearsanta agus timpeallachta a léirthuiscint<br>**Aire a thabhairt dom féin is do mo thimpeallacht**<br>• straitéisí simplí i gcomhair glaineachta pearsanta agus timpeallachta a aithint agus a chur i gcrích | **OSPS**<br>• mise<br>**Teagasc creidimh**<br>• mé féin agus daoine eile a léirthuiscint<br>**Matamaitic**<br>• gníomhaíochtaí grúpála, uimhreas, tomhas<br>**Teanga**<br>• forbairt stór focal agus labhairt na teanga |
| **Siúlóid fómhair** | | | |
| **Am agus cróineolaíocht**<br>• tús a chur le laethanta na seachtaine a chlárú<br>• cuirfidh scrúdú ar an bhfómhar tús le tuiscint ar chróineolaíocht na bliana | **An t-imshaol áitiúil**<br>• éirí feasach ar ghnéithe den imshaol fisiceach agus nádúrtha i ngarthimpeallacht na scoile, iad a iniúchadh agus a phlé<br>• fál sceach in aice na scoile<br>• torthaí a c(h)uid eispéireas agus a c(h)uid breathnóireachta a chlárú, ag baint feidhme as pictiúir<br>**Aimsir**<br>• dálaí ilghnéitheacha aimsire a bhreathnú agus a phlé, ag baint feidhme as stór simplí focal<br>• torthaí bhreathnóireacht na haimsire a chlárú, ag baint feidhme as cairt aimsire nó as dialann<br>• éirí feasach ar roinnt den tionchar a bhíonn ag saghsanna éagsúla aimsire ar bheatha daoine agus ainmhithe agus ar an bhfásra san imshaol áitiúil | **Plandaí agus ainmhithe**<br>• plandaí agus ainmhithe éagsúla i ngarthimpeallacht na scoile a bhreathnú, a phlé, agus a aithint<br>• dúile beo a shórtáil nó a ghrúpáil i dtacair *bláthanna, duilleoga, crainn, éanlaith, torthaí, glasraí*<br>• fás agus athrú i roinnt dúl beo a bhreathnú<br>• teacht ar an tuiscint go n-athraíonn cuma agus iompar ainmhithe agus plandaí de réir an tséasúir<br>**Aire a thabhairt dom féin is do mo thimpeallacht**<br>• an tábhacht atá le glaineacht timpeallachta a léirthuiscint<br>• a thuiscint gur dúile beo iad daoine agus go roinneann siad an timpeallacht le plandaí agus le hainmhithe<br>• dúile beo a bhreathnú i ngnáthóga áitiúla agus eolas a chur orthu | **Teagasc creidimh**<br>• téama an chruthaithe a iniúchadh<br>**Matamaitic**<br>• gníomhaíochtaí grúpála, uimhreas, tomhas<br>**Teanga**<br>• forbairt stór focal agus labhairt na teanga<br>**Amharcealaíona**<br>• dath, feasacht ar dhath agus ar uigeacht sa timpeallacht |

## Bréagáin agus cluichí

<table>
<tr>
<td>Bréagáin agus cluichí<ul><li>bréagáin a bhí ag páistí ag aoiseanna éagsúla a bhailiú, a scrúdú, agus a phlé, líne ama a chur le chéile</li><li>ceisteanna a chur ar thuismitheoirí faoi na bréagáin a bhí acu nuair a bhí siad ina bpáistí</li><li>bréagáin de chuid an lae inniu agus bréagáin na linne sin a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile</li><li>ceisteanna a chur ar sheanaithreacha agus sheanmháithreacha faoi bhréagáin</li><li>éisteacht le scéalta faoi bhréagáin</li></ul></td>
<td>Daoine ag súgradh<ul><li>éirí feasach ar spásanna súgartha agus iad a phlé<br>sa bhaile<br>ar scoil<br>sa dúiche máguaird</li><li>moltaí a dhéanamh faoi bhealaí ina bhféadfaí na háiteanna seo a choinneáil glan sábháilte</li><li>líníochtaí simplí a dhéanamh de na háiteanna seo, dá ngarthimpeallachtaí agus de na turais chuig na háiteanna seo agus ar ais uathu</li></ul></td>
<td>Fuaim<ul><li>bréagáin a dhéanann fuaim a scrúdú agus turgnaimh a dhéanamh leo<br>gligíní, feadóga, druma</li><li>fuaimeanna éagsúla sa timpeallacht a aithint agus a ainmniú</li><li>fuaimeanna arda agus ísle, glóracha agus boga, a aithint agus idirdhealú eatarthu</li></ul>Ábhair<ul><li>bealaí le fuaimeanna difriúla a dhéanamh le hábhair éagsúla a iniúchadh<br>cannaí stáin, miotail, buidéil, páipéar</li><li>ábhair a úsáidtear i mbréagáin a scrúdú agus a ghrúpáil</li></ul>Fórsaí: gluaiseacht<ul><li>a iniúchadh trí ghníomhaíocht neamhfhoirmiúil le bréagáin mar a bhogann rudaí nuair a sháitear iad nó nuair a tharraingítear iad</li><li>a iniúchadh mar is féidir cruth rudaí a athrú nuair a bhrúitear iad nó nuair a tharraingítear iad nó trí fhórsaí eile a úsáid</li></ul></td>
<td>Teanga<ul><li>forbairt teanga trí phlé</li></ul>Amharcealaíona<ul><li>tógáil, mar shampla ionstraimí simplí a dhéanamh</li></ul>Ceol<ul><li>fuaimeanna a iniúchadh</li></ul></td>
</tr>
</table>

## Uisce

<table>
<tr>
<td>An seanchaidéal<ul><li>seanchaidéal le taobh an bhóthair nó sa sráidbhaile a scrúdú agus pictiúr a tharraingt de</li><li>foghlaim faoi bheith ag dul faoi choinne uisce fadó, é a iompar agus a úsáid</li><li>a fháil amach cé chomh trom is atá buicéad uisce</li><li>a fháil amach cé mhéad buicéad uisce a theastódh chun an doirteal a líonadh nó chun an leithreas a shruthlú</li><li>seanfholcadán stáin, báisín cruanta, foireann níocháin (crúsca mór, babhla, agus seastán gallúnaí) a scrúdú</li></ul></td>
<td>Uisce sa timpeallacht áitiúil<ul><li>báisteach, locháin agus srutháin a bhreathnú</li><li>uisce, gaineamh agus clocha i srutháin, linnte, locha nó cois farraige a imscrúdú</li><li>uisce agus an úsáid is féidir a bhaint as a phlé</li></ul></td>
<td>Fórsaí: snámh agus dul faoi<ul><li>snámh agus dul faoi a imscrúdú trí thurgnaimh a dhéanamh le hábhair éagsúla</li><li>rudaí a shnámhann nó a théann faoi a ghrúpáil</li></ul>Ábhair<ul><li>tionchair uisce ar ábhair éagsúla a imscrúdú</li><li>dálaí fliucha agus tirime a bhreathnú agus cur síos a dhéanamh orthu<br>samplaí d'ithir agus de pháipéir</li><li>roinnt ábhar atá uiscedhíonach a aithint<br>cótaí báistí, scáth fearthainne, buataisí, cleití lachan, craiceann</li><li>ábhar a bheadh oiriúnach do laethanta báistí a mholadh<br>culaith uiscedhíonach do bhábóg nó teidí a dhearadh agus a dhéanamh</li></ul></td>
<td>Teanga<ul><li>forbairt teanga trí scéalaíocht</li></ul>Amharcealaíona<ul><li>uisce sa timpeallacht mar spreagthach don ealaín</li><li>gníomhaíochtaí tógála, mar shampla bád a dhéanamh</li></ul>Ceol<ul><li>fuaimeanna uisce ag bogadh, ag splaisearnach, ag glugarnach a thaiscéaladh</li></ul>OSPS<ul><li>uisce agus sláinteachas</li></ul></td>
</tr>
</table>

# Eiseamláir 6

## Cur chuige comhtháite ar bhonn topaice

ranganna 3 agus 4

---

**An seanmhuileann**

### Staidéir áitiúla

#### Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart

- scéalta faoi na daoine a d'oibrigh sa mhuileann
- an cineál oibre a dhéantaí sa mhuileann
- an chaoi ar luigh an muileann isteach le saol feirmeoireachta an cheantair; barra a cuireadh ag fás i gcomhair an mhuilinn, iompar go dtí an muileann, ag bailiú plúir agus gráin
- athrú agus leanúnachas: an fáth ar dúnadh an muileann
- tionchar an dúnta ar an sráidbhaile agus ar na feirmeacha

### Timpeallachtaí daonna

- amhábhar agus tairgí
- iompar chuig an muileann agus uaidh
- cineál cloiche a úsáideadh i dtógáil an fhoirgnimh agus an áit a bhfuarthas í
- úsáid acmhainní nádúrtha: cumhacht an tsrutha uisce

### Tógáil

#### Dearadh agus déanamh

- samhail den mhuileann a thógáil
- mionsamhlacha den roth uisce, den roth fiaclach agus den roth muilinn a dhéanamh
- mionsamhail a dhéanamh d'ardaitheoir le hulóg le rudaí a ardú

### Fuinneamh agus fórsaí

- uisce reatha mar fhoinse fuinnimh
- ag aistriú fuinnimh i roth an mhuilinn, coganna agus giaranna

### Bia agus cothú

- fiúntas gránach mar bhia
- a dtarlaíonn sa phróiseas muilleoireachta
- bianna slánghráin agus bia próiseáilte

### Tuiscint d'áit agus do spás

#### Léarscáileanna agus scileanna grafacha

#### Cruth agus spás

#### Tomhais

- suíomh an mhuilinn sa gharthimpeallacht
- baint leis an abhainn, leis an gcanáil agus le bóithre
- léarscáileanna den mhuileann a tharraingt, ag baint feidhme as scála simplí
- airde agus tomhais eile a mheas
- sceitseanna den fhoirgneamh agus dá innealra a dhéanamh

### Feasacht agus cúram imshaoil

- mar a mhilleann fothrach tréigthe an mhuilinn dreach an tsráidbhaile; cuma, bruscar timpeall air
- scéim chun fáil réidh leis an mbruscar a mholadh, a phleanáil, agus a chur i gcrích
- spéis sa mhuileann a spreagadh trí thaispeántas d'obair agus de thaighde ar an muileann a chur ar bun

# Eiseamláir 7

## Cur chuige comhtháite ar bhonn topaice

ranganna 5 agus 6

# An Gorta Mór

### Tréimhsí athraithe agus coimhlinte

- tosca sóisialta roimh an nGorta
- cúiseanna leis an nGorta
- tionchar an Ghorta ar choiteoirí, ar thionóntaí, ar fheirmeoirí móra, ar thiarnaí talún
- iarrachtaí fóirithinte le linn an Ghorta: oibreacha poiblí, tithe súip, dáileadh arbhair, tithe na mbocht
- eisimirce agus titim sa daonra
- tionchar fadtréimhseach an Ghorta

### Ceol

- amhráin agus bailéid ó aimsir an Ghorta

### Drámaíocht

- radhairc ghluaiseachta agus ról-aithris bunaithe ar an imirce
- plé agus ról-aithris faoi thuairimí na gcoiteoirí, na dtionóntaí, na bhfeirmeoirí, na dtiarnaí agus na bpolaiteoirí le linn an Ghorta

### Stadéir áitiúla

- tionchar an Ghorta ar an gceantar
- teach na mbocht sa cheantar
- gnéithe sa timpeallacht a tógadh mar oibreacha fóirithinte: ballaí eastáit, bréagáin tí, draenáil, tógáil bóithre, m.sh.
- reilig áitiúil le huaigheanna daoine a fuair bás de bharr an Ghorta

### Teanga

- scéalta agus dánta ó aimsir an Ghorta Mhóir
- sraithléitheoireacht ar úrscéal suite in aimsir an Ghorta Mhóir, m.sh. *The Wild Flower Girl* le Marita Conlon-McKenna (O'Brien Press, 1997) nó *The Coldest Winter* le Elizabeth Lutzeier (Oxford University Press, 1991)
- litreacha ó imircigh chuig a ngaolta sa bhaile a shamhlú agus a scríobh

### Imshaoil dhaonna

- gorta i dtíortha eile sa lá atá inniu ann
- cúiseanna gorta
- tionchar ar shaol daoine; easpa cothaithe, galair, bás, sochaí ag titim as a chéile
- gluaiseachtaí pobail, teifigh
- tionchar an ghorta ar an timpeallacht
- iarrachtaí fóirithinte agus an toradh a bhíonn orthu; iad sin a chur i gcomparáid le hiarrachtaí a rinneadh in Éirinn sa naoú haois déag
- an gá atá le cúnamh fadtréimhseach agus comhroinnt acmhainní



Roinn 5

# Cur chuige agus modhanna teagaisc

# Cur chuige agus modhanna teagaisc

## Éagsúlacht sna modhanna teagaisc

Ceann de na tosca ar a mbraitheann teagasc torthúil na staire ná raon leathan cleachtas a úsáid sa chur chuige agus sna modhanna teagaisc. Rianaíonn an chuid seo de na treoirlínte cuid de na teicníochtaí a fuarthas amach a fheileann do ghníomhaíochtaí staire sa bhunscoil. Ar éigean is gá a rá go mbeidh éagsúlachtaí ann ó scoil go scoil, ó rang go rang agus ó mhúinteoir go múinteoir agus gur fearr a fheilfidh modhanna áirithe do thopaicí áirithe seachas a chéile. Ní fhéadfadh go mbeadh sna moltaí seo a leanas ach comhairle ghinearálta ar cheart í a chur in oiriúint do riachtanais agus do thosca faoi leith agus a athrú dá réir.

Sna *Treoirlínte do Mhúinteoirí don Tíreolaíocht* pléitear cur chuige agus modhanna teagaisc eile a d'fhéadfaí a úsáid i gceachtanna staire chomh maith, mar shampla tionscadail agus úsáid léarscáileanna.

I roinnt de na míreanna anseo thíos, nasctar na heiseamláirí a úsáidtear le ranganna faoi leith sa scoil. Ach is mar léiriú amháin a dhéantar sin; is féidir an chuid is mó de na teicníochtaí a phléitear a úsáid go tairbheach ag gach leibhéal.

Cuma cé na modhanna a roghnaítear, ba chóir d'eispéiris fhoghlama an pháiste

- díocas agus fiosracht i leith an ama atá thart a spreagadh
- plé agus ceistiú a chothú, mar aon le dearcadh criticiúil i leith cuntas ar an am atá thart agus, de réir mar a théann na páistí in aois, i leith na fianaise a úsáidtear mar thacaíocht leis na cuntais sin
- scileanna staire a fhorbairt, chomh maith le scileanna níos leithne comhoibrithe, cumarsáide agus fadhbréitigh
- é/í a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht bheomhar réamhbheartaithe sa seomra ranga agus in iniúchadh forleathan sa timpeallacht.

# Scéalaíocht

## Ag insint scéil

### *Cad ba cheart do scéal maith a dhéanamh?*

Bunteicníocht i dteagasc na staire an scéalaíocht. Bíonn cur síos ar eachtraí agus ar ghníomhaíochtaí daonna a tharla fadó i gceist léi. Tig leis an dea-scéalaíocht forbairt na staire a chothú trí


- aird an pháiste a cheapadh agus trí scileanna éisteachta agus cuimhnimh a fhorbairt
- plé agus ceistiú a spreagadh
- cur le stór focal agus le heolas na bpáistí
- tuiscint láidir do sheicheamh a léiriú—tús, forbairt agus réiteach nó deireadh soiléir a chothóidh tuiscint na bpáistí ar chróineolaíocht
- fiosracht, mothúcháin agus samhlaíocht na bpáistí a spreagadh trí ligean dóibh dul siar go dtí an t-am atá thart agus ionbhá a bheith acu le mothúcháin agus tosca na bpearsan a léirítear.

Is féidir scéalta a úsáid ar roinnt bealaí sa chlár staire:

- is féidir scéalta a úsáid mar aonaid neamhspleácha oibre. Cuid thábhachtach de chlár na staire ag gach leibhéal is ea cuntais bheathaisnéiseacha ar dhaoine ó chúlraí éagsúla. Leagann an curaclam béim faoi leith ar an ngá atá le pearsana áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur san áireamh chomh maith le daoine a léiríonn a saol raon leathan de thaithí an duine.

  Tharla go rómhinic san am atá thart gur ceannairí polaitiúla agus míleata, fir den chuid is mó, a bhí chun tosaigh i ndíolamaí de 'bheathaí daoine cáiliúla'. Ba cheart scéalta bunaithe ar bheathaí ban agus fear a chuir le gnéithe eile d'iarrachtaí an duine, mar fhorbairt shóisialta, theicneolaíochta, eolaíochta, chultúrtha agus ealaíne, a chur san áireamh chomh maith.
- is féidir scéal a úsáid mar spreagadh chun tús a chur le haonad oibre; mar shampla, dhéanfadh an scéal faoi Cholm Cille ag cóipeáil lámhscríbhinne deabhóidí agus an t-achrann a lean é réamhrá an-mhaith le haonad oibre ar a bheatha agus ar obair mhainistreacha na Luathré Críostaí

- is féidir scéalta a úsáid mar chuid de phíosa oibre ar théama stairiúil níos leithne. Is féidir cur go mór le staidéar ar thréimhse, go háirithe sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha, má insítear nó má léitear scéal nó scéalta atá suite sa tréimhse sin. Is féidir le cuntais finnéithe agus scéalta ficseanacha bunaithe ar imeachtaí agus ar phearsana staire (bídís réadúil nó samhalta) cabhrú le páistí an léim samhlaíochta a thógáil ón am i láthair go dtí comhthéacs na tréimhse staire atá i gceist
- is féidir leas a bhaint as scéalta chun luachanna agus dearcadh tábhachtacha a fhorbairt. Ba cheart scéalta a úsáid ina léirítear peirspictíochtaí raoin de ghrúpaí difriúla—grúpaí reiligiúnda, grúpaí eitneacha, an lucht siúil, daoine atá lonnaithe agus daoine ó chúlraí éagsúla sóisialta san áireamh. Sa chaoi sin, is féidir léirthuiscint an pháiste ar éagsúlacht a spreagadh agus dearcadh a chothú ann/inti a bheidh bunaithe ar chaoinfhulaingt agus ar mheas a bheith ag daoine ar a chéile
- is bealach tábhachtach iad scéalta le hoidhreacht chultúrtha a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin. B'fhéidir go mbeadh an chuma air nach go maith a réitíonn miotais agus finscéalta le cuntais ar eachtraí staire. Mar sin féin, tháinig siad chugainn ó startha béil pobal ársa. Bíodh is gur léir go bhfuil siad ficseanach agus fáithchiallach, léiríonn go leor acu fírinní faoi luachanna agus chreideamh na bpobal sin. Ní hamháin sin ach is cuid dár n-oidhreacht chultúrtha agus dár gcomhsmaointe iad. Beidh a n-áit féin, mar sin, ag finscéalta agus ag miotais i gclár na staire agus ní sna blianta tosaigh amháin é: beidh staidéar ar mhiotais agus ar fhinscéalta mar ghné den obair faoi shibhialtachtaí agus phobail a chuirfear i gcrích sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha.



Ach plé a dhéanamh ar mhiotais agus ar fhinscéalta is féidir le páistí luachanna agus creideamh na ndaoine a d'inis na scéalta seo den chéad uair a léirthuiscint. B'fhéidir go dtabharfadh scéalta ón bhFiannaíocht, mar shampla, ar pháistí tuairimí a chaitheamh maidir leis an tábhacht a bhain le scéalta misnigh agus crógachta don phobal Ceilteach.

# Eiseamláir 8

## Ag insint scéil  ranganna 1 go dtí 4

Is teicníocht teagaisc an-éifeachtach í agus teicníocht a bhfuil cuma shimplí uirthi scéal gearr ón am atá thart a insint go maith. I bhfírinne is scil an-chasta í ach mar sin féin is fiú go mór tabhairt faoi.

### Céim 1 An cúlra a ullmhú

Tá ullmhúchán críochnúil riachtanach le go n-éireodh leis an scéalaíocht. Tar éis dó/di an eachtra agus na pearsana a bheidh sa chuntas a roghnú, ba cheart don scéalaí oiread leaganacha den scéal a léamh agus is féidir. Cé go mb'fhéidir nach mbeadh an oiread sin den eolas cúlra faoin tréimhse ná de na sonraí simplí praiticiúla faoi shaol na ndaoine sa leagan deireanach den scéal, chabhróidís leis an scéalaí an tréimhse a shamhlú agus a athchruthú dá lucht éisteachta.

### Céim 2 An scéal a shamhlú agus a phleanáil

Le go n-éireoidh le scéal, caithfidh struchtúr maith a bheith ann. I gcás páistí bunscoile, ba cheart snáithe an scéil a choinneáil simplí, ba cheart teorainn a chur le líon na bpearsan, agus ba cheart roinnt eachtraí soiléire a bheith ann. D'fhéadfadh gur cúig chéim a bheadh in insint eachtra as an bhfinscéal, mar shampla Iomramh Bhréanainn go Meiriceá:

- an phearsa á cur in aithne, a thaitneamh don tseoltóireacht agus a shaol mar mhanach
- tógáil an bháid agus cur chun farraige le manaigh eile
- ag taisteal ar feadh i bhfad i ngach cineál aimsire, ag aimsiú 'oileáin', ag dul i dtír air
- tine á lasadh, faitíos agus sceoin nuair a théann an 't-oileán' faoi
- ag fáil amach gur míol mór an t-oileán, an míol mór ag imeacht in éineacht leis an mbád ar an gcuid eile den turas go dtí an tOileán Úr.

Nuair a bhíonn an bunstruchtúr soiléir, is féidir mionsonraí na hinste a phleanáil. D'fhéadfaí deiseanna a aithint le sonraí a chur isteach faoi shaol na manach: mar shampla, ba cheart go gcuirfeadh tógáil an bháid in iúl gur soitheach an-bhunúsach ar fad a bhí ann, nó d'fhéadfaí éadaí simplí na manach a lua nuair a chaithfidís a gcuid tuineach a fháisceadh timpeall orthu féin in éadan cheo fuar an Atlantaigh Thuaidh.

Ní mór focail agus coincheapa nach dtuigfeadh na páistí b'fhéidir a aithint roimh ré: mar shampla d'fhéadfaí cuid díobh sin a mhúineadh i gcomhthéacsanna éagsúla roimh insint an scéil, agus d'fhéadfaí gnéithe eile a fhí isteach sa scéal agus iad a mhíniú fad is a bhíonn an scéal á insint. Ceann de na teicníochtaí is éifeachtaí le teanga a shimpliú agus ceann a chuireann go mór le gníomhaíocht agus le réalachas scéil ná úsáid a bhaint as caint dhíreach.

> Cuireann eolas faoi chúlra thréimhse an scéil ar chumas an scéalaí atmaisféar agus sonraí réalaíocha a chur san insint.

Nuair a bhíonn an insint á pleanáil ba cheart deiseanna a aithint chomh maith le fearas, léaráidí nó píosaí fianaise a úsáid. D'fhéadfaidís seo a bheith an-úsáideach agus scéal Bhréanainn á insint: pictiúr nó samhail de bhád ar an bhfarraige, pictiúr de mhíol mór, 'tuineach' a d'fhéadfadh an scéalaí fáscadh timpeall air/uirthi féin nuair a éiríonn an aimsir fuar. Tá Iomramh Bhréanainn le fáil i roinnt lámhscríbhinní maisithe agus leabhar luatha clóbhuailte, radharc an mhíl mhóir san áireamh, agus d'fhéadfaí cóip de cheann de na léaráidí sin a úsáid leis na páistí.

## Céim 3 An scéal a insint

An scéal a insint don ghrúpa. Má dhíríonn an múinteoir súile na bpáistí, is féidir leis/léi a n-aire a choinneáil, a thomhas cé chomh maith is a thuig siad gach eachtra agus an scéal a chur in oiriúint de réir mar is gá. Bíonn an insint níos spéisiúla agus níos beomhaire má úsáidtear athrú agus codarsnacht ní hamháin sna radhairc ach sa tuin chainte agus in airde agus luas an ghlóir, agus beidh a fhios ag an scéalaí—a bhfuil muinín aige/aici as/aisti féin—cén chaoi le húsáid a bhaint as an sos drámata sa chaint. Is féidir le geáitse agus gníomhaíocht go leor brí a chur in iúl: dian-iarracht chun an t-oileán a dhéanamh amach ar fhíor na spéire, dreach uafáis nuair a thosaíonn an t-oileán ag dul faoi, an t-iontas nuair a thuigtear cé chomh mór is atá an míol mór.

## Céim 4 Plé

Ba cheart go spreagfadh an dea-scéalaíocht ceistiú agus plé agus go mbeadh leibhéil éagsúla castachta sa phlé seo:

- ceisteanna simplí athghlaoite chun na heachtraí sa scéal a shoiléiriú:

  *Cá raibh cónaí ar Bhréanann?*

  *Cár shocraigh sé dul?*

  *Cén chaoi ar thaistil sé?*

- plé agus gníomhaíochtaí eile ag díriú ar ord an scéil (féach na moltaí sa bhosca ar leathanach 69 thall)

- plé agus tuairimíocht ar chúis agus iarmhairt:

  *Cén fáth, an gceapann sibh, ar mhaith le Bréanann taisteal go críocha eile?*

  *Cad a theastaigh ó na manaigh a dhéanamh sna críocha nua?*

- tuairimí a chaitheamh faoi mhothúcháin agus faoi staid na bpearsan. Tá sé tábhachtach go mbeadh na ceisteanna seo agus na ceisteanna faoi chúis agus iarmhairt oscailte go fírinneach. Ba cheart go spreagfaí na páistí le tuairimí a chaitheamh gan aon bhac, murab ionann agus 'an freagra ceart atá ar eolas ag an múinteoir a thomhas'.

  *Cén chaoi ar mhothaigh na manaigh agus iad ag cur chun farraige? agus iad ag taisteal níos faide agus níos faide? nuair a tháinig siad ar an míol mór?*

- na gnéithe den scéal a d'fhéadfadh a bheith fíor a aithint tharstu sin atá samhailteach. Aithneoidh formhór páistí ranganna 1 agus 2 na codanna den scéal ar 'síscéal' iad go héasca, ach beidh roinnt páistí a thabharfaidh droim láimhe don scéal ar fad mar go bhfuil sé soiléir go bhfuil cuid amháin de bréagach. Ba cheart go spreagfaí na páistí lena mhíniú cén fáth a gceapann siad go bhfuil cuid den scéal nó an scéal iomlán bréagach, agus ba cheart go gcuirfeadh an plé na páistí ag smaoineamh faoin áibhéil agus faoin bhfáth ar úsáideadh í, b'fhéidir

- de thoradh an phlé faoi ghnéithe fíora agus ghnéithe bréagacha an scéil go ndéanfaí athscrúdú ar an bhfianaise atá ar fáil. Má taispeánadh na pictiúir d'Iomramh Bhréanainn as na lámhscríbhinní luatha do na páistí, d'fhéadfadh go ndéarfaidh cuid acu go gcaithfeadh an scéal a bheith fíor mar go dtaispeánann an pictiúr an tine ar dhroim an mhíl mhóir. Má chuirtear grianghraf de mhíol mór i gcomparáid leis na líníochtaí Meánaoiseacha, b'fhéidir go gcabhródh sé leis na páistí a thuiscint nach bhfaca an t-ealaíontóir an eachtra in aon chor agus ar an ábhar sin nach féidir glacadh lena p(h)ictiúr mar lom na fírinne.


### Gníomhaíochtaí le tuiscint ar ord agus ar chúis agus iarmhairt a chothú

- sraith pictiúr a chur in ord sa chaoi is go n-insíonn siad scéal
- tús, lár agus deireadh an scéil a aithint
- dhá cheann nó trí cinn de na pictiúir is tábhachtaí in insint an scéil a roghnú
- iarraidh ar na páistí na heachtraí is tábhachtaí sa scéal a roghnú agus na difríochtaí sna roghanna a phlé
- na heachtraí atá fágtha ar lár i sraith neamhiomlán de na léaráidí a aithint nó a tharraingt
- an chaoi agus an fáth ar athraigh rudaí i gcás pearsan sa scéal a phlé
- cúiseanna le heachtraí a aithint chomh maith le torthaí ghníomhaíochtaí na bpearsan

## Céim 5 Iarobair

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí seo a bheith ina gcuid den iarobair:

- mionsamhail den bhád a dhéanamh mar chuid de ghníomhaíochtaí deartha agus déanta
- obair ealaíne ón Luathré Chríostaí a bhreathnú agus a imscrúdú, go háirithe samplaí ina léirítear éisc agus báid (mar shampla, tá radhairc le báid iontu ar roinnt de na hardchrosa) agus léaráidí eile d'Iomramh Bhréanainn ón Meánaois
- an scéal a athinsint ó bhéal, trí rólghlacadh nó mar mhím.



An míol mór taobh le bád na manach as cuntas de chuid na cúigiú haoise déag ar Iomramh Bhréanainn.

## Scéalta agus ficsean staire a léamh

Bíodh is gur féidir nach mbeadh an éifeacht dhrámata chéanna le scéal a léitear go maith do pháistí is a bheadh le hinsint an scéil, fós féin is uirlis an-éifeachtach é i dteagasc na staire. Baineann go leor de na teicníochtaí agus de na pointí a ndearnadh cur síos orthu in *Eiseamláir 8* thuas faoin scéalaíocht leis an scéal a léitear, chomh maith céanna: an gá le bheith eolach go hiomlán ar an scéal agus ar an gcúlra stairiúil, an gá atá le teanga agus téarmaí a aithint agus a mhíniú do na páistí, an fiúntas a bhaineann le déantúsáin agus fianaise a úsáid nuair a bhíonn an scéal á léamh, úsáid an ghlóir agus geáitsí agus an tábhacht a bhaineann le plé leathan mar iarobair.



### *Páistí óga*

Is féidir le scéalta, fiú scéalta nach bhfuil ábhar ceart staire iontu, cabhrú le páistí ord ama agus cúis agus iarmhairt a thuiscint agus cabhrú leo ionbhá a bheith acu le daoine eile. Nuair a bhíonn scéalta á roghnú, ba cheart do mhúinteoirí roinnt scéalta a chur san áireamh a bhfuil baint dhíreach acu le curaclam na staire: mar shampla *A Family Tree* le Mary Beckett (Poolbeg, 1992), a iniúchann an tionchar a bhíonn ag breith cúpla ar a muintir, agus *Something Old* le Ruth Craft agus Nicola Smee (Young Lions, 1993); bíodh is nach cuntais iad ar imeachtaí a tharla, go bhfios dúinn, déanfaidh siad comhlánú ar an iniúchadh ar stair muintire a mholtar do ranganna naíonán agus do ranganna 1 agus 2. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh leabhar mar *Seasons* le John Burningham (Red Fox, 1993) deiseanna iontacha a chur ar fáil chun na hathruithe atá le feiceáil i rith na bliana a phlé.

Tá eachtraí as saol pearsan staire an-fhéiliúnach don aoisghrúpa seo agus déantar iad a athinsint in go leor díolaim scéalta. Tá leabhair eile ann a fhíonn fíricí agus ficsean isteach ina chéile, mar *The Boy who Sailed with Columbus* le Michael Freeman (Pavilion Books, 1991), scéal faoi dhílleachta atá mar ghiolla loinge ar thuras taiscéalaíochta. Baineann go leor de na critéir a luadh i gcás an scéalaí le hoiriúnacht scéil a mheas, chomh maith. I gcás na scéalta is fearr, bíonn snáithe an scéil simplí, bíonn líon teoranta pearsan ann agus bíonn líon áirithe d'eachtraí soiléire ann. Ba cheart cruinneas na mionsonraí, agus cruinneas na léaráidí go háirithe, a scrúdú ó thaobh na staire de.

### *Páistí níos sine*

Tig le ficsean maith staire ról fíorthábhachtach a imirt i bhforbairt thuiscint staire an pháiste, pé acu a léann na páistí féin é nó a léitear dóibh é. Ligeann na samplaí is fearr den chineál seo scríbhneoireachta do pháistí teacht ar eolas faoi mhionsonraí shaol na bpearsan agus tuiscint a fháil ar dhearcadh, ar pheirspictíochtaí agus ar ábhair bhuartha lucht na linne ar bhealach ar éigean a bhféadfaidís a dhéanamh trí scrúdú a dhéanamh ar fhianaise phríomha.

Tá raon leathan ábhair den chineál seo ann i gcomhair gach tréimhse staire, beagnach. Is maith le roinnt údar scéal a insint faoi imeachtaí san am atá thart ag baint leasa as pearsana agus as imeachtaí staire: mar shampla, in *Strongbow and Aoife* le Morgan Llywelyn (O'Brien Press, 1994) insítear scéal ionradh na Normannach ar Éirinn ó pheirspictíocht phearsanta na beirte príomhphearsan sin agus tugtar eolas do pháistí faoi chaolchúis agus chastacht na tréimhse níos éifeachtaí ná mar a bheadh i gceist ar bhealach ar bith eile.

Cumann údair eile pearsana ficseanacha ach suíonn siad i gcomhthéacsanna cruinne stairiúla iad, mar shampla *The Viking Princess* le Michael Mullen (Poolbeg), nó na húrscéalta le Marita Conlon-McKenna atá suite in aimsir an Ghorta Mhóir, agus scéalta Rosemary Sutcliff a bhaineann le tréimhsí na Rómhánach agus na Lochlannach.

Soláthraíonn an chuid is mó de na leabhair sin ábhar atá rífheiliúnach le haghaidh sraithléitheoireachta, agus de réir mar a théann an scéal ar aghaidh ba cheart deiseanna a thapú le fáil amach conas atá eolas ag an údar faoin tréimhse sin. Gheobhaidh páistí atá ag déanamh staidéir ar an gClochaois agus ar an gCré-umhaois, mar shampla, neart sonraí faoi shaol, obair agus chultúr na Clochaoise in *The Boy with the Bronze Axe* le Kathleen Fidler (Puffin, 1972), agus is féidir an fhianaise stairiúil ar a bhfuil an leabhar bunaithe a chur ina láthair: an baile Clochaoise, Skara Brae in Inse Orc, a bhí folaithe ar feadh na gcéadta faoi dhumhcha a bhí ag carnadh i rith an ama go dtí gur nochtadh an baile le linn stoirme sa naoú haois déag.

Ceann de na rudaí is tábhachtaí is féidir leis an úrscéal a dhéanamh b'fhéidir ná ligean don pháiste imeachtaí agus ceisteanna casta a iniúchadh trí eispéiris pearsan ficseanach inchreidte. Feiceann páistí go leor ceisteanna i dtéarmaí 'dubh agus bán' go minic. Cabhraíonn an stair leo a thuiscint gur annamh a bhíonn an saol chomh simplí sin. Is féidir an chaoi ar chuir tionchar forásach an fhrith-Ghiúdachais isteach ar chairdeas idir buachaill Giúdach agus a chara neamh-Ghiúdach a fheiceáil in *Friedrich* le Hans Peter Richter (Puffin, 1987). Tá samplaí eile le fáil sa litríocht do pháistí a d'eascair as na 'trioblóidí' i dTuaisceart na hÉireann. Is bealach iontach é le hiarmhairtí eachtra stairiúil a iniúchadh *The Twelfth Day of July* le Joan Lingard (Puffin, 1979) a léamh, go háirithe má bhíonn an páiste ag déanamh staidéir ar thréimhse Chogadh an Dá Rí i nóchaidí na seachtú haoise déag ag an am. Déanann an t-úrscéal iniúchadh ar na bealaí éagsúla ar féidir le daoine sa lá atá inniu ann eachtraí staire a léirmhíniú agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar a ngníomhartha agus ar a dtuairim de dhaoine eile.

# Stair phearsanta agus stair theaghlaigh

## Ról staire pearsanta agus staire teaghlaigh

Pointe tosaithe sármhaith leis an am atá thart a iniúchadh is ea stair phearsanta agus stair theaghlaigh. Ba cheart don staidéar seo

- cur ar chumas na bpáistí a suíomh pearsanta féin ó thaobh ama a dhéanamh amach, eolas a chur ar stair an ama atá díreach imithe agus, dá thoradh sin, forbairt tuisceana don am atá thart a éascú
- feasacht páistí a fhorbairt faoi roinnt de na gaolta is tábhachtaí i measc a muintire féin, go háirithe a naisc féin lena dtuismitheoirí, lena ndeartháireacha agus a ndeirfiúracha, a seanaithreacha nó seanmháithreacha, agus a n-aintíní agus a n-uncailí
- cabhrú le páistí samplaí d'athrú agus de leanúnachas a iniúchadh ina saol féin agus i saol daoine eile
- teanga ama a thabhairt do na páistí, mar shampla sean/níos sine, óg/níos óige, roimhe/ina dhiaidh, ansin, mar a chéile/éagsúil, srl.
- deiseanna a chur ar fáil le scrúdú a dhéanamh ar raon fianaise simplí ar an am atá thart ina saol féin agus i saol a dteaghlaigh
- cabhrú le páistí a fheiceáil, de réir a chéile, gur luachmhar agus gur spéisiúil iad na heachtraí, na cuimhní agus an fhianaise a bhaineann leis an gcuid dá saol féin atá thart agus ar an gcaoi sin rud réadúil ábharthach a dhéanamh d'iniúchadh an ama atá thart i gcoitinne
- an scoil, na tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne a spreagadh chun comhoibrithe ar bhealach fóinteach ciallmhar in oideachas na bpáistí.

# Eiseamláir 9

## Mise agus mo mhuintir

ranganna 1 agus 2

### Réamhrá

D'fhéadfadh an ghné seo den chlár staire a bheith ina théama lárnach i staidéar comhtháite a mbeadh obair i dteanga, in OSPS, sa mhatamaitic, san eolaíocht, sa tíreolaíocht agus i dteagasc reiligiúin, b'fhéidir, i gceist ann. D'fhéadfadh obair ar a leithéid sin de théama bheith ar siúl ar feadh roinnt seachtainí. Baineann na céimeanna thíos go príomha le taobh na staire den obair.

B'éasca na moltaí a chur in oiriúint do ranganna naíonán.

### Céim 1 Eolas a thabhairt do na tuismitheoirí

Mar a dúradh cheana: caithfear ceist na staire pearsanta agus na staire teaghlaigh a láimhseáil go cáiréiseach, agus ní mór comhoibriú iomlán na dtuismitheoirí a bheith ar fáil chun go n-éireodh léi. Ba cheart litir a chur chuig na tuismitheoirí tamall maith sula dtosaíonn obair ar an téama seo. Ba cheart don litir

- an fáth a bhfuil staidéar ar an am atá thart i saol an pháiste tábhachtach a mhíniú
- cuid de na topaicí a phléifear sa seomra ranga a rianú agus a rá cén uair is dócha a thosófar ar an obair
- cur síos a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a mbeidh an páiste páirteach iontu, mar shampla ag cur leabhair gearrthóg nó líne ama pearsanta le chéile, ag cur ceisteanna ar thuismitheoirí faoina saol nuair a bhí siad féin ina bpáistí agus faoina bhfuil ar eolas acu faoi shaol a dtuismitheoirí sin, ag ceangal imeachtaí agus pearsana le cuid de na háiteanna sa cheantar
- a mhíniú cén chaoi ar féidir le tuismitheoirí cabhrú, mar shampla trí cheisteanna a fhreagairt, trí ghrianghraif (dá bpáistí ag aoiseanna éagsúla agus díobh féin) a chuardach agus, b'fhéidir, trí sheanrudaí a thabhairt ar iasacht don rang lena gcur ar taispeáint
- a dhearbhú do na tuismitheoirí go gcoinneofar gach rud a thugtar ar iasacht don scoil go cúramach agus go dtabharfar gach rud ar ais ag deireadh an tionscadail
- cuireadh a thabhairt d'aon tuismitheoirí a bheadh sásta labhairt leis na páistí faoi ghnéithe den am atá thart teagmháil a dhéanamh leis an scoil nó leis an múinteoir
- cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí labhairt go díscréideach leis an múinteoir nó leis an bpríomhoide faoi aon imní a bheadh orthu faoin obair a bheadh beartaithe.



Is féidir cabhrú le páistí na forbairtí ollmhóra atá tar éis titim amach dóibh ó rugadh iad a léirthuiscint má bhreathnaíonn siad ar leanbh nuabheirthe. B'fhéidir go bhféadfaí a shocrú go dtabharfaí bunóc ar cuairt chuig an seomra ranga in éineacht lena t(h)uismitheoirí. D'fhéadfaí na páistí a spreagadh le ceisteanna a chur faoin mbunóc agus faoin gcaoi a gcaithfear aire a thabhairt dó/di. Dá bhféadfaí é a dhéanamh, ba mhó fós a chabhródh sé dá bhfeicfeadh na páistí tuismitheoir ag ní na bunóice, rud a dhéanfadh comhlánú ar an gclár OSPS.

## Céim 2 Suim a mhúscailt

Bealach éifeachtach amháin don mhúinteoir chun suim na bpáistí san am atá thart a mhúscailt ná insint dóibh faoina (h)óige féin. Agus úsáid á baint as roinnt grianghraf ó thréimhsí éagsúla ina (h)óige féin, chomh maith le rudaí mar bhall éadaigh, bréagán, leabhar scéalta, nó cóipleabhar scoile, tig leis an múinteoir labhairt faoi raon teoranta imeachtaí agus tarlúintí ina s(h)aol féin. I gcás cuid de na páistí, b'fhéidir gurbh é seo an chéad uair dóibh a thuiscint gur pháiste an-óg a bhí sa duine fásta tráth, agus cuirfidh formhór na bpáistí den aois seo an-spéis sna déantúsáin.

Is féidir leas a bhaint as an spéis seo ach iarraidh ar na páistí rudaí a tharla dóibh féin nuair a bhí siad níos óige a thabhairt chun cuimhne:

> *An cuimhin leat cad a tharla duit nuair a bhí tú an-bheag?*
> *An cuimhin leat do chéad lá ar scoil?*
> *An cuimhin leat uair ar bith nuair a chuaigh tú ar strae?*
> *Cén cineál spraoi a thaitníodh leat nuair a bhí tú an-óg?*

## Céim 3 Nuair a bhí mé an-óg

Is féidir na páistí a spreagadh ansin chun pictiúr díobh féin nuair a bhí siad an-óg a lorg chomh maith le ceann a tógadh le déanaí. Is féidir iad sin a chur ar taispeáint sa seomra ranga (i bpócaí cumhdaigh plaisteacha ab fhearr). B'fhéidir go dtiocfadh rudaí eile chun solais, mar bhréagáin agus chuimhneacháin eile, agus ba cheart lipéid a chur orthu agus iad a chur ar taispeáint. Ba cheart go ndíreodh an plé ar na taispeántais sin aire an pháiste

- ar an gcaoi a bhfuil sé/sí féin tar éis forbairt agus ar an athrú fisiceach atá tar éis teacht air/uirthi

  *meáchan, airde, fiacla, éadaí anois agus an uair sin a chur i gcomparáid*

- ar an gcaoi a bhfuil forbairt tagtha ar a c(h)umas

  *gan bheith ag brath ar dhaoine eile oiread sin*
  *bheith in ann é/í féin a ghléasadh*
  *bheith in ann suí ag an mbord agus béile a ithe, siúl, rith, dul ar rothar*

- gnéithe de/di féin is dá t(h)impeallacht a d'fhan mar a bhí

  *dath na súl, na gruaige*
  *an seomra i gcúlra an ghrianghraif*
  *na bréagáin ar mhaith leis/léi spraoi leo an uair sin agus anois*

- ar an gcaoi a bhfuil a fhios againn faoi óige na ndaoine sna grianghraif nó a bhfuil rudaí leo sa bhailiúchán. Go dtí seo bhraithimis ar chuimhne an pháiste agus ar an bhfianaise a bhíodh i ngrianghraif, dar linn. Is féidir iontaofacht na fianaise a cheistiú trí cheisteanna mar iad seo a chur

  *'Cén chaoi a bhfuil a fhios againn gurb é Sam atá sa phictiúr seo, dáiríre?'*
  *'An bhfuilimid cinnte gur le Máire an bréagán seo?'*

- ar chineálacha eile fianaise a d'fhéadfaí a úsáid mar thacaíocht agus mar fhoinsí breise fianaise

  *fianaise scríofa, mar shampla 'Scríobh duine éigin ainm Sam ar an gcúl'*
  *fianaise bhéil, mar shampla 'D'fhéadfaimis ceist a chur ar mham Mháire faoin mbréagán'*

## Céim 4 Eolas breise á fháil

Toradh nádúrtha a bheidh ar an bplé thuas ná go ndéanfaidh na páistí tuilleadh imscrúdaithe. D'fhéadfadh ceisteanna mar iad seo a leanas cabhrú lena gcuid oibre a stiúradh:

> *Cár rugadh mé? mo mham? mo dhaid?*
> *Cén áit ar fhás mo thuismitheoirí aníos?*
> *An raibh deartháireacha nó deirfiúracha ag mo mham/dhaid?*
> *Cérbh í máthair mo mham? Cérbh é athair mo dhaid? srl.*
> *Cá raibh cónaí orthu?*
> *Cén obair a rinne mo sheanaithreacha nó seanmháithreacha?*
> *An raibh cónaí orainn sa teach seo i gcónaí? Mura raibh, cá raibh cónaí orainn?*
> *Cathain a fuaireamar an madra atá againn mar pheata?*
> *Cathain a thosaigh mé ag dul ar scoil?*

## Céim 5 Taifeadadh

Is féidir na coincheapa atá ag na páistí de leanúnachas agus d'athrú ina saol féin a dhaingniú ach línte ama pearsanta simplí a chur le chéile, agus d'fhéadfaí leas a bhaint astu seo chun teanga ama a fhorbairt freisin.

Chomh maith leis sin, beidh na páistí in ann cuid de na daoine agus de na gaolta is tábhachtaí i measc a muintire a thaifeadadh, mar shampla tuismitheoirí, deartháireacha agus deirfiúracha, seanaithreacha agus seanmháithreacha, ach leabhar gearrthóg nó craobh ghinealaigh a úsáid.







Gaolta na muintire á dtaifeadadh

# Fianaise a úsáid

## Ról na fianaise i gceachtanna staire

Leagann aidhmeanna agus cuspóirí an churaclaim staire, chomh maith leis na haonaid oibre féin, an-bhéim ar na páistí a bheith ag úsáid fianaise go forleathan ag gach leibhéal. Baineann an páiste buntáistí as ar bhealaí tábhachtacha éagsúla má bhíonn deiseanna aici/aige píosaí fianaise staire a bhreathnú, a láimhseáil, a scrúdú, ceisteanna a chur ina dtaobh, iad a chur i gcomparáid le chéile agus tátail a bhaint astu. Ar na buntáistí sin d'áireofaí iad seo a leanas:

- déanann aimsiú agus scrúdú earraí, pictiúr, foirgneamh agus foinsí eile fianaise eispéireas gníomhach den cheacht staire, eispéireas nach mbíonn 'scéal an ama atá thart' réamhshocraithe ann ach é le baint amach ag an bpáiste dó/di féin
- is féidir cabhrú leis an bpáiste tuiscint a fháil d'am atá éagsúil leis an lá atá inniu ann trí scrúdú a dhéanamh ar earra a bhaineann le tréimhse eile. D'fhéadfadh nach mbeadh ann ach rud chomh simplí le cás peann luaidhe déanta as adhmad a d'úsáideadh seanathair nó seanmháthair, nó mála scoile ó na seachtóidí. Cuirtear an páiste i ndearbhtheagmháil leis an am atá thart agus spreagtar iontas agus fiosracht ann/inti
- cuireann láimhseáil fianaise le forbairt scileanna anailíseacha: cumas breathnaithe agus idirdhealaithe, mar aon le cumas rudaí a chur i gcomparáid, peirspictíochtaí a mheas agus tátail a bhaint as gníomhartha agus bearta an duine. Scileanna riachtanacha iad seo má tá an páiste le teacht in inmhe mar dhuine fásta i sochaí dhaonlathach ina mbíonn tuile fianaise á cur i láthair gach lá ag na meáin chumarsáide.

## Cad ba cheart a bhaint amach trí fhianaise a úsáid?

Ba cheart don fhianaise a chuirtear i láthair na bpáistí

- cur ar a gcumas fianaise a scrúdú agus tátail a bhaint aisti ar bhealaí a bheidh ag éirí níos forbartha de réir a chéile
- taithí ar raon fairsing fianaise a thabhairt dóibh—fianaise a léiríonn gnéithe iomadúla de shaol an duine san am atá thart seachas na gnéithe sin amháin a chuir taifead faisnéiseach ar fáil
- iad a spreagadh le hearraí coitianta a bhaineann lena saol agus lena dtimpeallacht féin a aithint mar rudaí a d'fhéadfadh bheith ina bhfoinsí fianaise do na glúine atá le teacht
- a chur ar a súile dóibh chomh tábhachtach is atá sé fianaise ón am atá thart a chaomhnú.

Sna leathanaigh seo a leanas pléifear an chaoi a bhféadfaí cineálacha éagsúla fianaise a úsáid i raon ceachtanna agus le páistí i ranganna éagsúla.

# Fianaise béil

*Foinse staire bheo, gan idirghabhálaí, is ea fianaise bhéil tugann sí eachtraí agus gnéithe san am atá thart chun beatha do na páistí agus cuireann sí ar a gcumas teacht ar eolas ar éigean a mbeadh teacht air in aon áit eile.*

## Ról na fianaise béil

Foinse staire bheo gan idirghabhálaí agus a fheileann go maith don rang bunscoile í fianaise béil. Is féidir fianaise béil a úsáid chun

- eachtraí agus gnéithe den am atá thart a thabhairt chun beatha do na páistí. Bíonn creidiúint ag an am atá thart nuair a chloistear faoi eachtra ó dhuine atá in ann a rá, 'Bhí mise ann'
- cur ar chumas páistí teacht ar eolas ar éigean a mbeadh teacht air in aon áit eile. Is cuimhin le daoine i bhfad níos mó faoi eachtra ná mar a scríobhtar síos go minic: mar shampla, cuntas a thugann imreoir (nó fiú duine den lucht féachana) ar lá a imríodh cluiche iománaíochta i gCraobh na hÉireann, beidh níos mó mionsonraí ann ná mar a bheadh i dtuairisc nuachtáin. Go minic, is eolas an-phearsanta a bheidh ann agus gné áitiúil ag dul leis, mar shampla, an fuadar a bhain leis an turas bus ón mbaile go dtí an cluiche agus scleondar na fáilte abhaile
- a chinntiú go mbreathnaítear ar an am atá thart ó raon peirspictíochtaí. Is minic nach mbíonn oiread sin tráchta ar eispéiris saoil thromlach mór na ndaoine san fhianaise fhaisnéiseach, go háirithe i gcás grúpaí áirithe sóisialta, eitneacha, agus cultúrtha. Tríd an bhfianaise béil bíonn teacht againn ar eispéiris raon i bhfad níos leithne daoine
- ligean dúinn páirt a ghlacadh i mothúcháin daoine a bhí páirteach in imeachtaí san am atá thart
- cabhrú le páistí, leis na páistí is sine go háirithe, scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le peirspictíocht duine ar an am atá thart tionchar a imirt ar a c(h)uimhne
- cabhrú le páistí tuiscint a fháil d'am. Tá roinnt oideachasóirí ann a áitíonn go bhfuil tuiscint páistí ar an am atá thart agus ar a mbaint féin leis an am sin easnamhach toisc nach mbíonn teagmháil rialta leanúnach acu le seanaithreacha nó seanmháithreacha agus lena ndaoine muinteartha.

# Eiseamláir 10

## Ag cur agallaimh ar dhuine níos aosta — na ranganna go léir

### Réamhrá

Féadfaidh agallamh le duine níos aosta bheith an-tairbheach agus an-spreagúil do na páistí agus don mhúinteoir, ach ní mór ullmhúchán an-chúramach a dhéanamh chuige.

### Céim 1 Fócas an agallaimh a shoiléiriú

Is fearr go mór a éireoidh le hagallamh má bhíonn an múinteoir soiléir ina (h)intinn féin faoin gcuspóir a bhíonn leis. B'fhéidir go socródh múinteoirí béaloideas a úsáid chun toise bhreise a chur le

- mionstaidéar ar thréimhse faoi leith, mar shampla an saol sna seascaidí, saol páiste i mBaile Átha Cliath i mblianta an Dara Cogadh Domhanda
- staidéar ar raon forbartha: mar shampla d'fhéadfadh agallamh le tiománaí traenach nó tiománaí bus atá ar scor a bheith mar chuid de staidéar ar thaisteal agus iompar sa cheantar i rith na n-aoiseanna
- staidéar ar fhoirgnimh áitiúla nó ar áiteanna sa cheantar mar shampla, agallaimh le hoibrithe monarchan atá dúnta anois, agallaimh le feirmeoirí ar cuimhin leo an muileann a bheith in úsáid mar mhuileann agus ní mar lárionad oidhreachta
- páistí a dhéanamh feasach ar shamplaí simplí d'athrú agus de leanúnachas i ngnéithe dá ngnáthshaol laethúil.

Féadfaidh na páistí féin mionsonraí na gceisteanna a chuirfidh siad i rith an agallaimh a oibriú amach faoi stiúir an mhúinteora (féach céim 3 thíos), ach caithfidh tuiscint shoiléir a bheith ag an múinteoir faoin gcaoi a gcuirfidh an t-agallamh leis an staidéar. Mar shampla, i gcás mná a bheadh sásta ceisteanna a fhreagairt faoin uair a bhí sí ina páiste i mBaile Átha Cliath sna daichidí, d'fhéadfaí fiafraí di faoi rudaí mar a teach, a cuid bia, a héadaí, na cluichí a d'imir sí, agus a cuimhní ar an scoil.

### Céim 2 Na daoine a gcuirfear agallamh orthu a roghnú agus a ullmhú

Ba cheart na daoine a gcuirfear agallamh orthu a roghnú go cúramach má tá siad le bheith ina bhfoinsí maithe staire béil d'obair i mbunscoil. Tá roinnt saincheisteanna ann a gcaithfear aird a thabhairt orthu:

- fiúntas cuimhní cinn an duine: roinnt de na daoine a bhféadfaí agallamh a chur orthu, bíodh is go raibh siad beo le linn tréimhse áirithe, b'fhéidir go raibh siad ró-óg ag an am le go mbeadh cuimhne shoiléir phearsanta acu ar ar tharla
- cumas an duine labhairt faoin saol fadó agus san am céanna spéiseanna, stór focal agus réise theoranta aire na bpáistí a chur san áireamh
- cé chomh sásta is atá an duine labhairt faoina t(h)osca pearsanta féin, a m(h)uintir, agus a t(h)aithí. Tharlódh go dtabharfadh cuid de cheisteanna na bpáistí, gan fhios dóibh féin, rudaí an-phearsanta chun cuimhne
- cáilíocht an chaidrimh idir an múinteoir agus an té a bhfuil agallamh á chur air/uirthi. Má bhíonn an-aithne acu ar a chéile ní gá go mbeadh aon aiféaltas ag baint leis an múinteoir deireadh a chur leis an seisiún dá mbeadh aire an ranga caillte, nó lena iarraidh ar an gcuairteoir teacht ar ais dá mba ghá sin.

Is féidir teacht ar dhaoine a bhféadfaí agallamh a chur orthu ar bhealaí éagsúla: i measc tuismitheoirí agus seanaithreacha nó seanmháithreacha na bpáistí, i measc grúpaí sa pharóiste nó sa phobal, trí chumainn áitiúla staire agus trí lárionaid oidhreachta nó mhúsaeim áitiúla.

Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh an múinteoir agus an té atá le cur faoi agallamh plé iomlán ar an gceist roimh ré. Tabharfaidh sé sin deiseanna don mhúinteoir

- na réimsí is mó ar féidir leis an gcuairteoir labhairt fúthu go réidh a aithint
- eolas a thabhairt don chuairteoir faoin staidéar atá déanta ag na páistí go dtí seo
- a mhíniú faoin aoisghrúpa atá i gceist, an cineál scileanna staire agus an réise aire a mheastar a bheith acu
- na réimsí ar cosúil go mbeadh fonn ar na páistí ceisteanna a chur fúthu
- a mhíniú cé acu a mbeidh rang nó grúpa níos lú i gceist
- fiafraí an bhféadfaí an seisiún a thaifeadadh
- coinne a dhéanamh agus socrú a dhéanamh faoi chóir taistil más gá sin.

## Céim 3 Ullmhú don chuairt

Ní bheidh sé éasca d'fhormhór na bpáistí ceisteanna a chur as a stuaim féin. Má tá agallamh le bheith tairbheach caithfear na páistí a ullmhú go maith. D'fhéadfadh gurb é a bheadh i gceist leis sin

- eolas a bheith ag na páistí ar chúlra na tréimhse a mbeidh an duine ag labhairt fúithi, ionas go mbeidh siad in ann a mbeidh á rá ag an gcuairteoir a chur i gcomhthéacs agus teacht ar ais le ceisteanna breise oiriúnacha. Ar an ábhar sin, nuair a bhíonn tréimhse mhaith oibre déanta ar an topaic is ea ba cheart smaoineamh ar agallaimh. Cinnte, athróidh sé sin ó rang go rang tríd an scoil ar fad, ach fiú amháin i gcás ranganna naíonán beidh gá le méid áirithe réamhoibre faoin gcúlra
- tabhairt ar pháistí díriú ar na ceisteanna ba cheart dóibh a chur ar an gcuairteoir. D'fhéadfadh go gcuirfeadh slám docht réamhshocraithe de cheisteanna bac le spontáineacht an agallaimh, agus ba cheart a leithéid sin a sheachaint, ach ba cheart na páistí a threorú chun go leagfaidís amach na réimsí a mbeadh siad ag cur ceisteanna fúthu. D'fhéadfadh agallamh le seanfheirmeoir, mar shampla, díriú ar ghnéithe áirithe dá chuid oibre atá tar éis athrú ón uair a bhí sé féin ina bhuachaill ag fás suas ar an bhfeirm. D'fhéadfaí rudaí a chur san áireamh mar chruth chlós na feirme, na foirgnimh, an trealamh a d'úsáidtí sna goirt le barra a chur agus a bhaint



- teicníochtaí agallaimh a fhoghlaim. I dtosach b'fhéidir go ndíreofaí an obair ar cheisteanna a ullmhú. D'fhéadfaí gnéithe faoi leith den agallamh a thabhairt do ghrúpaí éagsúla sa rang agus cúram orthu ceisteanna feiliúnacha a chur le chéile. D'fhéadfaí cuid acu seo a thriail i modh ról-aithrise sa rang. Is é an aidhm a bheadh leis an obair seo na páistí a spreagadh le smaoineamh ar raon ceisteanna roimh ré, agus chomh maith leis sin fiúntas na gceisteanna a scrúdú: is cuimsithí an freagra a gheofar ar cheist oscailte mar, 'Cén chaoi a ndearna sibh treabhadh an uair sin?' ná ar cheist dhúnta mar, 'An mbíodh capaill agaibh leis an obair a dhéanamh?' ar féidir an freagra gairid 'Bhíodh' a thabhairt air
- Ba cheart béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le héisteacht go cúramach lena mbíonn á rá. D'fhéadfadh na páistí cuid de na ceisteanna is tábhachtaí a scríobh síos ach ba cheart iad a spreagadh gan cloí le liosta docht ceisteanna. Má éisteann siad go cúramach, ba cheart go mbeidís in ann freagairt don chainteoir agus tuilleadh sonraí spéisiúla a fháil uaidh/uaithi.

  Ach breathnú ar pháistí eile ag ról-aithris agus iad ag cur agallaimh agus faoi agallamh, beidh deiseanna acu tábhacht a gcuid gothaí a fheiceáil
- socrú cé acu an ndéanfar taifeadadh ar an agallamh nó nach ndéanfar, agus cén chaoi. D'fhéadfaí fístéip nó téip fuaime a úsáid, ach caithfear cead an chuairteora a fháil go maith roimh ré. Ba cheart an trealamh ar fad atá le húsáid a thástáil agus é a bheith i bhfearas roimh theacht an chuairteora.

## Céim 4 An t-agallamh

Is sa seomra ranga a tharlóidh an chuid is mó de na hagallaimh nuair a bhuailfidh an rang ar fad leis an gcuairteoir. Feileann sé sin do na páistí is óige go háirithe. Ba cheart d'urlabhraithe ó na grúpaí éagsúla a bhfuil smaoineamh déanta acu ar théamaí an agallaimh tús a chur leis an gceistiú. D'fhéadfadh gur éasca a d'fhreagródh cuairteoirí dá gcuirfí ceisteanna orthu faoi earra nó faoi ghrianghraf faoi leith, nó faoi dháta a bhí tábhachtach ina saol, mar shampla a gcéad lá ar scoil, lá a raibh siad i dtrioblóid ar scoil, an uair a thosaigh siad ag obair, an chéad turas fada a thug siad ón mbaile. Cabhróidh sé leis na páistí má bhíonn na hearraí le láimh agus roinnt ceisteanna tábhachtacha ullmhaithe, go háirithe sa chuid tosaigh den agallamh.

D'fhéadfaí socruithe eile a dhéanamh i gcás na bpáistí is sine. Is dócha go mb'fhearrde an toradh an cuairteoir a bhualadh le grúpa réasúnta beag páistí. D'fhéadfaí an t-agallamh a thaifeadadh agus d'fhéadfadh an rang ar fad breathnú air níos déanaí. D'fhéadfadh deacrachtaí móra a bheith ag baint leis, ach is cosúil go mbeadh cuairteoirí níos mó ar a gcompord i dtimpeallacht neamhfhoirmiúil, mar shampla i gcúinne den leabharlann nó i seomra beag. D'fhéadfadh páistí roinnt agallamh a dhéanamh le gaolta sa bhaile.

I ngach cás, ba cheart do na páistí foghlaim le meas a bheith acu ar an gcuairteoir agus le plé leis/léi go cúirtéiseach, roimh an seisiún, lena linn, agus ina dhiaidh. Ba cheart iad a spreagadh le cathaoir chompordach a chur ar fáil don chuairteoir, le héisteacht go béasach, agus le cuireadh a thabhairt dó/di breathnú ar chuid den obair atá críochnaithe acu ar an tréimhse atá i gceist, agus le buíochas a ghabháil leis/léi ag an deireadh. Beidh áthas ar go leor cuairteoirí cuireadh a fháil teacht ar ais le breathnú ar thaispeántas nuair a bheidh an tionscadal críochnaithe, agus ba cheart do na páistí litir bhuíochais a scríobh i gcónaí.

## Céim 5 Iarobair

Cabhróidh plé agus iarghníomhartha leis na páistí

- ar chuala siad a thabhairt chun cuimhne agus a shoiléiriú
- na cuntais a thug an cuairteoir a cheangal le píosaí eile fianaise agus eolais faoin tréimhse
- áiteanna a luadh san agallamh a aithint, go háirithe áiteanna sa cheantar
- samplaí d'athrú agus de leanúnachas a aithint
- smaoineamh ar mhothúcháin an chuairteora i leith na n-imeachtaí a ndearna sí/sé cur síos orthu. Thar aon fhoinse eile, tá an fhianaise béil suibiachtúil. D'fhéadfadh go dtabharfaí ar na páistí smaoineamh ar chlaonadh agus ar chruinneas na fianaise béil má chuireann siad dhá chuntas béil faoin ábhar céanna i gcomparáid lena chéile. Deir scríbhneoirí áirithe gur fusa do pháistí claonadh a fheiceáil i gcomhthéacs fianaise béil ná ar aon bhealach eile
- a gcuid fionnachtana a shoiléiriú agus a chur i láthair daoine eile ar bhealaí éagsúla.

# Déantúsáin a úsáid



## Cad is déantúsán ann?

Déantúsán stairiúil é aon rud a bhí in úsáid ag daoine san am atá thart ar chúiseanna praiticiúla nó aeistéitiúla agus a tháinig slán. Bosca lóin páiste ó na hochtóidí, mionsciorta ó na seascaidí, rialóir sleamhnáin ó na caogaidí, lampa ola ón naoú haois déag agus scríobán ón gClochaois, is déantúsáin stairiúla iad ar fad agus léiríonn siad ar fad gnéithe de shaol na ndaoine a rinne iad agus a d'úsáid iad. Is déantúsáin freisin iad pictiúir, cáipéisí scríofa, leabhair chlóbhuailte, taifid leictreonacha agus rudaí sa timpeallacht, ach caithfear plé leis na foinsí sin ar bhealaí éagsúla, agus labhrófar fúthu i míreanna níos faide síos.

Ról na ndéantúsán

Tig le déantúsáin stairiúla cur le tuiscint staire an pháiste agus le forbairt a scileanna staire ar bhealach suntasach:

- gníomhaíocht ann féin í láimhseáil agus imscrúdú déantúsán stairiúil agus tig léi tionchar láidir spreagthach a bheith aici i múineadh agus i bhfoghlaim na staire
- is féidir le páistí a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta nó deacrachtaí eile foghlama acu a bheith chomh héifeachtach céanna lena gcomhdhaltaí ag déanamh anailíse ar fhianaise na ndéantúsán agus ag baint tátal aisti, ar a laghad
- cuireann sé go mór leis an iarracht teacht ar thuiscint leathan chothrom ar an stair déantúsáin a úsáid mar fhianaise stairiúil. Níl an scríbhneoireacht ann rófhada i stair an duine, agus fiú nuair a bhíodh sí in úsáid ba ag na daoine saibhre, ag lucht na cumhachta agus ag lucht an léinn í. Os a choinne sin bhíodh déantúsáin ina sheilbh ag gach cineál duine, mná chomh maith le fir
- ach déantúsáin a scrúdú, chabhródh sé le páistí, b'fhéidir, meas a bheith acu ar chlisteacht daoine san am atá thart. Toisc go bhfuil na teicneolaíochtaí atá ar fáil dúinne sa lá atá inniu ann chomh hilghnéitheach agus chomh casta sin, tá an chuma ar an scéal go bhfuil an fearas, na huirlisí agus na rudaí a dhéanaimid 'níos fearr' ná na cinn a d'úsáid daoine fadó. Trí dhéantúsáin staire a scrúdú is féidir le páistí a thuiscint go raibh daoine fadó chomh cruthaitheach céanna agus iad ag réiteach fadhbanna praiticiúla, ag cur san áireamh teorainneacha na dteicneolaíochtaí a bhí ar fáil dóibh
- cuireann déantúsáin deiseanna luachmhara ar fáil le samplaí de chúis agus iarmhairt, athrú agus leanúnachas a scrúdú. Is minic a léireoidh siad riachtanais, tosca nó teicneolaíochtaí na ndaoine a d'úsáideadh iad agus is féidir forbairt déantúsán gaolmhar a rianú thar thréimhse ama, mar shampla 'lampaí agus soilse trí na haoiseanna'.

## Déantúsáin a aimsiú agus a roghnú

Bíonn na déantúsáin is feiliúnaí le húsáid le páistí bunscoile

- sách láidir le gur féidir leis na páistí iad a láimhseáil go cúramach. Go minic is féidir le páistí go leor a insint faoi earra ach é a láimhseáil agus a mhothú. Ba cheart páistí a mhúineadh le haire a thabhairt do sheanearraí agus le meas a bheith acu orthu. B'fhéidir go gcuirfeadh na páistí is sine spéis sa chaoi a dtagann meath ar rudaí de bharr aoise agus úsáide: mar shampla, d'fhéadfaí an chaoi a n-éiríonn nuachtáin buí, an chaoi a dtréigeann dath fabraicí agus an toradh a bhíonn ar chreimeadh a imscrúdú gan stró san obair eolaíochta
- bainteach le raon leathan de ghníomhaíochtaí daonna, cuid acu nach luaitear go minic sna foinsí scríofa, mar shampla, trealamh tí, uirlisí feirme, uirlisí lucht ceirde, éadaí, agus trealamh scoile
- gan a bheith chomh sean sin i gcónaí. Is féidir earraí a fháil ó na páistí féin agus tá siad seo ar na hearraí is tábhachtaí agus is ábhartha ar fad: is féidir le páistí earraí dá gcuid féin—bréagáin nach bhfuil in úsáid a thuilleadh, baill éadaigh, cuimhneacháin, seanchártaí lá breithe srl.—a úsáid lena bhforbairt féin a imscrúdú.

D'fhéadfaí earraí a fháil uathu seo a leanas

- tuismitheoirí, seanaithreacha agus seanmháithreacha, agus gaolta eile na ndaltaí. Nuair a thugtar faoi stair na muintire d'fhéadfaí tuismitheoirí nó gaolta eile a spreagadh le seanearraí a thaispeáint nó a thabhairt ar iasacht do na páistí sa rang
- siopaí mangarae agus stallaí earraí ar athdhíol
- oibrithe atá scortha agus a choinnigh, b'fhéidir, uirlisí nó earraí a bhain lena gcuid oibre
- iarsmalanna áitiúla a mbeadh sé ar a gcumas, b'fhéidir, roinnt earraí a thabhairt ar iasacht nó iad a thaispeáint do na páistí.

D'fhéadfadh scoil a bheartú earraí den chineál sin a bhailiú in imeacht na mblianta agus bailiúchán staire, foireann uirlisí nó iarsmalann bheag a chur le chéile a mbeadh teacht air ag na ranganna uile sa scoil. Má bhailítear earraí, tá sé tábhachtach oiread eolais agus is féidir faoina mbunús a fháil agus a thaifeadadh, mar beidh sé sin luachmhar sna blianta atá le teacht.

Bíodh is go bhféadfaí teacht ar earraí ó dheireadh na naoú haoise déag agus ón bhfichiú haois go réasúnta éasca, b'fhéidir, is annamh a thagtar ar earraí beaga a bhaineann le tréimhsí níos faide siar ná sin. Tharlódh, i ngeall ar a luach nó an chuma a bheadh orthu, nach mbeidís feiliúnach don seomra ranga pé scéal é. Bíonn macasamhla nua-aimseartha de roinnt earraí tí, mar shampla coinnleoirí, meánna agus meáchain, bréagáin adhmaid, nó lampaí Clochaoise, ar díol i siopaí músaeim agus, más de réir an tsean-nóis a rinneadh iad, d'fhéadfaidís a bheith luachmhar sa seomra ranga.

# Eiseamláir 11

## Earra á imscrúdú

ranganna 3 agus 4

### Réamhrá

D'fhéadfaí an creat atá i gceist leis an eiseamláir seo a úsáid le déantúsán stairiúil ar bith beagnach. Is maith an smaoineamh é na céimeanna sa teicníocht seo a úsáid le hearraí comhaimseartha sula gcuirtear i bhfeidhm iad ar earraí ón am atá thart.

Ba chóir an obair seo a dhéanamh i ngrúpaí beaga, ó cheart, gach grúpa agus earra amháin á imscrúdú aige. D'fhéadfaí an ghníomhaíocht seo a úsáid mar chuid den staidéar ar thréimhse faoi leith nó ar ghné faoi leith den saol fadó. Sa chaoi sin, thosódh na páistí ar an scrúdú agus eolas faoin gcomhthéacs acu cheana féin, rud a chabhródh leo an t-earra a mheas agus a imscrúdú. Os a choinne sin, d'fhéadfaí an ghníomhaíocht a úsáid le tús a chur le topaic, mar go spreagfadh na ceisteanna a chuirfeadh na páistí le linn an imscrúdaithe tuilleadh taighde.

### Earra á imscrúdú

- *breathnaítear ar an earra ach ná déantar tomhas faoi cé atá ann*
- *scrúdaítear an t-earra go géar*

  *láimhseáiltear agus mothaítear é*

  *déantar pictiúr de*

  *caitear machnamh*

  *… ar a chuma fhisiceach, ar a dhéanamh*

  *… ar an bhfeidhm a bhí leis, ar a dhearadh*
- *baintear tátail as maidir leis na daoine a rinne agus a d'usáid é*
- *déantar tuilleadh imscrúdaithe air*

### Céim 1 An t-earra a chur i láthair

Tá an sampla seo bunaithe ar smóladán beag láimhe. Nuair a chuirtear a leithéid seo d'earra i láthair páistí, déanfaidh go leor acu iarracht a thomhas cé hé féin. Aontaíonn an chuid is mó de na scríbhneoirí gur ceart bac a chur leis sin, mar chomh luath is a dhéantar tomhas ní go héasca a smaoineoidh na páistí ar rudaí eile a d'fhéadfadh a bheith ann agus ní dhéanfaidh siad an t-imscrúdú chomh dian agus is gá.

### Céim 2 An t-earra a imscrúdú

Má theastaíonn uainn go labhródh déantúsáin linn faoin am atá thart tá breathnóireacht ghéar agus scrúdú córasach tábhachtach. Chabhródh sé leis na páistí eolas a chur ar ghnéithe an smóladáin má láimhseálann siad é, má mhothaíonn siad é agus má tharraingíonn siad pictiúr de. Le linn dóibh a bheith á tharraingt ba cheart na páistí a spreagadh leis na marcanna, na línte agus aon ghnéithe eile a bhreacadh chomh cruinn agus is féidir leo. D'fhéadfaí lipéid a chur leis na líníochtaí le gnéithe spéisiúla a nótáil.

Ba cheart páistí a spreagadh le hearraí a scrúdú go córasach agus le tátail bunaithe ar eolas a bhaint astu. Is féidir anailís a dhéanamh ar an gcuid is mó de na hearraí ach smaoineamh orthu seo:

- gnéithe fisiceacha an earra
- an chaoi ar cuireadh an t-earra le chéile
- an riocht ina bhfuil sé
- an fheidhm a bhí leis
- a dhearadh.


Taispeánann an tábla ar an gcéad leathanach eile cén chaoi a bhféadfaí seo a chur i bhfeidhm ar an smóladán. Mura bhfuil taithí ag na páistí ar dhéantúsáin a scrúdú, d'fhéadfadh an múinteoir na ceisteanna a úsáid leis an earra a scrúdú leis an rang ar fad. Ina dhiaidh sin, d'fhéadfaí cóipeanna de na ceisteanna a thabhairt do ghrúpaí mar áis tagartha agus le plé a spreagadh fad is a bheadh earra ar bith á scrúdú.

### Céim 3 Tátail a bhaint

Ba cheart go spreagfadh an plé agus an ceistiú na páistí le smaoineamh faoinar féidir leis an earra a insint dúinn faoi scileanna, teicneolaíochtaí, foirmeacha ealaíne, obair agus caitheamh aimsire na ndaoine a d'úsáid é. Mar shampla, bhí an smóladán ag teastáil ó dhaoine nuair ba iad na coinnle an t-aon fhoinse solais a bhí acu sa teach. Bíodh is go n-úsáidimid coinnle inniu ní úsáidimid iad chomh minic sin go mbíonn gá againn le smóladán.

Trí earraí eile a scrúdú, b'fhéidir go dtiocfadh na páistí ar thuiscint don ualach oibre a bhí le déanamh ag oibrithe tí fadó agus don chaoi a mbímidne ag brath ar mheaisíní. B'fhéidir go dtabharfadh an maisiú ar earraí leid faoi spéiseanna agus faoi chreideamh daoine: mar shampla, b'fhéidir go ndearnadh mugaí nó plátaí comórtha ar ócáidí móra nó ar chuairteanna daoine chuig áiteanna áirithe; b'fhéidir go léiríonn crosa ó aimsir na bPéindlíthe an tábhacht a bhain le hoilithreachtaí do na daoine.

D'fhéadfadh na páistí cuid de na gnéithe sin a phlé níos iomláine tar éis dóibh deis a bheith acu tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ar an earra agus ar an tréimhse lenar bhain sé.



Smóladán

## Céim 4 Iarobair

Ba cheart go mbeidís seo ar na gníomhaíochtaí iaroibre:

- tabhairt faoi thuilleadh taighde lena chinntiú gur aithníodh an t-earra i gceart, mar shampla, trí leabhair, fianaise béil nó grianghraif a úsáid
- imscrúdú a dhéanamh faoin gcaoi ar tháinig modhanna eile soilsithe chun cinn
- i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé cabhrú le páistí ionbhá a bheith acu le daoine fadó agus leis an saol a bhí acu má dhéanann siad iarracht na hearraí a úsáid. Mar shampla, má ardaíonn siad iarann trom smúdála agus é á chur i gcomparáid le ceann nua-aimseartha b'fhéidir go rachadh sé i gcion orthu an méid oibre a bhí i ceist sular tháinig ann don iarann leictreach.

## Creat le déantúsáin stairiúla a scrúdú agus é curtha i bhfeidhm ar smóladán


| Caitear machnamh le ... | Cuirtear ceisteanna mar ... | Tráchtaireacht |
|---|---|---|
| gnéithe fisiceacha | *Cén dath atá air?*<br>*Cad leis is cosúil é?*<br>*... cruth, méid*<br>*Cén mothú atá ann?*<br>*... uigeacht, teocht, meáchan*<br>*Cén glór atá aige?*<br>*... toll, cling stáin ann, dlúth*<br>*An féidir aon inscríbhinní a fheiceáil?* | Tá dath an airgid ar an smóladán taobh amuigh, ach tá sé dubh taobh istigh. B'fhéidir go dtabharfadh sé seo le fios gur coinníodh nó gur cuireadh rud 'salach' ann.<br><br>Tá cuma crua láidir ar an smóladán. Níl aon inscríbhinní air. |
| déanamh | *An i bpíosaí a rinneadh é?*<br>*... nó in aon phíosa amháin?*<br>*An bhfuil aon rian air gur i múnla a rinneadh é?*<br>*Cad as a rinneadh é?*<br>*... adhmad, miotal, cré, plaisteach, fabraic* | Ba cheart do pháistí foghlaim le gnáthábhair a aicmiú agus a aithint trí ghníomhaíochtaí sórtála cosúil leo sin atá molta sa chlár eolaíochta. Is féidir iad a mhúineadh freisin le roinnt gnáth-theicníochtaí déantúsaíochta a aithint: mar shampla, beidh líne mhúnla le feiceáil ar earra múnlaithe, beidh cruth rialta ar earra cré a rinneadh ar roth agus amanna beidh línte le feiceáil air, bíonn éadaí a rinneadh as fabraicí sníofa éagsúil go maith leo sin atá cniotáilte.<br><br>Tá a rian le feiceáil ar an smóladán go ndearnadh i múnla é, ach b'fhéidir gur cuireadh an chos leis níos déanaí. |
| riocht | *Ar athraíodh an t-earra nó ar deisíodh é ar bhealach ar bith?*<br>*An féidir aon rian a fheiceáil air go mb'fhéidir go ndearnadh dochar dó nó gur caitheadh é?*<br>*An bhfuil an t-earra iomlán ann?* | B'fhéidir go léireodh rian caite ar earraí cén bealach ar úsáideadh iad: mar shampla, má tá rian dubh ar adhmad b'fhéidir go dtaispeánfadh sin cén áit a mbeirtí air de lámh. Tá sé le tuiscint as an taobh istigh den smóladán a bheith dubh gur baineadh úsáid as ar bhealach éigin. |
| feidhm | *Cén chaoi ar úsáideadh é, meas tú?*<br>*... cad chuige?*<br>*Cé a d'úsáid é, meas tú?*<br>*Cén áit ar úsáideadh é, meas tú?* | Ach an t-earra a láimhseáil b'fhéidir go rithfeadh sé le duine cén chaoi ar úsáideadh é: mar shampla, ní shuífidh an smóladán socair ar dhromchla cothrom mar sin ní fhéadfaí é a úsáid chun leachtanna a choinneáil. B'fhéidir go gcaithfí coinneal, coinnleoir, agus an smóladán a thabhairt do pháistí níos óige ag an am céanna le go mbeadh ar a gcumas an fheidhm a bhí leis a oibriú amach.<br><br>B'fhéidir go dtabharfadh an dath nó an bhailchríoch atá ar roinnt earraí le fios gur sa teach a d'úsáidtí iad. B'fhéidir go dtabharfadh maisiú ilchasta le fios gur mar ornáid amháin a bhí sé nó go ndearnadh é go bhfeicfí é, chomh maith le go n-úsáidfí é.<br><br>B'fhéidir go dtabharfadh méid an earra le fios cé acu a raibh fear, bean nó páiste ceaptha é a úsáid. |
| dearadh | *An ndéanann sé an obair ar dearadh é lena haghaidh go maith?*<br>*Ar úsáideadh ábhair a bhí oiriúnach don earra féin?*<br>*An bhfuil sé go hálainn?*<br>*An airíonn sé ceart i do lámh?*<br>*An mbeadh sé éasca é a úsáid?* | Ceisteanna níos deacra iad seo, ach le cleachtadh, b'fhéidir go bhféadfaí páistí a spreagadh le hearraí a mheas ar an gcaoi sin. Tá buntáistí soiléire ag miotal seachas ábhair eile i gcás an smóladáin, agus ba cheart fiafraí de na páistí an gcuireann a chos agus a mheáchan ar chumas duine é a úsáid go sásúil. |

# Eiseamláir 12

## Gníomhaíochtaí agus déantúsáin

### Ón earra nua-aimseartha go dtí an seanearra — ranganna 1 go 6

Féadfar iarraidh ar pháistí earra nua-aimseartha a scrúdú, citeal leictreach mar shampla, agus leas a bhaint as an gcur chuige a rianaíodh in *Eiseamláir 11* chuige. Ba cheart go ndíreodh an obair seo a n-aire ar an gcaoi a bhfuil dearadh píosa fearais nua-aimseartha ag teacht leis an úsáid a bhaintear as nó gan a bheith ag teacht léi. Ba cheart cúpla seanchiteal a thabhairt don ghrúpa ansin, mar shampla, citeal leictreach níos sine, citeal trom a d'úsáidtí ar shorn breosla chruánaigh san am atá thart, agus citeal dubh iarainn le lámh air a chrochtaí ar an gcroch os cionn na tine oscailte.



Is féidir tuiscint páistí ar athrú agus ar leanúnachas a fhorbairt ach earraí nua-aimseartha agus seanearraí a chur i gcomparáid le chéile

D'fhéadfaí iad sin a scrúdú ar an gcaoi chéanna ansin agus na páistí ag cur na gciteal i gcomparáid le chéile ó thaobh na mbealaí éagsúla a réitíonn siad an fhadhb chéanna agus a n-úsáideann siad teicneolaíochtaí éagsúla. Féadfar iarraidh ar na páistí ansin iad a chur in ord ama agus cúiseanna lenar roghnaigh siad an t-ord sin a thabhairt. I gcás na bpáistí óga ba cheart go mbeadh líon na n-earraí an-teoranta—dhá cheann nó trí cinn i dtosach—agus difríocht shoiléir aoise eatarthu. De réir mar a éiríonn na páistí níos cumasaí ar earraí a láimhseáil, féadfar cur le raon na n-earraí agus d'fhéadfadh na difríochtaí aoise gan a bheith chomh soiléir sin.

Tá go leor samplaí d'fhearas tí ann agus is féidir iad a úsáid ar an gcaoi chéanna, mar shampla, meaisíní nó fearas níocháin agus glantóirí cairpéid. I ngach cás cuirfidh taithí an pháiste ar an sampla comhaimseartha lena t(h)uiscint ar na samplaí a chuaigh roimhe.

### Earraí agus fianaise béil — gach rang

D'fhéadfadh gur bealach sármhaith é le fianaise béil a úsáid agus le cur le tuiscint páistí ar dhéantúsáin iarraidh ar dhuine a bhfuil taithí aige ar earraí a thaispeáint cén chaoi a n-úsáidtí iad. In go leor ceantar tuaithe, tá cuimhne ag na seandaoine fós ar an gcuigeann a dhéanamh de láimh, agus ar na huirlisí a d'úsáidtí: croca a ligtí don bhainne seasamh ann, cuinneog agus loine, cláiríní agus ladair ime, srl. Tá teacht orthu sin fós agus is féidir iad a fheiceáil i músaeim áitiúla. B'fhéidir go bhféadfadh ceardaithe labhairt leis na páistí faoina gcuid uirlisí agus faoina gcuid oibre.

### Bagáiste ar iarraidh — gach rang

Tugann an ghníomhaíocht seo dúshlán na bpáistí oiread eolais agus is féidir a bhaint as an bhfianaise atá ar fáil agus is féidir í a chur in oiriúint do gach aoisghrúpa. Cuirtear cás, seaicéad, sparán, nó mála láimhe i láthair na bpáistí mar earra caillte a fuarthas. Caithfidh na páistí fíricí a chur le chéile faoin té ar leis é trí scrúdú a dhéanamh ar a bhfuil ann.

Mar shampla, cé is féidir a fháil amach ó na rudaí seo i seaicéad fir?

*eochracha cairr*

*ticéad Bus Éireann*

*buidéal leighis agus 'S. Ó Máille' ar lipéad air*

*léarscáil de chóras na dtraenacha faoi thalamh i Londain, cás spéaclaí agus inscríbhinn air 'B. Mac Gabhann, Radharceolaí, an Cabhán'*

*litir dar tús 'A Dhaid dhil' agus dar críoch 'le grá ó Mháire'*

*vallait (ina bhfuil grianghraf de bhuachaill agus beirt chailíní, cárta teileafóin, agus píosa páipéir le 'Sinéad Londain 674 3826' scríofa air, agus nótaí airgid de chuid na hÉireann agus nótaí Sasanacha)*

Tríd an bplé, ba cheart na páistí a threorú leis na fíricí atá ar eolas againn agus an tuairimíocht a idirdhealú agus a fháil amach cén chaoi a bhféadfaí tuilleadh eolais a fháil, ag baint leasa as na leideanna san fhianaise.

### Seandálaíocht — ranganna 3 go 6

De réir mar a fhoghlaimíonn na páistí faoi phobail ársa ba chóir go gcuirfí ar an eolas iad faoi roinnt de na bealaí ina bhfoghlaimíonn seandálaithe faoi shaol na ndaoine sin. D'fhéadfadh go mbeadh deis ag na páistí tochailt a fheiceáil dá n-aimseofaí iarsmaí sa talamh áit éigin sa cheantar. Taispeánann cuid de na lárionaid léirithe an chaoi a n-úsáidtear fianaise a bhailíonn seandálaithe le heolas a fháil faoi dhaoine fadó.

# Pictiúir agus grianghraif

## An seansaol i bpictiúir

Cineálacha fianaise iad pictiúir agus grianghraif atá an-oiriúnach do pháistí bunscoile, mar

- is féidir iad a úsáid le páistí de gach aois agus de gach leibhéal cumais, mar seachnaítear deacrachtaí a bhaineann le léitheoireacht
- is féidir iad a fhí isteach i gcineálacha éagsúla ceachta: is féidir leis an rang ar fad iad a phlé má mhéadaítear iad ar chairt nó le cabhair osteilgeora, nó is féidir iad a úsáid le grúpaí beaga nó le daoine aonair
- tugann siad deiseanna do mhúinteoirí scileanna ardleibhéil critice mar thátal agus aithint claonta a thabhairt chun cinn—scileanna a d'fhéadfadh a bheith deacair a chur i bhfeidhm i gcás foinsí faisnéiseacha.



Baineann na páistí is sine taitneamh as a bheith ag 'léamh' nó ag díchódú pictiúr. Thuas, is féidir an fíor ar Bhreac Mhaodhóg (clúdach leabhar ón aonú nó ón dóú haois déag) a aithint mar chléireach mar go bhfuil leabhar ina lámh aige.

## Péinteálacha agus líníochtaí

Tá raon leathan péinteálacha agus líníochtaí a bhaineann le go leor tréimhsí staire ar fáil. Tá míbhuntáistí áirithe ag baint le péinteálacha agus líníochtaí mar fhoinsí: tá siad an-roghnaitheach, taispeánann siad daoine saibhre i bhfad níos minice ná daoine bochta, agus is minic a bhfuil iontu curtha as a riocht ag an ealaíontóir chun go dtaitneodh sé leis an té sa phéinteáil nó leis an bpátrún trí fhreastal ar a d(h)íomas sin nó chun ráiteas polaitiúil nó creidimh nó ráiteas de shaghas éigin eile a dhéanamh. Os a choinne sin, tig leis na péinteálacha go leor eolais a thabhairt. Tig leo léargas a thabhairt don pháiste ar an gcaoi a raibh an saol fadó. Chomh maith leis sin, is féidir na páistí is sine a mhúineadh le pictiúr a 'léamh' agus le cuid de na gnásanna agus de na híomhánna a d'úsáid ealaíontóirí le hábhair áirithe a chur in iúl a aithint.

Tá péinteálacha sármhaithe ón am atá thart le fáil ar bhealaí éagsúla agus gan oiread sin costais:

- foilsíonn go leor dánlann agus tithe stairiúla cóipeanna dá bhfuil acu i bhfoirm sleamhnán, cártaí poist, póstaer, agus leabhar
- bíonn féilirí ar fáil go minic ó dhánlanna, ó chomhlachtaí, agus ó institiúidí eile



Is minic a cuireadh sceitse d'fhoirgneamh i lámh fir in iúl gur ailtire a bhí ann, mar atá le feiceáil sa Phortráid de James Gandon le William Cuming agus Tilly Kettle, thíos. I measc na ngnásanna eile a bhí ann bhí leabhair agus róbaí dubha chun fear léannta nó dlíodóir a chur in iúl, coróin le haghaidh banríona nó rí, srl.

- cé go mbíonn leabhair ealaíne agus cláir thaispeántais costasach go minic, bíonn a bhformhór ar fáil ó na leabharlanna áitiúla
- bíonn cóipeanna de phriontaí ó dhánlanna náisiúnta agus ó dhánlanna eile agus frámaí orthu le fáil ar iasacht ó roinnt leabharlann
- bíonn go leor pictiúr le fáil i dtéacsleabhair agus i leabhair thagartha
- tá níos mó is níos mó dánlann ann a chuireann a gcuid bailiúchán ar fáil ar an idirlíon nó ar dhlúthdhiosca
- go minic is féidir le páistí breathnú ar an bpictiúr sa dánlann nó sa teach ina bhfuil sé ar taispeáint, agus is minic gurb é sin an cur chuige is éifeachtaí.

Nuair a bhíonn ceacht ranga ar siúl is fearr a fheileann rudaí ar féidir iad a fháil i bhfoirm póstaeir nó féilire nó atá le fáil sna téacsleabhair. D'fhéadfaí pictiúir níos lú a úsáid le grúpaí. Má tá baint ag líníocht nó ag péinteáil áirithe leis an gceantar agus dá bhféadfaí úsáid a bhaint aisti sa scoil, b'fhéidir go mbeadh dánlann sásta grianghraf a dhéanamh di agus cóip mhór di a dhéanamh. Ach is seirbhís chostasach í sin de ghnáth.

## Grianghraif

Thosaigh an ghrianghrafadóireacht i lár an chéid seo caite. I dtosach báire ba phróiseas mall achrannach í, ach bhí sí i bhfad níos solúbtha agus níos saoire ná an phéintéireacht. Tógadh an-chuid grianghraf agus cuireadh bailiúcháin ollmhóra le chéile i rith an dara leath den naoú haois déag (go háirithe sa cheathrú dheireanach) agus i rith na fichiú haoise. Tá na mílte priontaí ón naoú haois déag agus ón bhfichiú haois i gCnuasach Lawrence agus i gCnuasach Poole sa Leabharlann Náisiúnta agus i gcnuasaigh eile, Cnuasach an Athar Browne, mar shampla.

De réir mar a tháinig laghdú ar chostas na grianghrafadóireachta agus de réir mar a d'fheabhsaigh an teicneolaíocht, bhí an ghrianghrafadóireacht ar fáil do níos mó is níos mó daoine agus bhí níos lú scile ag teastáil. Is mó an seans, mar sin, go dtaispeánfaidh grianghraif saol na ngnáthdhaoine. Ní hamháin sin ach is fusa teacht orthu: is minic a bhíonn radhairc ar bhailte agus ar cheantair eile as Cnuasach Lawrence le fáil i siopaí pictiúr agus i siopaí troscáin. Is féidir teacht orthu go minic freisin i leabhair ghrianghraf, i leabhair staire áitiúla, i bhféilirí, agus i bpóstaeir.



Éisc á leasú i gCliara, Contae Mhaigh Eo. D'fhéadfaí an grianghraf seo a úsáid chun na gnéithe éagsúla den obair a phlé: breith ar na héisc sna heangaí, iad a iompar i gcliabh ar an ngualainn, iad a ghlanadh is a shailleadh (chun tosaigh ar clé) agus a chur i mbairillí. Tugann líon na mbairillí tuairim den tábhacht a bhain leis an ngnó.



Insíonn tuamaí, tuama Phiarais Óig de Buitléir i Mainistir Chill Chúile i gCo. Thiobraid Árann mar shampla, go leor dúinn faoi éadaí agus faoi chreideamh.

## Foinsí pictiúrtha eile

Ní mór a mheabhrú go bhfuil go leor cineálacha eile íomhánna agus meán i gceist le foinsí pictiúrtha. D'fhéadfaí iad seo a leanas a chur san áireamh: samplaí d'ealaín luath ar nós í sin a rinne pobail na Clochaoise in uaimheanna i ndeisceart na Fraince agus sa Spáinn, péinteálacha a rinneadh mar mhaisiú ar thuamaí ar nós iad sin taobh istigh de na pirimidí, maisiú ar shoithí cré, íomhánna gloine daite, dealbha, agus fiú cártaí poist agus fógraí.



Oideachas sa tSean-Ghréig mar a léiríodh ar shoithí cré é.

# Eiseamláir 13

## Pictiúr a úsáid

ranganna 1 go 4




*'View from Capel Street' as 'A Picturesque and Descriptive View of the City of Dublin'* (1799). Tá priontaí Malton le fáil go coitianta mar phóstaeir agus is minic a fheictear iad i leabhair faoi Bhaile Átha Cliath.

### Réamhrá

Is féidir léaráidí a úsáid chun eolas bunúsach faoi thréimhse a fháil. Bheadh an ghníomhaíocht seo a leanas feiliúnach mar chuid den obair le ranganna 3 agus 4 ar an saol san ochtú haois déag, ach d'fhéadfaí gnéithe de a úsáid le páistí níos óige ná sin.

### Céim 1 Cad as a dtagann an pictiúr?

D'fhéadfadh an múinteoir an pictiúr a chur i láthair agus a phríomhghnéithe a mhíniú: an tsráid, an droichead (d'fhéadfadh go mbeadh mearbhall ar pháistí faoi seo) agus sráid eile níos faide ar shiúl.

Más sa seomra ranga dóibh, d'fhéadfadh an múinteoir a mhíniú do na páistí faoi bhunús an phictiúir agus faoin dáta a rinneadh é. Ach má bhíonn na páistí ag scrúdú an phictiúir go neamhspleách (agus iad ag úsáid cárta oibre i ndánlann cuir i gcás) ba cheart iad a spreagadh le hainm an ealaíontóra, a d(h)átaí breithe agus báis agus dáta agus teideal an phrionta nó na péinteála a lorg dóibh féin. Ba cheart an nós sin a chothú mar is fiúntaí an phéinteáil mar fhoinse fianaise más rud é gur pictiúr comhaimseartha é.

### Céim 2 Grinnbhreathnú

Ba cheart go gcabhródh ceistiú agus plé le páistí breathnú go grinn ar an bpictiúr agus eolas faoin saol ag an am a fháil amach. D'fhéadfadh na ceisteanna:

- díriú ar an obair atá á déanamh ag daoine

  *bean ag iompar ciseáin ar a ceann*

  *saighdiúirí ag marcaíocht ar chapaill*

  *daoine ag siúl*

  *lastóir lampaí ag lasadh nó ag deisiú lampa*

- aire a dhíriú ar an gcineál sráide a léirítear. Sráid tráchtála le siopaí agus oifigí ba ea Sráid Chéipil.

  *Cén foirgneamh atá ar chúinne na sráide?(oifig chrannchuir)*

  *Cad iad na foirgnimh eile sa tsráid? (siopaí, agus ceann acu agus an focal 'Burton' os cionn na bhfuinneog; san ochtú haois déag chiallaigh an focal 'burton' leabhar beag, cé go bhféadfadh gur sloinne é freisin)*

- oiread modhanna taistil agus iompair agus is féidir a aithint sa phictiúr

- éadaí na ndaoine a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile







- tátail a bhaint

  *Cén fáth a bhfuil na daoine tar éis teacht chuig an tsráid?*

  *Cuir an bhean agus an páiste i gcomparáid leis an seanfhear agus an páiste. Cad is féidir a rá fúthu? bocht/saibhir*

  *An raibh mórán daoine bochta i mBaile Átha Cliath?*

  *Cén chaoi ar phléigh na daoine saibhre leo (tá neamhshuim á déanamh d'fhear déirce amháin ar a laghad)*

  *Cén fáth ar áit mhaith é Sráid Chéipil do lucht déirce, meas tú?*

### Céim 3 Iarobair

D'fhéadfaí an obair seo a threisiú trí:

- garlíníocht a dhéanamh de ghné nó dhó sa phictiúr, mar shampla duine de na daoine atá ann

- na foirgnimh a scrúdú. De réir mar atá na páistí ag imscrúdú stíleanna foirgneamh san ochtú haois déag, d'fhéadfaidís athscrúdú a dhéanamh ar an bprionta féachaint an bhfuil aon ghnéithe tipiciúla den tréimhse le feiceáil, mar shampla cruinneachán an Mhalartáin Ríoga sa chúlra (Halla na Cathrach anois), fuinneoga Seoirseacha, brící agus ábhair thógála eile

- scríbhneoireacht chruthaitheach. Mar shampla

  *an comhrá idir na mná*

  *scéal an fhir dhéirce*

  *comhrá idir an páiste, an bhean leis an gciseán, agus fear an chloig*

  *cuntas an gharsúin bhig ar a lá i mBaile Átha Cliath.*

# Eiseamláir 14

## Dhá phictiúr a chur i gcomparáid le chéile ranganna 1 go dtí 6



*Family Portrait* le Philip Hussey (pictiúr de mhuintir Corbally, Ráth Béil, Co. Bhaile Átha Cliath,is dócha c. 1770) agus *Portráid de Mhuintir Bateson as Doire* (1762), leis an ealaíontóir céanna. Is féidir deiseanna a chur ar fáil do pháistí ráitis ghinearálta a dhéanamh má chuirtear dhá phictiúr faoi thopaicí atá cosúil le chéile i gcomparáid le chéile. Bheadh an ghníomhaíocht seo spéisiúil mar ghníomhaíocht iaroibre tar éis na gníomhaíochta sa mhír roimhe seo. Tá na pictiúir le fáil i leabhair chlóbhuailte agus bheidís oiriúnach le haghaidh teagaisc grúpa.



## Céim 1 Cad as a dtagann na pictiúir?

Taispeánann an múinteoir na portráidí teaghlaigh ar an leathanach thall. Tá an suíomh (taobh istigh de theach san ochtú haois déag) agus an t-ábhar (grúpaí agus radhairc theaghlaigh) mar a chéile. Trí na teidil srl. a scrúdú, ba cheart aird na bpáistí is sine a dhíriú ar dhátaí na bpictiúr, atá cóngarach go maith dá chéile. Ba cheart dóibh a bhunú go ndearnadh na péinteálacha nuair a bhí na daoine fós beo.

## Céim 2 Grinnbhreathnú

Sa phlé agus sa cheistiú ba cheart

- príomhghnéithe na bpictiúr a shoiléiriú

  *an áit a bhfuil na daoine, a bhfuil ar siúl acu*

  *an chaoi a mbeadh a fhios againn gur péinteáladh iad ag an am céanna (mar shampla tá na cathaoireacha agus na héadaí cosúil le chéile)*

- a fháil amach cé hiad atá léirithe sna portráidí agus an gaol atá acu le chéile: Mrs Bateson agus a ceathrar páistí; fear, a bhean, agus a mbeirt pháistí (Muintir Corbally, is dócha)

  *Toisc portráid amháin a bheith gan teideal, níl aon fhianaise scríofa ag na páistí faoin ngaol atá ag na daoine sa phortráid le chéile.*

  *Cén fáth a gceapann siad gur iníonacha leis an bhfear agus leis an mbean na páistí atá sa phictiúr? Toisc go bhfuil greim ag an máthair ar dhuine de na páistí, b'fhéidir; d'fhéadfadh go ndéarfadh cuid de na páistí gur minic a péintéaladh pictiúr de theaghlach.*

  *I gcás portráid Mhuintir Bateson, b'fhéidir go ndéarfadh na páistí go mb'fhéidir gur deartháireacha iad na buachaillí mar go bhfuil siad cosúil le chéile; chomh maith leis sin, tá an iníon an-chosúil lena máthair.*

- éadaí an fhir agus na mbuachaillí a scrúdú

  *Cad iad na príomhbhaill éadaigh?*

  *Cén difear atá idir éadaí na mbuachaillí agus éadaí an fhir?*

  *Tá casóga fada á gcaitheamh acu ar fad. Cad a insíonn sé sin dúinn faoina dtithe?*

- éadaí na mban agus na gcailíní a scrúdú agus a chur i gcomparáid agus na páistí a spreagadh le tátail a bhaint faoi stádas na dteaghlach

- a iarraidh ar na páistí a n-insíonn na pictiúir dúinn faoi chaitheamh aimsire agus spéiseanna na ndaoine seo a fháil amach

  *spéis sa cheol (fliúiteanna Sasanacha i lámha na mbuachaillí, bileog cheoil i lámh na máthar, uirlis, cruitchorda, b'fhéidir, sa chúlra), peataí (madraí sa dá phictiúr)*

  *bláthanna (sa chiseán agus sna ceannbhearta).*

## Céim 3 Iarobair

D'fhéadfadh go mbeadh cuid de na gníomhaíochtaí a moladh roimhe seo san áireamh anseo.

- líníocht a tharraingt nó samhail a dhéanamh de na héadaí
- éisteacht le píosa ceoil ón ochtú haois déag (nó é a sheinm, b'fhéidir)
- breathnú ar phictiúir de dhaoine eile de chuid na hochtú haoise déag, daoine ó ghrúpaí sóisialta eile san áireamh, mar shampla tithe na mbocht mar atá siad sin léirithe in *Tour of Ireland* le Arthur Young a chur i gcomparáid leis na portráidí thuas.



## Athrú agus leanúnachas trí ghrianghraif

D'fhéadfadh gur bealach iontach é le seans a thabhairt do pháistí díriú ar athrú agus leanúnachas ligean dóibh grianghraf nó pictiúr de radharc san am atá thart a chur i gcomparáid leis an gcuma atá ar an áit chéanna sa lá atá inniu ann. Tá grianghraif as Cnuasach Lawrence agus priontaí as foinsí éagsúla an-oiriúnach don chineál sin gníomhaíochta, agus i nóchaidí an chéid seo atógadh grianghraf de bhreis agus míle de na háiteanna sin atá i gceist sa bhailiúchán mar chuid de Thionscadal Lawrence.

D'fhéadfaí seanghrianghraf a chur i gcomparáid le grianghraf comhaimseartha de radharc a thóg an múinteoir. D'fhéadfaí iad sin a scrúdú sa rang nó a chur i mbileog riain sa chaoi is go bhféadfadh na páistí an seanghrianghraf a chur i gcomparáid leis an áit mar atá inniu.

Is grinne a bhreathnódh na páistí dá ndíreofaí a n-aire, sa chéad áit, ar rudaí nó ar ghnéithe faoi leith sa radharc, mar shampla tithe nó siopaí faoi leith, gnéithe faoi leith den troscán sráide, nó modhanna iompair faoi leith. Ba cheart don cheistiú agus don phlé aire a dhíriú ar ghnéithe atá athraithe ach chomh maith céanna ar ghnéithe a d'fhan mar a bhí. Is minic nach dtagann athrú ar leibhéil uachtaracha tithe i mbailte, bíodh is go n-athraíonn an chuid sin atá ar leibhéal na sráide. B'fhéidir gur cuireadh díon slinne in áit ceann tuí ach go bhfuil airde na bhfoirgneamh mar a chéile i gcónaí.



Dhá radharc ar an tsráid chéanna: Inis Ceithleann ag tús na fichiú haoise mar atá i ngrianghraf i gCnuasach Lawrence i gceann acu agus an radharc céanna i ngrianghraf a glacadh i 1990-1 mar chuid de Thionscadal Lawrence sa cheann eile



Ní bhíonn grianghraif an-ársa ag teastáil le haghaidh ceachta den saghas seo. Is féidir obair mhaith a dhéanamh ach rudaí i ngrianghraif atá réasúnta nua-aimseartha a chur i gcomparáid leis an gcaoi a bhfuil siad faoi láthair: mar shampla, is minic a bheidh troscán, an taobh amuigh den teach, an gairdín, nó carr, le feiceáil i gcúlra grianghraif den teaghlach agus b'fhéidir gur athraíodh iad sin ar fad. I gceantair chathracha atá ag fás go tapa b'fhéidir gur tháinig athrú réasúnta tapa ar an timpeallacht. Más féidir, b'fhéidir go smaoineodh scoileanna nó múinteoirí ar chuid de na hathruithe a thaifeadadh de réir mar a tharlaíonn siad ionas go mbeidh taifead grianghrafach ar fáil d'obair staire amach anseo.

B'fhéidir go mbeadh siad seo i measc na ngníomhaíochtaí iaroibre, go háirithe i gcás na bpáistí is sine agus i gcás grianghraf de cheantair chathracha:

- grianghraif a mheaitseáil le léarscáileanna de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis den cheantar
- foirgnimh agus gnéithe a tháinig slán agus arbh fhiú iad a chaomhnú a aithint
- foirgnimh agus forbairtí eile nach bhfuil ag teacht lena dtimpeallacht a aithint.

## Claonadh agus cruinneas i bpictiúir

Ba cheart na páistí is sine a chur ar a n-airdeall faoin gclaonadh a bhíodh i gceist go minic in obair ealaíontóirí san am atá thart agus faoin gcontúirt



Píosa beag de *The Last In* le William Mulready (Gailearaí Náisiúnta na hÉireann)



Scoil scairte a úsáideadh mar léaráid le *Traits and Stories of the Irish Peasantry* le William Carleton

atá ag baint leis sin ó thaobh an staraí de. Má chuirtear an radharc ar scoil scairte atá mar shuíomh leis an eachtra atá i gceist in *The Last In* le William Mulready, agus an scigphictiúr de scoil scairte a úsáideadh mar léaráid le *Traits and Stories of the Irish Peasantry* le William Carleton, i gcomparáid le chéile, ba cheart go léireofaí an áibhéil atá sa dara ceann.

Taispeánann an dá radharc an chuma neamh-mhaisithe a bhí ar na seomraí scoile agus an neamheagar a bhí ag baint leis na scoileanna seo, de réir cosúlachta. Ní bhíodh teagasc ranga ná teagasc grúpa in úsáid sna scoileanna seo. Ach de bhrí go ndearnadh léaráid Carleton i gcomhair lucht léite neamhbhbáúil i Sasana, léiríonn sé an easpa ordúlachta mar chíréib agus mar bhrúidiúlacht. D'fhéadfaí páistí a bhfuil obair áirithe críochnaithe acu ar na scoileanna scairte a threorú le plé a dhéanamh ar an bhfáth a raibh cuma neamheagraithe ar na seomraí dar le cuairteoirí as Sasana agus as áiteanna eile (bhí taithí acu ar dhaltaí a fheiceáil i scoileanna do dhaoine bochta agus iad ina suí i sraitheanna eagraithe) agus ar an bhfáth a ndearnadh áibhéil air sin sa dara pictiúr.

D'fhéadfaí páistí a spreagadh, chomh maith, le smaoineamh ar chruinneas grianghraf scoile agus grianghraf leathfhoirmiúil eile mar fhianaise ar dhreach agus ar éadaí páistí. Má iarrtar ar pháistí smaoineamh ar an ullmhúchán a dhéanann siad féin le haghaidh grianghraf scoile an lae inniu, b'fhéidir go spreagfaí iad leis an gceist a chur an mbíodh na páistí sna seanghrianghraif gléasta i gcónaí ar an gcaoi sin.

# Ag baint leasa as an timpeallacht

## An timpeallacht áitiúil a iniúchadh

Ceann de na foinsí fianaise is tábhachtaí faoin am atá thart ná an timpeallacht ina maireann na páistí. Amanna, bheadh fonn orainn a rá, 'níl dada tábhachtach anseo,' ach is iad gníomhartha, riachtanais, spéiseanna daoine san am atá thart a mhúnlaigh foirgnimh, bóithre, ballaí agus gnéithe 'coitianta' eile na timpeallachta, idir nádúrtha agus thógtha. Is beag baile nó ceantar tuaithe nár tháinig athrú suntasach air sa naoú haois déag agus san fhichiú haois. Tá rian na n-athruithe seo le feiceáil sna gnéithe fisiceacha agus is foinse stairiúil luachmhar iad ar féidir teacht orthu go héasca. Leagann an curaclam béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh páistí imscrúdú críochnúil ar a gceantar féin.

Trí iniúchadh córasach a dhéanamh ar an timpeallacht áitiúil is féidir

- an staidéar ar imeachtaí áitiúla agus ar dhaoine áitiúla agus ar a stíl mhaireachtála a thabhairt cóngarach don pháiste agus a dhéanamh inbhraite dó/di
- spéis i ngnéithe an cheantair áitiúil a spreagadh
- feasach aeistéitiúil an pháiste a spreagadh
- freagracht i leith chúram agus shaibhriú na timpeallachta áitiúla a chothú
- cur le mothú ionannais an pháiste lena (h)áit dhúchais
- deiseanna iontacha a chur ar fáil i gcomhair staidéar comhtháite
- úsáid raon leathan scileanna staire agus scileanna eile a spreagadh.

# Eiseamláir 15

## Rianta agus treoracha oibre faoi stiúir

### Réamhrá

Bealach an-éifeachtach le hiniúchadh ar an timpeallacht a eagrú ná treoracha oibre faoi stiúir nó cártaí oibre nó leabhráin riain a úsáid. Ba cheart leas a bhaint as na leabhráin riain seo chun struchtúr a chur ar an mbreathnóireacht agus ar na himscrúduithe a dhéanfaidh an páiste ina t(h)impeallacht. Bíonn rianta an-solúbtha. D'fhéadfaí go leor de ghnéithe na timpeallachta a úsáid mar bhonn le rian agus bíonn rianta úsáideach i suímh eile agus i réimsí eile den churaclam. Ar na téamaí atá oiriúnach le haghaidh rianta tá:

- limistéar beag i ngarthimpeallacht na scoile, mar shampla cuid de shráid, séipéal nó reilig, muileann, lochán nó abhainn
- limistéar níos leithne i mbaile, mar shampla roinnt sráideanna nó cearnóg
- téama mar dhearadh tithe, troscán sráide, nó droichid
- tréimhse staire, mar shampla rae tithe agus siopaí de chuid na naoú haoise déag den chineál atá le fáil in go leor bailte beaga
- siúlóid i gceantar tuaithe a thabharfadh deis do na páistí stíleanna éagsúla na gclaíocha nó na bhfálta teorann a bhreathnú (mar fhallaí, sconsaí, fhálta sceach), athruithe in úsáid páirceanna agus talaimh, flóra agus fána
- suíomh nó teach stairiúil
- taispeántas i músaem nó i ndánlann.

### Céim 1 Taighde cúlra

Tá taighde bunaidh agus ullmhúchán maith riachtanach má tá an timpeallacht áitiúil le húsáid go sásúil. Tabharfaidh na míreanna *Conas ceantar na scoile a chuimsiú sa chlár* agus *Tacaíocht i gcomhair an chur i bhfeidhm a aimsiú* agus an liosta foinsí i gcomhair na staire áitiúla san *Aguisín* leideanna úsáideacha faoin áit ba cheart tosú chun eolas a chur ar an timpeallacht.

Ba cheart a mheabhrú i gcónaí go mb'fhéidir go léireodh gnéithe áirithe i mbaile nó i dtírdhreach gnéithe d'fhorbairtí stairiúla níos leithne, bíodh is nach bhfuil aon fhoirgneamh nó eile ann a bhfuil tábhacht mhór náisiúnta leis. Mar shampla, b'fhéidir go spreagfadh muileann tréigthe nó stáisiún traenach nach n-úsáidtear níos mó plé ar athruithe i gcúrsaí oibre agus iompair: tig le ráth nó lios comhlánú a dhéanamh ar staidéar ar an tréimhse Cheilteach. Cabhróidh sé chun rudaí a d'fhéadfadh a bheith spéisiúil a aithint má thugtar cuairt ar an áit agus má shiúltar tríd, in éineacht le múinteoir eile, b'fhéidir, agus le duine a bhfuil cónaí air/uirthi san áit le fada.

### Céim 2 Obair sa seomra ranga

Bainfidh páistí i bhfad níos mó tairbhe as cuairt a thabhairt ar áit sa timpeallacht má bhíonn eolas cúlra acu ar an tréimhse nó ar an gcineál ruda a bhfuil baint ag an áit sin leo. Mar shampla, dá mbeidís le dul i ngleic le foirgneamh de chuid deireadh na hochtú haoise déag nó tús na naoú haoise déag, ar nós teach cúirte nó teach margaidh, bheadh sé tairbheach roinnt oibre a bheith déanta roimh ré ar ghnéithe tipiciúla na bhfoirgneamh sin.

### Céim 3 An leabhrán riain a dhearadh agus a phleanáil

Nuair a bhíonn cinneadh déanta faoi théama agus ábhar an leabhráin riain, ba cheart an bealach a leagan amach agus na tascanna a dhearadh. Ní ceart go mbeadh an cúrsa rófhada. Glactar leis go gcuirfeadh siúlóid 10-15 nóiméad dóthain oibre ar fáil le rang 5 nó a 6 a choinneáil gníomhach ar feadh uair an chloig ar a laghad (am siúlóide san áireamh). Is léir go gcaithfear an t-achar ama agus an t-achar siúlóide a laghdú i gcás grúpaí páistí níos óige.

Ba cheart go mbeadh na bealaí a bheadh le siúl réasúnta saor ó thrácht agus go mbeidís sábháilte. Ní gá ceantair uirbeacha a chur as an áireamh, ach caithfear áiteanna a mbíonn plód mór iontu, tráthanna nuair a bhíonn sé an-ghnóthach, crosairí contúirteacha srl., a sheachaint. Is fearr an rian a bheith timpeallach seachas dul ar aghaidh go díreach.

Ba cheart na tascanna sa leabhrán riain a roghnú ar shlí gur gníomhaíocht thaitneamhach agus thairbheach a bheidh ann cuairt a thabhairt sa timpeallacht agus an timpeallacht a iniúchadh. Ní mór éagsúlacht chuí a bheith sna tascanna má tá na páistí le raon leathan scileanna a fhorbairt.

Ba chóir go spreagfadh na tascanna páistí le

- rudaí agus gnéithe a casadh orthu i gcomhthéacs eile a aithint. Mar shampla, má d'fhoghlaim na páistí faoi ghnéithe d'fhoirgnimh de chuid na hochtú haoise déag, b'fhéidir go n-iarrfaí orthu cuid de na gnéithe sin a aithint ar fhoirgneamh a bheadh ar bhealach an riain

Ba cheart go spreagfadh na tascanna i leabhráin riain nó i dtreoracha oibre páistí le:

- *nithe agus gnéithe a aithint*
- *grinnbhreathnóireacht a dhéanamh*
- *fíricí agus mionsonraí a bhailiú agus a chlárú*
- *eolas a rangú*
- *samplaí d'athrú agus de leanúnachas a thabhairt faoi deara*
- *tátail a bhaint as an bhfianaise*
- *scileanna meastacháin, tomhais, agus cláraithe a úsáid*
- *comhoibriú le chéile*
- *feasacht aeistéitiúil ar an timpeallacht a fhorbairt*
- *meas a bheith acu ar an timpeallacht agus aire a thabhairt di.*

- grinnbhreathnóireacht a dhéanamh. Siúlann go leor againn thart sa timpeallacht go minic agus ní 'fheicimid' na gnéithe spéisiúla a bhíonn ann in aon chor. Ba cheart do na treoracha ar an mbileog riain na páistí a spreagadh le breathnú suas (is minic a bhíonn leibhéil uachtaracha na bhfoirgneamh slán gan athrú), le mionsonraí a bhreacadh trí líníocht a dhéanamh (rud atá níos sásúla ná taifead scríofa go minic), le rudaí a bhíonn liostaithe ar an mbileog ach nach féidir a fheiceáil ar an gcéad amharc a chuardach (mar shampla miondearadh ar bhoschrann dorais nó inscríbhinn ar fhoirgneamh).

  Bealach an-mhaith leis sin a dhéanamh sceitse neamhiomlán de rud a chur ar fáil agus iarraidh ar na páistí an líníocht a chríochnú. Féadfaidh tasc den chineál sin cabhrú leo chun a fheiceáil cén chaoi a ndearnadh rud nó cén chaoi a n-oibríonn sé. Mar shampla, d'fhéadfaí iarraidh ar pháistí lámh a líonadh isteach ar phictiúr de chaidéal chun é a chríochnú

- fíricí agus sonraí a gcastar orthu a bhailiú agus a chlárú. D'fhéadfaí iad seo a fháil ó bheith ag breathnú, ó mheastacháin a dhéanamh, ó lipéid agus ó fhógraí ar fhoirgnimh, ó chomharthaí bóthair, ó ainmchláir sráideanna nó ó fhógraí. I gcás taispeántas is féidir eolas a fháil as treoirleabhair agus ar na lipéid a chuireann an músaem le rudaí. I gcás páistí óga, ba cheart an gá le habairtí agus le clárú fada scríofa a laghdú: ba cheart gur leor 'cuir tic sa bhosca' nó 'líon an bhearna'.

  I gcuid de na tascanna, ba cheart na páistí a spreagadh chun eolas a bhailiú a d'fhéadfaí a úsáid chun tuilleadh oibre agus anailís a dhéanamh nuair a d'fhillfidís ar an seomra ranga.

- eolas a rangú. Má chuirtear treoir ar na páistí le bheith ag faire do phatrúin nó do ghnéithe faoi leith, b'fhéidir go bhféadfaidís tosú ar rudaí sa timpeallacht a rangú. Mar shampla, d'fhéadfadh gurbh é a bheadh i gceist le tasc amháin go scrúdódh na páistí na sonraí ar éadan siopa de chuid deireadh na naoú haoise déag, a fuinneoga leathana taispeána agus an fráma snoite adhmaid thart orthu, an litreoireacht throm, na dallóga a tharraingítí anuas, agus an doras ar leith in aice leis i gcomhair an tí. Ach tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh, b'fhéidir go dtosódh an páiste ag tabhairt faoi deara go bhfuil na gnéithe sin ag baint le foirgnimh eile agus ar an gcaoi sin á rangú mar fhoirgnimh a bhaineann leis an tréimhse chéanna. Is féidir go leor gnéithe eile a úsáid mar chritéir rangaithe: simnéithe ar thithe, cruth agus toisí fuinneog, na hábhair thógála a úsáideadh do na ballaí agus do na díonta agus a ndathanna, méid na bpáirceanna agus na cineálacha éagsúla claíocha teorann

- samplaí d'athrú agus de leanúnachas a thabhairt faoi deara. Ach an rian a leanúint, b'fhéidir go dtiocfadh na páistí chuig ionad faire a thaispeántar i seanphéinteáil nó i seanghrianghraf agus d'fhéadfaidís comparáid a dhéanamh. D'fhéadfaí cuid de na hathruithe—agus cuid de na cúiseanna a d'fhéadfadh a bhí leo—a chlárú. (Féach na míreanna faoi *Pictiúr agus grianghraif*, lch 87-89.)

- tátail a bhaint as an bhfianaise atá ar fáil. Mar shampla, má iarrtar ar na páistí líon na simnéithe ar na díonta a chomhaireamh, b'fhéidir go n-iarrfaí orthu tuairim a chaitheamh faoina n-insíonn sin dúinn faoi líon na dtinteán sna tithe agus an bhféadfadh go n-inseodh sé sin aon rud dúinn faoi líon na seomraí sna foirgnimh. Ach ainmneacha na sráideanna, na mbóithre, na bpáirceanna agus na ngnéithe eile a scrúdú, b'fhéidir go n-éireodh leis na páistí roinnt tátal a bhaint faoi cad a bhíodh ar siúl sna háiteanna sin fadó. Mar shampla, b'fhéidir gur beag an bhaint atá ag 'Sráid an Mhargaidh', 'Bóthar an Iarnróid', 'an Tuairín' 'Poll an Lín' lena dtarlaíonn sa lá atá inniu ann, agus is foinsí tábhachtacha fianaise iad faoi shaol daoine fadó
- scileanna eile a úsáid, ar nós le léamh léarscáileanna, meastúchán, tomhas, agus clárú
- scileanna comhoibrithe agus comhair a fhorbairt.



Tátail a bhaint as fianaise: cad a insíonn scríobán bróg dúinn faoin mbail a bhíodh ar na sráideanna fadó?

### Trealamh a bheadh úsáideach don pháiste agus é/í ag iniúchadh na timpeallachta

- pinn luaidhe (ní oirfeadh peann gránbhiorach mar ní scríobhfadh sé nuair a bheadh sé fliuch)
- leabhrán riain
- ceamara simplí má bhíonn a leithéid ar fáil
- páipéar agus criáin sa bhreis le cuimilteáin a dhéanamh de rudaí spéisiúla
- téipthaifeadán chun fuaimeanna mar fhuaim rotha mhuilinn, trácht, cling cloig srl. a thaifeadadh
- mála droma beag nó a leithéid chun rudaí a iompar agus na lámha a fhágáil saor
- cóta uiscedhíonach!

Is é is fearr, is dócha, na tascanna sa leabhrán a eagrú i roinnt céimeanna nó stopanna faoi leith. Ba cheart smaoineamh, chomh maith, ar na tascanna a ghrádú, go háirithe más grúpa as comhrang a bhíonn i gceist. Mar shampla, d'fhéadfaí réiltín a chur leis na ceisteanna do na páistí is sine. Tá sé tábhachtach chomh maith go mbeadh cuma tharraingteach ar an leabhrán, agus cuirfeadh sé go mór lena inléiteacht dá mbeadh pictiúir agus léaráidí ann. Is smaoineamh maith é, freisin, an dréachtleabhrán a dhearbhthástáil nuair a bhíonn sé réidh. D'fhéadfadh tuairim comhghleacaí a bheith an-chabhrach don mhúinteoir ag an bpointe sin.

### Céim 4 An chuairt a eagrú

Is cosúil gur fearr a fhoghlaimeoidh páistí agus iad ar cuairt ag suíomh éigin sa timpeallacht má bhíonn siad i ngrúpaí beaga faoi stiúir duine fhásta fhreagrach. Eascraíonn ceisteanna eagrúcháin, sábháilteachta agus acmhainní as seo agus ba cheart go mbeadh múinteoirí ar an eolas faoi pholasaithe na scoile maidir le daoine fásta a bheith ag cabhrú, le cleachtais sábháilteachta, le hárachas agus le rialacháin ábhartha eile.

Tá an buntáiste seo ag go leor scoileanna go bhfuil tuismitheoirí acu a bhíonn sásta tacaíocht agus cabhair a thabhairt nuair a bhíonn cuairteanna á n-eagrú lasmuigh den scoil. I ngach cás a mbíonn tuismitheoirí nó daoine fásta eile ag tabhairt aire do pháistí, ní mór cead an phríomhoide agus an bhoird bhainisteoireachta a fháil roimh ré. Ba cheart treoracha soiléire a thabhairt dóibh siúd a bheidh ag cabhrú maidir leis an obair a bheidh ar siúl ag na páistí, ainmneacha na bpáistí sa ghrúpa, aon chontúirt a d'fhéadfadh a theacht i gceist agus an cleachtas a leantar i gcás éigeandála. Ba cheart cuspóirí na hoibre a bheidh le cur i gcrích ag na páistí a insint dóibh, chomh maith, agus a chur ina luí orthu a thábhachtaí agus atá sé nach gcuirtear na freagraí ar fad ar fáil dóibh!

I dtimpeallachtaí áirithe, mar shampla i reilig nó ag barr sráide i sráidbhaile, b'fhéidir go bhféadfadh an múinteoir agus an rang seasamh in áit faoi leith agus féachaint ar an limistéar ar fad sula dtosaíonn an obair. Cabhraíonn sin leis na páistí foramharc ginearálta ar an limistéar a fháil sula ndíríonn siad ar na sonraí aonair.

### Céim 5 Iarobair

Ba cheart deiseanna a chur ar fáil do na páistí

- torthaí a gcuid fionnachtana agus a gcuid breathnóireachta a chur i gcomparáid agus a phlé
- na tátail a bhaineann siad as an bhfianaise a bhreathnaíonn siad a phlé
- níos mó a fháil amach faoi ghnéithe sa timpeallacht a thug siad faoi deara
- torthaí a gcuid fionnachtana a chur i láthair, mar shraith de phictiúir bhalla nó de fhríosanna, nó mar mhionsamhlacha.

Ba cheacht spéisiúil do pháistí níos sine é, a bhfuil cleachtadh acu ar staidéir áitiúla, bealach do pháistí níos óige nó bileog do chuairteoirí chun na háite a dhearadh.

### Céim 6 Acmhainní a roinnt

Bíonn an taighde agus an t-ullmhúchán a bhaineann le bileog riain fhiúntach a chur le chéile an-dian ar am múinteora aonair. Má théann múinteoirí agus scoileanna i gcomhar lena chéile chun rianta a fhorbairt, áfach, agus má dhéanann siad a gcuid bileog agus leabhrán a bhabhtáil, d'fhéadfaí cnuasach maith de threoracha oibre a bheadh feiliúnach don cheantar a chur le chéile. Bheadh eagarthóireacht orthu ag teastáil le hiad a chur in oiriúint d'aon rang faoi leith, ach bheadh go leor den obair roinnte.



Ag iniúchadh agus ag clárú sa timpeallacht. Foinsí tábhachtacha eolais iad reiligí agus na hinscríbhinní ar na leaca cuimhneacháin, agus is éasca teacht orthu.


# Fianaise fhaisnéiseach

## Cáipéisí a roghnú agus a úsáid

Is féidir leas suntasach a bhaint as fianaise shimplí fhaisnéiseach sna staidéir phearsanta agus sna staidéir áitiúla, agus is féidir í a úsáid chun gnéithe den stair náisiúnta agus idirnáisiúnta a imscrúdú freisin. Ach amháin fianaise béil, cuireann cáipéisí scríofa na deiseanna is fearr ar fáil dúinn má táimid le tuairim a fháil de smaointe agus de mhothúcháin daoine a bhí páirteach in imeachtaí fadó.

D'fhéadfadh roinnt deacrachtaí a bheith ag baint le go leor foinsí scríofa a úsáid i gcás an pháiste bunscoile agus ní mór ceann a thógáil díobh nuair a bhíonn cáipéisí á roghnú i gcomhair an tseomra ranga:

- tá sé tábhachtach go mbeadh raon d'fhoinsí cáipéisí ar fáil má táthar chun na páistí a spreagadh iad a úsáid. Beidh sé riachtanach eagarthóireacht a dhéanamh ar an gcuid is mó de na cáipéisí sula gcuirtear i láthair páistí bunscoile iad
- beidh na focail a úsáidtear in go leor litreacha, leabhar agus cáipéisí eile feiliúnach do dhaoine fásta amháin agus, mar sin, caithfear go leor téarmaí a mhíniú do na páistí roimh ré má tá siad le tairbhe a bhaint as scrúdú na gcáipéisí
- bíonn fadhb ag na páistí cáipéisí lámhscríofa agus seanfhoinsí clóbhuailte a dhéanamh amach. Cé go mbaineann cuma údarach le leas a bhaint as fótachóip nó grianghraf de cháipéis mar a scríobhadh nó mar a clóbhualadh í fadó, b'fhéidir go mbeadh sé deacair ag an bpáiste a leithéid a léamh. Cuirfidh leagan clóscríofa den sliocht ar chumas an pháiste teacht níos éasca ar an eolas tábhachtach atá sa cháipéis. Más féidir, ba cheart na leaganacha clóscríofa agus na leaganacha bunúsacha a chur ar fáil i dteannta a chéile
- amanna ní bheidh an deighilt idir foinsí faisnéiseacha agus foinsí pictiúrtha róshoiléir. B'fhéidir go mbeadh téacs agus grianghraif i gceist le fógraí nó le hailt nuachtán: mar shampla; foinsí pictiúrtha den chuid is mó iad léarscáileanna agus léaráidí. Go ginearálta, is fearr a bheidh páistí in ann déileáil le hábhair den chineál sin
- uaireanta, níor mhiste don mhúinteoir smaoineamh ar an ábhar i bhfoinsí tábhachtacha a léamh do na páistí in ionad na páistí féin a bheith ag iarraidh teacht air.




Foinsí maithe staire faisnéiseacha is ea:

- rudaí a bhaineann le stair an pháiste féin, mar chártaí lá breithe, na chéad leabhair, leabhair gearrthóg, srl.
- fógraí, pacáistí, lipéid, ticéid; is féidir an-chuid samplaí dá leithéidí sin a fheiceáil i músaeim áitiúla, ach beidh go leor rudaí nach bhfuil in úsáid feasta nó nach bhfuil teacht orthu go coitianta le fáil i dtithe thuismitheoirí na bpáistí
- seaneagráin d'irisí a bhíonn ar díol go minic ar stallaí athdhíolta leabhar. Bheadh pictiúir agus fógraí astu seo an-úsáideach agus an chuma a bhí ar thithe, éadaí, ghluaisteáin srl. deich mbliana ó shin agus níos mó á hathchruthú

Seans maith go mbeidh cuntas ar eachtra a raibh tábhacht ag baint leis sa cheantar mar shampla oscailt scoile nó séipéil nua, tógáil monarchan nua, dúnadh muilinn, stoirm a rinne scrios mór, srl. le fáil sa nuachtán áitiúil, agus d'fhéadfadh go mbeadh grianghraif mhaithe ag dul leis an alt. Déantar go leor de na hailt seo atá ar fáil i seaneagráin de na páipéir nuachta a athchlóbhualadh in eagráin chomórtha.




- taifid scoile, téacsleabhair, clárleabhair, leabhair rollaí, agus, amanna, leabhair phionóis. Beidh seantaifid scoile ag go leor scoileanna agus má úsáidtear go cúramach agus go tuisceanach iad is féidir an-leas a bhaint astu. Beidh eolas faoi dhaoine agus faoin scoil i gcuid de na leabhair seo agus ba cheart don mhúinteoir iad a scrúdú go cúramach i dtosach sula n-úsáideann sé/sí iad. Bíodh is go bhfuil sé tábhachtach go láimhseodh na páistí na foinsí bunúsacha, ba cheart iomad láimhsithe taifead a sheachaint agus ba cheart fótachóipeanna agus grianghraif a úsáid ina n-ionad
- nuachtáin, go háirithe nuachtáin áitiúla, ar dócha go mbeadh cóipeanna díobh ar fáil sa leabharlann áitiúil
- cártaí poist agus litreacha
- stampaí, boinn agus nótaí airgid
- sean-amchláir atá le fáil i siopaí athdhíolta leabhar. Díol spéise iad na hamchláir traenach go háirithe, mar is féidir le páistí imscrúdú a dhéanamh ar an meath a tháinig ar an gcóras iarnród nó ar na turais a rinne a seanaithreacha agus seanmháithreacha agus a sin-seanaithreacha agus sin-seanmháithreacha—agus a dhéanfaidís anois i ngluaisteán—a rianú
- inscríbhinní ar leaca cuimhneacháin, leaca uaighe, chlocha boinn, srl. Bíonn inscríbhinní ar leaca i reiligí gonta go minic ach tig leo a insint dúinn faoi fhad saoil san am atá thart agus tig leo difríochtaí sóisialta a léiriú

- pacáistí cáipéisí a chuireann na cartlanna móra náisiúnta ar fáil. Is minic a bhíonn cáipéisí úsáideacha iontu seo agus eolas cúlra fíormhaith. Ach, ar an mórgóir, is mó a oireann siad do pháistí iar-bhunscoile agus ní mór iad a roghnú go cúramach agus eagarthóireacht chúramach a dhéanamh orthu má tá páistí bunscoile le hiad a úsáid
- téacsleabhair agus na léaráidí a bhíonn iontu. Bíonn foinsí faisnéiseacha i bhformhór na dtéacsleabhar agus nuair a bhíonn téacsleabhair á roghnú ba cheart raon agus oiriúnacht na sleachta a scrúdú.











Foinsí faisnéiseacha iad boinn agus nótaí airgid, ach is minic nach mbactar leo sa seomra ranga. Tá léiriú ar na hathruithe a bhí i gceist leis an gcóras deachúlach a thabhairt isteach le fáil sna hathruithe a rinneadh ar na hinscríbhinní ar na boinn 5p scilling/ agus 10p flóirín/. B'fhéidir go n-iarrfaí ar na páistí is sine tuairimí a chaitheamh faoin bhfáth ar roghnaíodh ainmhithe faoi leith le dul ar na boinn a cuireadh amach tar éis bhunú an tSaorstáit. D'fhéadfadh gur déantúsáin stairiúla iad na nótaí airgid, agus go bhfuil an dearadh ar nótaí comhaimseartha bunaithe ar dhaoine nó ar théamaí stairiúla.

## Cáipéisí a phlé

Raon scileanna a úsáid

- fíricí a fháil amach agus eolas a roghnú
- eolas a aistriú
- tátail a bhaint
- mothúcháin agus peirspictíochtaí a mheas
- dhá phíosa fianaise nó níos mó a chur i gcomparáid
- cuntas á shintéisiú

## Cáipéisí a phlé

Is féidir plé ar cháipéisí a spreagadh, go háirithe idir bheirteanna nó i ngrúpaí, trí cheistiúchán agus trí thascanna a éilíonn scileanna éagsúla a thabhairt do na páistí. Ina measc sin ba cheart go mbeadh:

- fíricí a fháil amach agus eolas a roghnú. Seo é an leibhéal is simplí ag ar féidir fianaise fhaisnéiseach a úsáid. Ba cheart go spreagfadh na ceisteanna na páistí le fíricí áirithe faoi thréimhse nó faoi eachtra a fháil amach ón bhfoinse. Is féidir seo a dhéanamh, fiú le páistí atá réasúnta óg, agus d'fhéadfaí é a dhéanamh níos éasca dóibh dá dtabharfaí bileog do gach páiste ar a mbeadh ráitis uirthi lena marcáil ag an bpáiste mar 'fíor' nó 'bréagach'. Ba cheart go mbeadh cuid de na ráitis beagáinín débhríoch chun díospóireacht agus a thuilleadh plé a spreagadh.

Mar shampla, d'fhéadfaidís seo a bheith ar na ráitis a bheadh ag dul le leabhar rolla nó clárleabhar scoile

*Chuaigh níos mó buachaillí ná cailíní ar scoil.*

*Fíor/bréagach*

*Mic feirmeoirí ba ea formhór na mbuachaillí.*

*Fíor/bréagach*

*Thosaigh na páistí ag dul ar scoil nuair a bhí siad ceithre bliana d'aois.*

*Fíor/bréagach*


*D'fhág na páistí ar fad an scoil nuair a bhí siad dhá bhliain déag d'aois.*

*Fíor/bréagach*

- eolas a aistriú. Is é atá i gceist leis seo eolas a athrú ó fhoirm amháin go foirm eile: mar shampla, d'fhéadfaí na hiontrálacha i leabhar rolla i gcomhair tréimhse cinnte a aistriú go foirm graif leis an gcaoi ar athraigh an tinreamh ó mhí go mí i rith na bliana a mheas
- tátail a bhaint. Mar shampla, d'fhéadfadh go dtabharfadh anailís na fianaise ar an tinreamh le fios go raibh sé íseal in Eanáir, Márta agus Deireadh Fómhair. Ach tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh, b'fhéidir go bhfeicfí go raibh tinreamh na mbuachaillí íseal go maith sna míonna sin. D'fhéadfaí iarraidh ar na páistí ansin cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an bpatrún sin a thairiscint. Tá sé an-tábhachtach go mbraithfeadh na páistí go raibh siad saor cúis ar bith a lua ach tacaíocht di a bheith san fhianaise
- mothúcháin agus peirspictíocht an té a scríobh an cháipéis a mheas. Tá cineál áirithe cáipéisí, mar dhialanna agus litreacha pearsanta, an-mhaith mar bhealach chun mothúcháin agus inspreagadh daoine a mheas
- dhá phíosa fianaise nó níos mó a chur i gcomparáid. Scil í seo atá i bhfad níos casta ná na scileanna atá i gceist leis na gníomhaíochtaí thuas agus, den chuid is mó, baineann sí leis na ranganna sinsearacha. Mar shampla, d'fhéadfaí dhá chuntas ar an eachtra chéanna a scríobh ó pheirspictíochtaí an-éagsúla. Cuir i gcomparáid, mar shampla, na ceannlínte san *Irish Independent* díreach i ndiaidh Éirí Amach 1916

agus perspictíocht an Phiarsaigh nuair a scríobh sé ag iarraidh comhráite géillte a thosú le ceannasaí arm Shasana

- cuntas a shintéisiú as dhá phíosa fianaise nó níos mó. Le go gcuirfí an scil seo i bhfeidhm, tá gá le heolas ar an tréimhse agus ar an gcomhthéacs a mbaineann na cáipéisí leo. D'fhéadfaí páistí a bheadh ag déanamh staidéir ar leabhair rollaí agus ar thaifid eile scoile a spreagadh leis an bhfianaise sin a úsáid, chomh maith leis an eolas a bheadh acu ar scoileanna sa naoú haois déag, le cuntas a scríobh ar lá scoile i seachtóidí an chéid seo caite.


H.Q. Moore St
Believing that the glorious stand which has been made by the soldiers of Irish freedom during the past five days in Dublin has been sufficient to gain recognition of Ireland's national claim at an international peace conference, and desirous of preventing further slaughter of the civil population and to save the lives of as many as possible of our followers the Members of the Provisional Government present at Head-Quarters have agreed by a majority to open negotiations with the British commander.
P. H. Pearse
Commandant General
Commanding in Chief the Army of the Irish Republic
29 April 1916




Ceannlínte nuachtán agus litir an Phiarsaigh ón gCeanncheathrú i Sráid Uí Mhórdha, 29 Aibreán 1916.

# Drámaíocht agus rólghlacadh

## Ról na drámaíochta

Is é atá ag teastáil sa drámaíocht sa stair ná léiriú pearsan, pearsantú agus rólghlacadh. Is modh teagaisc sármhaith í leis an stair a mhúineadh, mar

- má bhíonn páistí páirteach i rólghlacadh, beidh ionbhá acu leis na pearsana san am atá thart agus déanfaidh siad a ngníomhartha sin a chosaint i gcoinne daoine eile
- is é an aidhm atá leis an drámaíocht sa stair ná eispéireas an duine a athchruthú. Téann an t-eispéireas seo i bhfeidhm go pearsanta ar an dalta aisteoireachta agus spreagann sé sin é/í le níos mó eolais a shealbhú agus a thuiscint
- maolaíonn an drámaíocht aon chlaonadh a bheadh i nduine tabhairt faoi thopaic ar bhonn róshimplí. Cuirtear na peirspictíochtaí ar fad chun cinn agus ar an gcaoi sin ní fheictear cúrsaí i bhfoirm 'dubh agus bán' amháin.

## Ceacht drámaíochta a eagrú

Is é an aidhm atá le ceachtanna staire bunaithe ar an drámaíocht ná a chur ar chumas an pháiste labhairt nó gníomhú faoi mar a dhéanfadh an té a bhíonn á p(h)earsantú aige/aici. Is féidir topaic, scéal nó eachtra ar bith, beagnach, a úsáid mar bhonn le heispéireas drámaíochta do pháistí.

Tá dhá struchtúr ceachta feiliúnach le haghaidh mhúineadh na staire:

- *an modh labhair tríd*, modh atá feiliúnach do na ranganna is óige. Bíonn an cúram ar an múinteoir an t-inspreagadh agus an t-eolas ar fad don ghníomhaíocht a sholáthar agus a chur i láthair
- *modh an rólghlactha*, nuair a thugtar an t-eolas do na páistí faoina gcuid carachtar agus léiríonn siad é don chuid eile den rang 'sa ról'.

# Eiseamláir 16

## Ceacht 'labhair tríd' Eisimirce as Uladh san ochtú haois déag — ranganna 4 go dtí 6

### Réamhrá

D'fhéadfaí an ceacht seo a úsáid chun an fhoghlaim a dhaingniú tar éis staidéar a dhéanamh ar na Péindlíthe. D'fhéadfaí eolas cúlra úsáideach a fháil i bhfoinsí mar *Eighteenth-Century Emigration: Education Facsimiles* (Public Record Office of Northern Ireland). Chuirfeadh *Oceans of Consolation: Personal Accounts of Irish Migration to Australia* le David Fitzpartrick (Cló Ollscoil Chorcaí) foinsí oiriúnacha ar fáil le haghaidh staidéir den saghas céanna ar an eisimirce a lean an Gorta Mór sa naoú haois déag.

Is é ceistiú, insint agus páirtíocht an mhúinteora sa dráma a chuireann an ghníomhaíocht chun cinn sa cheacht. Beidh spás oscailte mar halla ag teastáil ionas gur féidir gluaiseacht idir na háiteanna éagsúla sa dráma a léiriú.

### Céim 1 An suíomh a léiriú

Agus é/í ina s(h)uí i lár an spáis, míníonn an múinteoir do na páistí gurb í an bhliain 1772 atá ann agus go bhfuil siad ar fad ina gcónaí i gCúige Uladh. Trí cheisteanna a chur agus trí labhairt leo spreagfaidh an múinteoir na páistí le smaoineamh ar an staid ina bhfuil siad:

- Preispitéirígh a bhformhór, agus bíodh is nach bhfuil siad an-saibhir, tá cuid acu go maith as. D'fhéadfadh go bhfuil baint ag go leor acu le gnó an línéadaigh nó na longthógála
- tá siad míshásta; an rud is mó atá ag goilliúint orthu go bhfuil leatrom á imirt orthu leis na Péindlithe. Is olc leo sin agus is beag seans atá acu, dar leo, dul chun cinn a dhéanamh ina dtír dhúchais.

### Céim 2 Grúpaí agus teaghlaigh a chur le chéile

Cuireann an múinteoir na páistí i ngrúpaí teaghlaigh agus iarrann orthu a phlé agus a shocrú eatarthu féin cé hiad féin sa teaghlach, an sloinne atá orthu agus an áit i gCúige Uladh inar chónaigh siad. (D'fhéadfadh cuid de na sonraí sin a bheith bunaithe ar thaighde a rinneadh roimhe seo ar an tréimhse, ar cháipéisí a úsáideadh i gceacht eile, srl.) Tríd an gceistiú ba cheart go spreagfaí na páistí leis an gcineál tí a bhí acu, an tslí bheatha a bhí acu srl. a shamhlú.

### Céim 3 Ag bualadh le captaen na loinge

Ansin glacann an múinteoir ról John Bennett, captaen na loinge *Prudence.* Tá sé ina sheasamh gar do Halla an Línéadaigh i mBéal Feirste ag labhairt le ball amháin as gach teaghlach faoina iontaí is atá Meiriceá mar áit. Imríonn sé ar an dúil atá acu i gcothrom na Féinne agus sa tsaoirse. Níl aon ainchíosanna ná prócadóirí deachún ann. Is í Meiriceá an Tír Tairngire. Molann sé dóibh dul ar imirce, agus sin ar an long bhreá acmhainneach seo aige féin. Más áil leo, glacfaidh sé le héarlais ina bpasáiste ar an bpointe boise nó déanfaidh sé socrú éigin eile.

Téann na páistí ar ais chuig a dteaghlaigh agus deir siad leo gur mhaith leo dul ar imirce. Freagraíonn gach ball den teaghlach don scéala seo ar a b(h)ealach féin. D'fhéadfaí a mholadh go n-imeodh teaghlaigh iomlána, nó duine amháin nó beirt as teaghlach.

Déantar na hullmhúcháin. Ba cheart do na páistí ansin cabhrú leis an mball den teaghlach atá ag imeacht réiteach don turas. D'fhéadfaidís, mar ghrúpa, liosta a dhéanamh de na rudaí ar fad a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu agus socrú a dhéanamh an fheirm ag baile a dhíol. D'fhéadfaidís breathnú ar léarscáil le go bhfeicfidís cá raibh siad ag dul, agus an fad a thógfadh sé orthu dul ann a ríomh. Pléitear na ceisteanna sin ansin agus labhraítear fúthu.

Tagann an lá go gcaithfidh na himircigh imeacht. Téann teaghlaigh iomlána síos go dtí an calafort le slán a chur lena ndaoine muinteartha. Fágann siad sin slán agus geallann siad go scríobhfaidh siad. Fágann na páistí slán lena chéile agus imíonn na himircigh. D'fhéadfaí cur le héifeacht na scarúna dá bhféadfadh na himircigh dul go dtí ceann amháin den halla nó suas ar an stáitse nó lasmuigh den seomra. Filleann na baill den teaghlach atá fágtha go dtí a 'dtithe' sa halla.

## Céim 4 An turas farraige

Agus úsáid á baint, más féidir, as imeartas fuaime mar an ghaoth sna seolta agus tonnta ag bualadh taobh na loinge, míníonn an múinteoir do na 'himircigh' go bhfuil siad anois ar an *Prudence*, agus iad ag seoladh go Meiriceá. Labhraíonn sé/sí leo faoi na tosca ar bord loinge. D'fhéadfadh sé/sí ligean do gach páiste bualadh le paisinéir amháin eile ó theaglach eile. D'fhéadfaidís iad féin a chur in aithne dá chéile agus an chuma a bheidh ar Mheiriceá, dar leo, a phlé, an chaoi ar mhothaigh siad ag fágáil an bhaile dóibh, an dóchas atá acu agus an imní atá orthu.

## Céim 5 Fágtha sa bhaile

Ba cheart go spreagfadh an ceistiú agus an plé na daoine a d'fhan in Éirinn le labhairt faoin mbuairt agus faoin imní atá orthu faoina ngaolta agus faoin dóchas atá ag cuid acu dul go Meiriceá le bheith lena gcairde nuair a gheobhaidh siad luach an phasáiste.

## Céim 6 Bailte nua

Tagann na himircigh i dtír go sábháilte i Meiriceá, lorgaíonn siad obair, agus téann ag lorg na gcairde, na gcomharsan nó an ghrúpa creidimh a bhfuil baint acu leis. Ansin scríobhann siad litir abhaile ag insint faoin turas agus faoina gceapann siad faoi Mheiriceá agus ag iarraidh iad siúd atá fágtha in Éirinn a mhealladh le teacht chucu.

## Céim 7 Iarobair

D'fhéadfaí leas a bhaint as comhfhreagras samhalta a bhabhtáil mar obair scríofa i gceacht teanga. Ba cheart na páistí a spreagadh lena gcuid litreacha a dhéanamh chomh húdarach agus ab fhéidir, ag cur isteach iontu, b'fhéidir, blúirí fianaise ar tháinig siad orthu i gceachtanna roimhe seo. D'fhéadfadh staidéar ar thíreolaíocht Mheiriceá cur leis an obair seo.

# Eiseamláir 17

## Modh an rólghlactha: An Gorta Mór — ranganna 5 agus 6

### Réamhrá

Sa chineál seo ceachta bíonn an bhéim ar na páistí tuairimí, creideamh agus dearcadh daoine aonair agus grúpaí ón am atá thart a ghlacadh agus ansin idirghníomhú trí phlé a dhéanamh le daoine aonair ó ghrúpaí a bhfuil dearcadh contrártha acu. Ní gá gluaiseacht sa cheacht seo agus tá sé an-fheiliúnach don seomra ranga. B'fhearr é a úsáid nuair a bhíonn staidéar déanta ag na páistí ar chúiseanna, ar dhul chun cinn agus ar thorthaí an Ghorta agus eolas sealbhaithe acu ar roinnt de na bearta fóirithinte a cuireadh i bhfeidhm ag an am. D'fhéadfaí an obair atá leagtha amach anseo a chríochnú in imeacht seisiúin nó dhó.

Is é príomhaidhm an cheachta deis a thabhairt do pháistí spreagadh, imní agus ábhair bhuartha na ndaoine a bhí i gceist a thuiscint agus teacht ar thuiscint do chastacht na n-imeachtaí a léirítear.

### Céim 1 Grúpaí pearsan

Roinntear na páistí ina ngrúpaí carachtar de réir mar a bhíonn feiliúnach don topaic a bhíonn i gceist; sa chás seo

- tiarnaí talún
- tiarnaí beaga agus bailitheoirí cíosa
- baill den rialtas
- baill den mheánaicme (cosúil le siopadóirí, dlíodóirí, agus lucht gnó a raibh cónaí orthu sna bailte)
- muintir na tuaithe (ba cheart go mbeadh an grúpa seo dhá oiread chomh mór leis na grúpaí eile)

Tugtar bileog threorach nó script do gach grúpa. Tugann an bhileog buneolas faoin gcineál daoine atá sa ghrúpa, a n-ábhair bhuartha, a dtuairimí agus an dearcadh a bheadh acu ar gach ceann de na príomhimeachtaí a tharla i rith an Ghorta. Foinse bhunúsach eolais ag na páistí sa ghrúpa í an bhileog sin agus iad ag glacadh páirte sa phlé, agus, más féidir, ba cheart go gcuimseofaí roinnt fianaise ón tréimhse uirthi.

### Céim 2 Ag dul i dtreo na pearsan a ghlacadh

Seo é an chuid is tábhachtaí—agus an chuid is deacra—den obair. Ar dtús beidh ar an múinteoir go leor cabhrach a thabhairt do na páistí. Is féidir leis an múinteoir ceisteanna fócais a thabhairt dóibh chun a gcuid smaointe a spreagadh agus trí fhianaise faoi leith agus tuairiscí ón tréimhse a chur ar fáil. Beidh níos lú cabhrach ag teastáil ó pháistí le níos mó taithí ar an gcineál sin oibre. D'fhéadfaí í a thabhairt do na páistí mar obair bhaile. Roghnaíonn siad pearsa ar liosta na bpearsan ina gcuid scripteanna. D'fhéadfaí a iarraidh orthu cúig phointe faoina bpearsa féin a scríobh síos, .i. ainm agus sloinne, gnéas, áit chónaithe srl. agus pictiúr dá t(h)each a thabhairt isteach. Ba chóir do na páistí ansin ról na bpearsan a ghlacadh ina samhlaíocht.





Chuirfeadh an pacáiste *The Famine: Ireland, 1845-51: Facsimile Documents* (an Chartlann Náisiúnta) ábhar cúlra an-úsáideach faoin tréimhse seo ar fáil don mhúinteoir.

Is é cuspóir an cheachta ná go n-inseodh gach ball sa ghrúpa a bhfuil ina script do bhaill eile a ghrúpa féin, ag labhairt dó/di i gcáil na bpearsan a bhíonn samhlaithe aige/aici.

Mar shampla, b'fhéidir go ndéarfadh ball de ghrúpa na dtiarnaí talún:

> *Is mise an Tiarna Rivermount. Tá eastát agam i gContae na Mí. Ní raibh mé riamh in Éirinn agus níl sé ar intinn agam dul ann. Níl a fhios agam cén chuma atá ar mo chuid talún. Tá aibhéardaí i mbun mo chuid talún. Bailíonn sé an cíos agus cuireann sé chugam é. Níl aon spéis agam i leas mo chuid tionóntaí.*

D'fhéadfadh gur tiarnaí talún cásmhara atá ag iarraidh cás a dtionóntaí a fheabhsú pearsana eile agus gur tiarnaí talún mífhreagracha iad pearsana eile fós. Ba cheart dóibh ar fad pearsana a fhorbairt agus cur leis an gcaint, cuma cé chomh beag, fiú a rá

> *Is mise an Tiarna Lockwood agus is tiarna neamhchónaitheach mise chomh maith, agus aontaím leis an Tiarna Rivermount.*

Ba cheart go mbeidís sásta ceisteanna fúthu féin a fhreagairt i ról a bpearsan agus ba cheart go spreagfaí iad chun a gcuid féin a dhéanamh den script agus í a insint ina gcuid focal féin. D'fhéadfadh na páistí tuilleadh taighde a dhéanamh ar a bpearsana féin.

## Céim 3 Ag labhairt le grúpaí eile

Nuair a cheapann na grúpaí go bhfuil siad réidh insíonn na pearsana i ngach grúpa don chuid eile cé hiad féin agus cén dearcadh atá acu. Ba cheart don mhúinteoir na pearsana a cheistiú agus iad a spreagadh lena gcuid mothúchán, a ndearcadh agus a dtuairimí faoi ráitis na bpearsan eile a chur in iúl.

## Céim 4 Cúrsa an Ghorta

Is é ról an chroiniceora a bheidh ag an múinteoir anois, ag insint faoi chéimeanna an Ghorta. Is iad sin, b'fhéidir:

- feictear an dubh den chéad uair agus teipeann ar an mbarr i 1845
- scriostar an barr agus fágtar na daoine gan dada
- cuirtear an barr arís sa bhliain 1846, ach teipeann arís air
- tosaítear an obair fhóirithinte
- teip ar an obair fhóirithinte; an staid i dteach na mbocht
- eisimirce agus cónascadh gabháltas feirme.

Ag gach céim, spreagann an múinteoir pearsana as gach grúpa lena dtuairimí a nochtadh, a mhíniú cén fáth a bhfuil a gcuid gníomhartha ceart agus freagairt do ghníomhartha agus do ráitis na bpearsan eile. Mar shampla, b'fhéidir gurb é an chéad rud a dhéanfadh na tionóntaí tar éis teipe ar na prátaí an chéad uair laghdú ar an gcíos a lorg. D'fhéadfadh na tiarnaí talún sin a eiteach mar go gcreideann siad, b'fhéidir, nach bhfuil na tionóntaí ach ag iarraidh éalú ón gcíos a íoc. De réir mar a éiríonn an gorta níos measa, d'fhéadfadh na bailitheoirí cíosa a rá lena dtiarnaí talún nach féidir cíos a bhailiú níos mó, ach ní éisteodh cuid de na tiarnaí talún lena n-éilimh. B'fhéidir gurb é freagra tiarnaí talún eile iarraidh ar an rialtas cabhrú leo obair fhóirithinte a chur ar bun; bheadh freagra ag na daoine bochta dóibh sin, freisin.

I dtosach báire b'fhéidir go mbeadh leisce ar na páistí a dtuairimí a chur in iúl mar phearsana, ach de réir mar a théann na seisiúin ar aghaidh éireoidh siad níos tógtha lena bpearsa agus d'fhéadfadh an díospóireacht éirí beagán teasaí; déantar fírinne den am atá thart de réir mar a úsáideann na páistí an fhianaise a bhfuil achoimre uirthi ina gcuid scripteanna.

## Céim 5 Iarobair

D'fhéadfaí, anois, rudaí mar iad seo a leanas a dhéanamh

- gníomhartha gach grúpa a mheas i láthair an léargais atá faighte ag na páistí
- na torthaí fadtréimhseacha a bhí ar an nGorta a mheas, ní go fisiceach amháin ach ó thaobh dhearcadh fadtréimhseach na ndaoine i leith a chéile
- comparáid a dhéanamh idir na hiarrachtaí a rinne daoine ag an am agus na hiarrachtaí a dhéanaimid sa lá atá inniu ann nuair a tharlaíonn gorta in áiteanna eile ar fud an domhain.

# Teicneolaíocht an eolais a úsáid

Tig le teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide (TEC) cur go mór le múineadh agus le foghlaim na staire. Tá siad seo a leanas ar na bealaí ar féidir í a úsáid:

- tig le páistí ríomhchláir láimhseála sonraí a úsáid le go leor taifead agus eolais a thaifeadadh agus a anailísiú. Mar shampla, d'fhéadfadh na páistí sonraí a iontráil faoi dhaltaí ar cuireadh a n-ainmneacha ar rolla na scoile in imeacht tréimhse áirithe. Ansin, d'fhéadfaidís ceisteanna a chur faoi aois na ndaltaí nuair a cláraíodh iad, an obair a rinne a n-aithreacha nó a máithreacha, a n-aois nuair a d'fhág siad an scoil. Le cabhair an ríomhaire, d'fhéadfaí na freagraí ar na ceisteanna sin a chur i láthair mar ghraf
- tá roinnt ríomhchlár samhalta ar fáil atá bunaithe ar théamaí stairiúla. Ligeann cuid acu don pháiste bheith i ról an tseandálaí ar thochailt, cuir i gcás, nó mar shaighdiúir Normannach ag ionsaí caisleáin. I ngach cás, ní mór don pháiste a c(h)uid eolais ar an tréimhse nó ar an gcás a úsáid lena chuid gníomhartha a stiúradh. D'fhéadfadh na ríomhchláir seo a bheith úsáideach le páiste a spreagadh chun smaoineamh ar na constaicí a bhí ag daoine i gcásanna den chineál sin. Ach ba cheart do mhúinteoirí iad a dhearbhú go cúramach féachaint an bhfuil siad cruinn ó thaobh na staire de
- cuireann cláir phróiseála focal agus cláir líníochta meán eile ar fáil don pháiste lena f(h)ionnachtana sa stair a chur in iúl. Tá sé éasca athdhréachtadh, eagarthóireacht agus ceartúcháin a dhéanamh ar ríomhaire, agus ar an gcaoi sin féadfaidh sé spreagadh a thabhairt don pháiste nach mbaineann an oiread sin sásaimh as gníomhaíochtaí scríbhneoireachta sa ghnáthshlí
- leis na cláir seo, freisin, is féidir cáipéis a chur le chéile thar thréimhse fhada: mar shampla, d'fhéadfadh páistí línte ama a stóráil ar dhiosca ríomhaire agus ansin cur leo de réir mar a chríochnófaí aonaid oibre nua
- féadfaidh teicneolaíocht an eolais cur go mór le raon na n-acmhainní agus an eolais atá ar fáil don pháiste. Tá cuntais staire, pictiúir, léarscáileanna srl. ar go leor de na dlúthdhioscaí atá ar fáil
- bíonn teacht ag páistí ar raon níos mó fós foinsí má úsáideann siad an t-idirlíon. Tá leathanaigh ghréasáin ag go leor dánlann, músaem agus lárionad léirithe agus tig leis na páistí 'cuairt a thabhairt' ar na bailiúcháin agus ar na suímh ar an ríomhaire
- féadfaidh an t-idirlíon spreagadh breise a thabhairt do pháistí tabhairt faoi thaighde staire. Tá nasc déanta ag roinnt scoileanna le scoileanna eile agus le ranganna eile agus roinneann siad sonraí faoina gcuid tionscadal agus faoina gcuid imscrúduithe lena chéile tríd an ríomhphost. Mar shampla, d'fhéadfadh páistí atá ag déanamh staidéir ar na Ceiltigh fianaise a bhaineann le láithreáin éagsúla a roinnt agus a chur i gcomparáid ach an modh seo a úsáid.

# Breathnóireacht ar obair páistí

### Obair páistí a mheasúnú sa stair

- breathnóireacht an mhúinteora
- tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir
- samplaí oibre, bailiúcháin agus tionscadail
- próifílí curaclaim

## Obair páistí

Is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as na bealaí éagsúla cur chuige don teagasc a ndéantar cur síos orthu i roinn na modheolaíochtaí de na treoirlínte seo chun raon leathan d'eispéiris foghlama a chur ar fáil do na páistí. Cuirtear sruth leanúnach eolais ar fáil faoi dhul chun cinn na bpáistí maidir le cuspóirí an churaclaim staire a bhaint amach, nuair a ghlacann siad páirt sna gníomhaíochtaí sin—gníomhaíochtaí ina gcuimsítear freagairt, ceistiú, plé, scéalaíocht, cuairteanna, líníocht, scríbhneoireacht, déanamh samhlacha, rólghlacadh—in aon fhocal amháin, gach gné d'obair na bpáistí sa stair.

Tá an t-eolas seo fíor-riachtanach má tá an múinteoir le breithiúnas gairimiúil a thabhairt faoi cé chomh maith is atá ag éirí le foghlaim na bpáistí agus faoin gcaoi ar féidir leis/léi cabhrú leo foghlaim níos éifeachtaí. Úsáidfear roinnt teicníochtaí le heolas a bhailiú agus a thaifeadadh faoi dhul chun cinn an pháiste sa stair. Ina shainmhodh féin, cabhraíonn gach ceann acu leis an múinteoir dul chun cinn a mheas, deacrachtaí a aithint, cumarsáid a dhéanamh leis an bpáiste, leis na tuismitheoirí, agus le daoine eile, agus tuilleadh foghlama don pháiste a phleanáil.

### *Breathnóireacht an mhúinteora*

Nuair a thugann múinteoir sonraí faoi fhoghlaim pháistí faoi deara de réir mar a dhéantar topaicí staire a iniúchadh agus a theagasc cuirtear eolas atá riachtanach ar fáil dó/di féin go díreach. Is féidir breathnóireacht a dhéanamh de réir mar a chríochnaíonn na páistí obair, nuair a ghlacann siad páirt sa phlé, nuair a idirghníomhaíonn siad leis an múinteoir nó nuair a thugann sé/sí treoir agus cabhair dóibh. Is féidir léargas a fháil ar an méid eolais stairiúil atá foghlamtha ag páistí ach breathnú ar a bhfreagairt agus ar a ngníomhaíochtaí agus iad i mbun oibre. Ach is mó go mór is fiú an bhreathnóireacht le measúnú a dhéanamh ar chumas na bpáistí scileanna na staire a chur i bhfeidhm agus ar an dearcadh a léiríonn siad i leith imeachtaí agus pearsana staire.

D'fhéadfadh cuid de na sonraí faoi fhoghlaim páistí teacht chun solais gan choinne nó trí thimpiste, geall leis; amanna eile b'fhéidir go socródh an múinteoir breathnú go córasach le haghaidh iompair, ábaltachtaí nó idirgníomhaíochtaí faoi leith. Toisc nach bhfuil sé indéanta gach a bhfuil ar fáil d'eolas faoi fhoghlaim na bpáistí go léir a áireamh sa mheasúnú, d'fhéadfadh sé bheith úsáideach páistí nó grúpaí faoi leith a aithint ar ghá an bhreathnóireacht a dhíriú níos mó orthu. Cabhróidh sé leis an mbreathnóireacht a fheabhsú freisin má dhéantar na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo a shoiléiriú roimh ré.

Mar shampla, i gcás ceachta bunaithe ar dhéantúsáin stairiúla a scrúdú, d'fhéadfadh an múinteoir a bheith ag faire amach do na páistí sin a bhreathnaíonn ar an earra go sciobtha agus ansin a dhéanann tomhas faoin úsáid a bhaintí as nó faoin bhfeidhm a bhíodh leis, murab ionann agus na páistí a dhéanann scrúdú níos córasaí air. Le linn pléite ar phíosa fianaise scríofa, ní dhéanfaidh páistí áirithe ach eolas a bhaint as an gcáipéis, ach d'fhéadfadh páistí eile a thabhairt le fios go bhfuil dearcadh an scríbhneora ag cur isteach ar an eolas atá á chur i láthair. D'fhéadfadh dreach páiste nó comhrá ócáidiúil idir pháistí nuair a thugtar insint nó léamh scéil chun críche a léiriú cé acu an raibh nó nach raibh ionbhá acu le hanchás pearsan staire.


Ní féidir don mhúinteoir iomlán an eolais a fhaigheann sé/sí tríd an mbreathnóireacht a scríobh síos ach d'fhéadfadh sé bheith cabhrach agus obair don am atá le teacht á pleanáil i gcomhair páistí aonair, i gcomhair grúpaí nó i gcomhair an ranga nóta a bhreacadh faoi ghnéithe de dhul chun cinn na bpáistí nó faoi bhearnaí ina gcuid eolais nó ina scileanna staire. D'fhéadfaí nótaí a choinneáil i leabhar nótaí simplí nó i ndialann nó ar bhileog i gcomhair na topaice, an ghrúpa nó an ranga a bheadh i gceist. Déanann breathnóireacht an mhúinteora comhlánú ar uirlisí measúnaithe eile ionas go bhfeicfear foghlaim an pháiste sa stair ar bhealach i bhfad níos cuimsithí.

### *Tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir*

Úsáidfidh múinteoir raon leathan gníomhaíochtaí chun páistí a thosú ar aonaid as an gcuraclam staire, chun ligean dóibh foghlaim faoi ghnéithe de na topaicí staire a bhíonn i gceist agus chun an t-eolas agus na scileanna a shealbhaíonn siad a athdhaingniú. I measc na ngníomhaíochtaí seo beidh plé sa rang, cur agus freagairt ceisteanna, láimhseáil fianaise, clárú agus cur in iúl tríd an gcaint, trí phictiúir, trí shamhlacha, tríd an scríbhneoireacht, agus i bhformáidí ríomhaire, chomh maith le trí dhrámaíocht, rólghlacadh agus athchruthuithe. Is féidir na hócáidí foghlama gníomhaí ina dtarlaíonn siad sin a úsáid le dul chun cinn páistí aonair agus grúpaí a mheasúnú agus tig leo a bheith úsáideach go háirithe le measúnú a dhéanamh ar fhorbairt scileanna agus dearcaidh na bpáistí.

Cuirfidh an plé a spreagtar le píosa fianaise, le cuntas ar rud éigin san am atá thart, le cuairt nó le ceist de chuid an mhúinteora go leor eolais ar fáil faoi thuiscint na bpáistí ar eachtra, pearsa nó tréimhse staire. Ach iad a úsáid i gceart, ní hamháin go bhféadfaidh ceisteanna an mhúinteora léargas a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta ag an bpáiste ach cothóidh siad leibhéil níos airde smaointe agus foghlama. Mar shampla, má úsáidtear ceisteanna atá oscailte dáiríre, féadfar an páiste a mhealladh le tuairimí a chaitheamh faoi smaointe agus inspreagadh pearsan staire.

Léireofar go leor faoi fheasacht páistí ar fhianaise ón am atá thart ina dtimpeallacht féin agus faoina ndearcadh i leith a caomhnaithe, má thugtar cuairt ar láithreacha agus foirgnimh stairiúla agus má dhéantar iniúchadh orthu, go háirithe má úsáidtear bileoga riain chun fócas a thabhairt don obair nó má bhíonn duine fásta ar féidir leis/léi labhairt faoin gcaoi a raibh an saol san ionad sin fadó in éineacht leis na páistí.



Faigheann an múinteoir eolas ríthábhachtach i gcomhair an mheasúnaithe trí bhreathnú ar pháistí, trí éisteacht leo, trí idirghníomhú leo agus iad i mbun gníomhaíochtaí foghlama agus trí thorthaí na dtascanna a chríochnaíonn siad sa stair a scrúdú. Tugann bailiúcháin seans do mhúinteoirí dul chun cinn na bpáistí a thaifeadadh ar bhealach simplí soláimhsithe.

Ba cheart go dtabharfadh a gcuid oibre pictiúrtha agus a gcuid oibre scríofa, chomh maith leis an gcumarsáid a dhéanann siad ar bhealaí eile, deiseanna do na páistí an méid atá ar eolas acu agus an méid a thuigeann siad faoin am atá thart a léiriú agus, chomh maith leis sin, a thaispeáint cad iad na scileanna staire is féidir leo a chur i bhfeidhm. Má iarrtar ar pháistí pictiúr d'earraí stairiúla, d'fhoirgnimh nó d'imeachtaí a dhéanamh nó a chríochnú, feicfear na fíricí faoin am atá thart atá sealbhaithe acu, agus má scrúdaítear na pictiúir b'fhéidir go bhfaighfí léargas ar a bhfeasacht chróineolaíoch nó ar a gcumas fianaise as raon d'fhoinsí a shintéisiú. Mar shampla, an páiste a dhéanfadh pictiúr de ridire Normannach istigh i gcaisleán agus teilifíseán ann, ní féidir leis an t-am atá thart agus an t-am i láthair a idirdhealú go soiléir fós; páiste a léireodh Dónall Ó Conaill gléasta mar fhear uasal i dtús na naoú haoise déag agus peiriúic ina lámh aige, b'fhéidir go mbeadh eolas ó staidéar ar an saol sa naoú haois déag chomh maith le scéal faoi shaol an abhcóide á úsáid aige/aici.

Ba cheart a mheabhrú chomh maith gur bealaí sármhaithe iad rólghlacadh, drámaíocht agus déanamh mionsamhlacha chun ligean do pháistí a miontuiscint ar an am atá thart, a n-ionbhá le pearsana staire agus a scileanna ginearálta comhoibrithe agus cumarsáide a chur in iúl.

*Samplaí oibre, bailiúcháin agus tionscadail*

Is uirlis an-tábhachtach measúnaithe sa stair agus san OSIE é samplaí d'obair na bpáistí a chur le chéile i mbailiúcháin. Féadfaidh an múinteoir nó an páiste, má bhíonn sé ábalta chuige, samplaí oibre a chnuasach as raon leathan de na tascanna a mholtar sa churaclam agus sna treoirlínte. Sa chaoi sin déanfar monatóireacht chothrom ar dhul chun cinn an pháiste ó thaobh eolais agus scileanna i gcomhthéacs na dtopaicí staire a bhfuil taithí aige/aici orthu. D'fhéadfadh an páiste nó an múinteoir nó an bheirt acu na samplaí a choinneáil i bhfillteáin nó i bpócaí simplí agus níor mhiste a mheabhrú gur cineálacha bailiúchán iad leabhair ghearrthóg staire agus cóipleabhair staire freisin.

Le go gcabhródh samplaí, bailiúcháin agus tionscadail leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim caithfidh siad a bheith soláimhsithe. Ar an ábhar sin, is iad na rudaí is suntasaí amháin is gá a choinneáil. Ba cheart samplaí a choinneáil

- nuair a thaispeánann siad go bhfuil cuspóirí áirithe bainte amach, mar shampla ag deireadh aonad oibre
- nuair a léiríonn siad dul chun cinn suntasach ó thaobh scil áirithe staire a chur i bhfeidhm: mar shampla, má léiríonn páiste tuiscint ar chúis agus iarmhairt den chéad uair, nó má léiríonn sé/sí fíorionbhá le pearsa i gcomhrá samhalta le linn rólghlactha
- nuair a léiríonn siad laige nó bearna in eolas an pháiste nó ina c(h)uid scileanna: mar shampla, d'fhéadfadh go raibh míthuiscint ar pháiste faoin téarma 'mainistir' le linn ceachta faoin eaglais sa luathré Chríostaí más foirgneamh mór eaglasta amháin a bhíonn ina líníocht de láthair mhainistreach in ionad grúpa de chealla beaga thart ar chill
- nuair a léiríonn siad dul chun cinn cuid mhaith níos mó, nó réimse tuisceana cuid mhaith níos leithne, ná mar a bhí i gceist le hábhar na gceachtanna.

Ba cheart go mbeadh an t-eolas seo greamaithe leis an sampla: ainm an pháiste, an dáta, agus an chabhair a tugadh don pháiste leis an tasc a chríochnú, má tugadh. Ach taifead carnach d'obair an pháiste a bheith déanta, cuid de roghnaithe ag an bpáiste féin, beidh ar chumas an mhúinteora breithiúnas gairimiúil a thabhairt ar dhul chun cinn an pháiste agus ar cé chomh hullamh is atá sé/sí i gcomhair tuilleadh eispéireas foghlama. Bonn maith a bheidh ann, freisin, le tuairisc a thabhairt do thuismitheoirí agus do dhaoine eile. D'fhéadfadh go ndéanfadh ábhar na mbailiúchán bonn maith do thaispeántas deireadh téarma do thuismitheoirí agus go bhféadfaí leas a bhaint as chomh maith mar bhonn eolais don mheasúnú ar dhul chun cinn an pháiste a ndéanfar a thaifeadadh agus a thuairisciú ar chártaí cuntais dalta agus ar phróifílí dalta.

Féadfaidh an múinteoir leas a bhaint as na bailiúcháin chomh maith mar chabhair agus an t-ábhar, na modhanna agus an cur chuige a d'úsáid sé/sí i rith an téarma nó i rith na bliana á n-athbhreithniú agus á meas aige/aici. Tugann samplaí oibre a léiríonn éifeacht cur chuige faoi leith nó laigí i bhfoghlaim na bpáistí eolas a bheidh tábhachtach agus obair don am atá le teacht á pleanáil. Dá ndéanfadh grúpaí múinteoirí agus iad ag obair i gcomhar lena chéile anailís ar bhailiúcháin raoin páistí agus ranganna, leanfadh as go mbeidís ag roinnt a dtaithí theagaisc ar a chéile agus go mbeadh cur chuige comónta i leith mheasúnú na staire sa scoil á fhorbairt acu. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé cur le hiontaofacht mheasúnú na bpáistí.

### *Próifílí curaclaim*

Cuireann próifílí curaclaim bealach ar fáil inar féidir dul chun cinn páiste a mheasúnú agus a thaifeadadh agus úsáid á baint as táscairí gnóthachtála. Iarracht atá sna táscairí seo, a dhéantar a ghrúpáil ina dtacair uaireanta, ar achoimre a thabhairt den raon eolais, scileanna agus dearcaidh a bhféadfaí a bheith ag súil leis ag pointí éagsúla i ndul chun cinn an pháiste. Mar shampla, i laethanta tosaigh na staire d'fhéadfaí an méid seo a leanas a chur san áireamh sna táscairí:

- labhraíonn sé/sí faoi ghnéithe d'imeachtaí san am atá thart ina s(h)aol féin agus i saol a m(h)uintire agus i saol daoine eile
- labhraíonn sé/sí faoi scéalta ón am atá thart
- láimhsíonn sé/sí earraí agus grianghraif agus déanann cur síos ar a bhfeiceann siad iontu
- tosaíonn sé/sí ag aithint difríochtaí idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair
- cuireann sé/sí eolas faoin am atá thart in iúl trí chaint agus trí líníocht.

Trí na táscairí seo a mharcáil, a aibhsiú nó a scáthú de réir mar a bhaintear amach iad, d'fhéadfaí taifead de dhul chun cinn an pháiste a choinneáil. Má bhreathnaíonn an múinteoir ar bhailiúchán oibre an pháiste agus ar thascanna eile atá críochnaithe aige/aici, cabhróidh sé leis/léi an phróifíl a thabhairt suas chun dáta ó am go ham, agus beidh an t-eolas is gá chun cárta próifíle an dalta a líonadh ag deireadh na bliana ar fáil sa phróifíl churaclaim.



Roinn 6

# Aguisín

# An stair áitiúil: leabhair úsáideacha agus foinsí eile don mhúinteoir

Is é aidhm don mhír seo moltaí úsáideacha a thairiscint do mhúinteoirí ar mhaith leo eolas a fháil ar stair a gceantair féin. Níl ar an liosta ach rogha de roinnt de na foilseacháin agus de na foinsí is úsáidí agus is fusa teacht orthu. Tá go leor de na leabhair a liostaítear i gcló agus tá siad ar fáil sa chuid is mó de na leabharlanna contae. Tá leabharliostaí i gcuid mhaith acu a thugann eolas don léitheoir ar fhoinsí eile.

Tá sonraí le fáil ar lch 37-39 de na treoirlínte seo faoi roinnt de na heagraíochtaí, de na leabharlanna agus de na hinstitiúidí tábhachtacha a d'fhéadfadh a bheith cabhrach don mhúinteoir agus é/í ag múineadh na staire sa bhunscoil.

## Tús oibre

Tá cuid de na leabhair seo leagtha amach i bhfoirm gasaitéir nó leagtha amach de réir an chontae. Tugann siad liostaí cuimsitheacha agus roinnt eolais faoi láithreáin agus faoi fhoirgnimh stairiúla ó cheann ceann na tíre.

| | | |
|---|---|---|
| Automobile Association | *Illustrated Guide to Ireland* *[Tá eagrán níos luaithe den saothar seo, 'Illustrated Road Book of Ireland', a foilsíodh i 1963, sárluachmhar i gcónaí. Bíodh is go bhfuil sé as cló is féidir é a cheannach gan mórán stró i siopaí athdhíolta leabhar]* | Londain, Reader's Digest agus AA, 1976 |
| Barrow, Lennox | *The Round Towers of Ireland: Study and Gazeteer* | Baile Átha Cliath, Academy Press, 1979 |
| de Breffny, Brian | *The Castles of Ireland* | Hudson, 1986 |
| de Breffny, Brian agus Mott, George | *The Churches and Abbeys of Ireland* | Londain, Thames and Hudson, 1980 |
| de Breffny, Brian agus Ffolliott, Rosemary | *The Houses of Ireland: Domestic Architecture from the Medieval Castle to the Edwardian Villa* | Londain, Thames and Hudson, 1984 |
| Dudley Edwards, Ruth | *An Atlas of Irish History* | Londain, Methuen, 1981 |
| Fry, Plantagene S. | *Castles of Britain and Ireland* | Newton Abbott, David and Charles, 1996 |
| Harbison, Peter | *Guide to the National and Historic Monuments of Ireland* | Baile Átha Cliath, Gill and Macmillan, 1992 |
| Harbison, Peter (eag.) | *The Shell Guide to Ireland* *[Eagrán suas chun dáta den saothar a scríobh Michael Killanin agus Michael Duignan. Teoirleabhar úsáideach agus cuimsitheach i gcónaí é an dara heagrán a foilsíodh i 1966.]* | Baile Átha Cliath, Gill and Macmillan, 1989 |

| | | |
|---|---|---|
| Leask, Harold | *Irish Castles agus Castellated Houses* | Dún Dealgan, Dundalgan Press, 1973 |
| Leask, Harold | *Irish Churches and Monastic Houses (3 iml.)* | Dún Dealgan, Dundalgan Press, 1966 agus roinnt athchlónna |
| Lewis, Samuel | *A Topographical Dictionary of Ireland (3 iml.)* [*Leabhar i bhfoirm gasaitéir a cuireadh amach go luath sa naoú haois déag agus a bhfuil atlas de na contaetha ag dul leis. Tá cur síos sármhaith ann ar gach paróiste, baile beag agus baile mór sa tír mar a bhí siad sna 1830í. Cuireadh athchló ar an leabhar i 1970 agus tá sé ar fáil in go leor leabharlanna*] | Londain, Kennikat Press, athchló 1970, eagráin bhunaidh 1837 agus 1850 |
| Mitchell, Frank agus Ryan, Michael | *Reading the Irish Landscape* | Baile Átha Cliath, Town House, 1997 |
| O'Brien, Jacqueline agus Harbison, Peter | *Ancient Ireland: from Prehistory to Middle Ages* | Londain, Weidenfeld and Nicholson, 1996 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | Archaeological Surveys of Irish Counties [*Sraith atá á tabhairt chun críche go fóill, ar fáil i gcomhair roinnt contaetha*] | Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair |
| Ó Ríordáin, Séan P. | *Antiquities of the Irish Countryside* | Londain, Routledge, 1991 |
| Rowan, Alistair, agus Casey, Christine | The Buildings of Ireland *[Sraith naoi n-imleabhar atá i gceist a chur amach mar threoir chuimsitheach ailtireachta do na foirgnimh shuntasacha ar fad. Go dtí seo tá siad seo foilsithe: Ulaidh Thiar Thuaidh (1979) Tuaisceart Laighean (1993)]* | Londain, Penguin |
| Ryan, Michael | *Irish Archaeology Illustrated* | Baile Átha Cliath, Country House, 1994 |
| Shaffrey, Patrick agus Maura | *Buildings of Irish Towns* | Baile Átha Cliath, O'Brien Press, 1983 |
| Shaffrey, Patrick agus Maura | Irish Countryside Buildings | Baile Átha Cliath, O'Brien Press, 1985 |
| Simms, Anngret agus Andrews, J. H. | *Irish Country Towns* | Corcaigh, Mercier Press, 1994 |
| Simms, Anngret agus Andrews, J. H. | *More Irish Country Towns* | Corcaigh, Mercier Press, 1994 |
| Weir, Anthony | *Early Ireland: A Field Guide* | Béal Feirste, Blackstaff Press, 1980 |

## Tuilleadh eolais faoin gceantar

Beidh go leor nithe spéisiúla sna leabhair thuas ach de ghnáth bíonn eolas níos mine faoi dhaoine, áiteanna agus imeachtaí sa cheantar ag teastáil chun staidéar a dhéanamh ar an stair áitiúil. Foinsí úsáideacha iad:

### *Leabhair staire áitiúla a foilsíodh*

Foilsítear go leor leabhar faoin stair áitiúil in Éirinn gach bliain. Caithfear cruinneas staire roinnt de na foilseacháin seo a scrúdú go cúramach, ach tig leo sleachta sármhaithe a sholáthar ó raon leathan d'fhoinsí stairiúla agus b'fhéidir go mbeadh cóipeanna de ghrianghraif agus de cháipéisí iontu. Léireoidh catalóg na leabharlainne áitiúla cad tá ar fáil

### *Ailt in irisí*

Tá an t-eolas is déanaí agus is mine le fáil sna hirisí agus sna tréimhseacháin staire. Tá idir fhoilseacháin don phobal i gceist mar *History Ireland* agus *Archaeology Ireland*, irisí réigiúnacha mar *Journal of the County Louth Archaeological Society* agus *Breifne Antiquarian and Historical Society Journal*, agus fhoilseacháin mar *Irish Historical Studies*. Tá cóipeanna de na hirisí a chuireann na cumainn áitiúla amach sna leabharlanna áitiúla, agus i roinnt mhaith cásanna tá cóipeanna acu d'irisí eile a bhfuil nithe iontu a bhaineann leis an áit. B'fhéidir go mbeadh siad sin innéacsaithe de réir logainmneacha.

Tá innéacs atá riachtanach d'ailt a bhaineann le stair na hÉireann le fáil in: Hayes, Richard J., *Sources for the History of Irish Civilisation: Articles in Irish Periodicals* (9 n-imleabhar, Boston, 1970). Tá innéacs le fáil sa saothar seo faoi na teidil 'persons' agus places' do na hailt ar fad i raon an-leathan irisí a foilsíodh anuas go dtí an bhliain 1969. Tá an leabhar seo ar fáil in go leor leabharlanna móra agus sa Leabharlann Náisiúnta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath. Ón mbliain 1970 i leith tá an Leabharlann Náisiúnta ag leanúint leis an innéacs ar chártaí innéacs.

### *Nuachtáin áitiúla*

Foinse luachmhar eolais iad na nuachtáin áitiúla. Tá bailiúchán mór de nuachtáin áitiúla agus de nuachtáin náisiúnta sa Leabharlann Náisiúnta, agus tá bailiúcháin de nuachtáin a foilsíodh ina gceantar féin ag go leor de na leabharlanna contae (ar mhicreascannán go minic). Is fiú smaoineamh ar fhiosrú a dhéanamh ag oifigí na nuachtán atá ann anois féachaint an mbeadh comhaid d'iareagráin acu.

### *Léarscáileanna*

Foinsí fíormhaithe eolais iad na léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis 25 orlach agus 6 orlach. Tá cóipeanna de na heagráin bhunaidh de na sraitheanna sin, a foilsíodh ó thríochaidí déanacha na naoú haoise déag ar aghaidh, le fáil in go leor leabharlanna. Is féidir bailiúcháin iomlána de na léarscáileanna sin a fheiceáil sa Leabharlann Náisiúnta nó i Leabharlann Acadamh Ríoga na hÉireann. Treoir an-úsáideach i

gcomhair na léarscáileanna sin is ea Andrews, J. H., *History in the Ordnance Map: An Introduction for Irish Readers* (Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, 1974).

Is é Comhchoiste Acadamh Ríoga na hÉireann agus Chumann Ríoga na hÉireann um Uirlisí Stairiúla faoi deara fhoilsiú *Irish Historic Town Maps* (agus *Atlas*). Tá athchló déanta sna himleabhair sin ar léarscáileanna de cheantair stairiúla agus tráchtaireacht leo. Go dtí seo tá léarscáileanna ann i gcomhair Chill Dara, Charraig Fhearghais, Dhroichead na Bandan, Cheanannais, Mhuileann gCearr, Bhaile Átha Luain, agus Mhaigh Nuad. Tá léarscáileanna i gcomhair Dhún Pádraig, Bhéal Feirste (cuid I, go 1840), Bhaile Átha Cliath (cuid I, go 1610), Bhré, Dhoire, Chill Chainnigh agus Luimnigh á n-ullmhú. Tá cóipeanna de na foilseacháin seo le fáil i leabharlanna contae.

### *Páipéir pharlaiminte*

I rith na naoú haoise déag rinneadh an-chuid fiosrúchán parlaiminte ar thosca in Éirinn. Tá lear mór eolais le fáil iontu faoi dhaonra áitiúil, thithíocht, thionsclaíocht agus oideachas. Tá siad seo ar na cinn is úsáidí:

### *Tuairiscí daonáirimh*

Tá na tuairiscí seo, go háirithe ón mbliain 1851 ar aghaidh, lán d'eolas agus tá siad ar fáil go héasca agus i gcló sa Leabharlann Náisiúnta. Le go mbeadh duine in ann breathnú ar na tuairiscí, ní mór uimhreacha tagartha na mblianta daonáirimh a bhíonn i gceist a bheith ar eolas aige/aici. Is féidir iad sin a fháil in Vaughan, E,. agus Fitzpatrick, A. J., *Irish Historical Statistics: Population, 1821-1971* (Baile Átha Cliath, Acadamh Ríoga na hÉireann, 1978).

### *Tuairiscí ar oideachas agus ar scoileanna*

Foilsíodh suirbhéanna an-mhiona ar scoileanna agus ar mhúinteoirí in Éirinn sna blianta 1825, 1835, agus 1870. Is iad seo na tuairiscí a bhaineann le hábhar:

*Second Report of the Commissioners of Irish Education Enquiry,* 1826-27 (12.) xii

*Second Report of the Commissioners on Public Instruction (Ireland)*, 1835 (47.) xxxiv

*Report of the Commissioners Appointed to Inquire into the Nature and Extent of the Instuction Afforded by the Several Institutions in Ireland for the Purpose of Elementary or Primary Education: Educational Census, srl. [Powis Report], 1870* (c.6v.) xxviii, part v.

### *Tuairisc ar bhailte na hÉireann*

Tá sonraí faoi bhailte in Éirinn i dtríochaidí na naoú haoise déag agus níos luaithe le fáil in:

*Reports of the Commissioners Appointed to Inquire into the Municipal Corporations of Ireland,* 1835, iml. xxvi agus xvii, 1836, iml. xxiv.

### *Pictiúir agus líníochtaí*

Tá comhairle áirithe faoi phictiúir a fháil sa chuid de na treoirlínte a phléann úsáid fianaise pictiúrtha. Pointe tábhachtach tosaithe iad na hinnéacsanna atá le bailiúchán Lawrence agus na bailiúcháin eile grianghraf sa Leabharlann Náisiúnta agus duine ag iarraidh radhairc de cheantar áitiúil fadó a fháil. Tá an-chuid cóipeanna de thírdhreacha agus de radhairc eile i gcatalóga taispeántais agus i gcatalóga eile de chuid Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. Féach, mar shampla:

Hutchinson, John, *James Arthur O'Connor* (Baile Átha Cliath, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, 1985)

de Courcy, Catherine, agus Maher, Ann, *Fifty Views of Ireland* (Baile Átha Cliath, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann1, 1985)

Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, *National Gallery of Ireland: Illustrated Summary Catalogue of Paintings* (Baile Átha Cliath, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, 1981)

Le Harivel, Adrian. *National Gallery of Ireland: Illustrated Summary Catalogue of Drawings* (Baile Átha Cliath, 1983)

### *Foinsí lámhscríbhinní*

Is iad a gcuid taifid scoile féin na lámhscríbhinní is fusa teacht orthu díobh siúd a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do scoileanna. Tá leabhair rollaí agus clárleabhair na scoile sárluachmhar agus is féidir an t-eolas atá iontu a chur isteach i mbunachar sonraí ríomhaire. Ní mór gach lámhscríbhinn a láimhsiú go han-chúramach: fágann láimhsiú agus iompú na leathanach screamh aigéadach ar na duilleoga a scriosann an páipéar. Ní ceart cáipéis a fhágáil faoin solas ar feadh tréimhsí fada agus ba cheart cóipeanna a úsáid le haghaidh obair ranga. Ba cheart an iomarca fótachóipeála de bhuncháipéis a sheachaint, mar déanann sé dochar don pháipéar.

Is féidir taifead lárnach riaracháin na scoile a lorg i bpáipéir Choimisinéirí an Oideachais Náisiúnta (a bhí ann roimh an Roinn Oideachais—Bunbhrainse), atá i dtaisce sa Chartlann Náisiúnta (roimhe seo Oifig na dTaifead Poiblí agus Oifig na bPáipéar Stáit), Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath 8.

Foilseachán an-úsáideach a rianaíonn stair an chórais náisiúnta oideachais agus a bhfuil samplaí ann de go leor cineálacha éagsúla taifead atá ar fáil i gcomhair stair scoile is ea Hannigan, K. (eag.), *The National School System, 1831-1924: Facsimile Documents* (Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, 1984).

Foinse mhór eile ábhair fhaisnéisigh is ea taifid eaglasta. Ba iad paróistí Eaglais na hÉireann an t-údarás sibhialta agus eaglasta anuas go dtí an naoú haois déag agus, ar an ábhar sin, d'fhéadfadh a gcuid taifead sin a bheith ina bhfoinse luachmhar i gcomhair go leor gnéithe den stair shóisialta. D'fhéadfadh na taifid seo, ar a bhfuil leabhair mhiontuairiscí an bheistrí, cláir bhaistí, phóstaí agus adhlacthaí agus taifid eile de chuid an pharóiste bheith i dtaisce go háitiúil nó go lárnach i Leabharlann Chumann Ionadaíoch na hEaglaise, Páirc Braemor, Baile an Teampaill, Baile Átha Cliath 14.

Tabharfaidh an Leabharlann Náisiúnta comhairle faoin áit a bhfuil taifid pharóistí agus dheoisí na hEaglaise Caitlicí le fáil. Is beag taifead acu a théann siar níos faide ná deireadh na hochtú haoise déag. D'fhéadfadh go mbeadh taifid bhaistí, phóstaí agus adhlacthaí agus taifid eile de chuid an pharóiste ina measc. Tá go leor acu i dtaisce i gcartlanna áitiúla agus cóipeanna díobh ar mhicreascannán ar fáil sa Leabharlann Náisiúnta.

*Leabharliostaí*

Tá leabharliostaí agus treoirleabhair den scoth ann agus iad seo ina measc:

| | | |
|---|---|---|
| Fitzpatrick, Georgina | *Handbook of Teaching Resources: Junior Certificate History, Part I*<br>*[Tá liostaí foinsí i gcomhair gach contae sa saothar seo agus moltaí maidir le hacmhainní teagaisc.]* | Baile Átha Cliath, School and College Publishing, 1989 |
| Heferty, Séamus agus Refaussé, Raymond | Directory of Irish Archives | Baile Átha Cliath, Irish Academic Press, 1993 |
| Nolan, William | *Tracing the Past: Sources for Local Studies in the Republic of Ireland* | Teach Mealóg, Geography Publications, 1982 |

# Foinsí tagartha don churaclam agus do na treoirlínte


| | | |
|---|---|---|
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | *Report of the Review Body on the Primary Curriculum* | Baile Átha Cliath, CNCM agus an Roinn Oideachais, 1980 |
| Andreetti, Keith | *Teaching History from Primary Evidence* | Londain, David Fulton, 1993 |
| Australian Education Council | *Studies of Society and Environment: A Curriculum Profile for Australian Schools* | Carlton (Victoria), Curriclum Corporation, 1994 |
| Blyth, Joan | *Place and Time with Children Five to Nine* | Londain, Croom Helm, 1984 |
| Blyth, Joan | *History in Primary Schools* | Londain, McGraw-Hill, 1982 |
| Bourdillon, Hilary (eag.) | *Teaching History* | Londain, Routledge, 1994 |
| Cooper, Hilary | *History in the Early Years* | Londain, Routledge, 1995 |
| Curriculum Council for Wales | *Environmental Education: A Framework for the Development of a Cross-curricular Theme in Wales* | Caerdydd, CCW, 1992 |
| Curriculum Council for Wales | *History in the National Curriculum: Non-Statutory Guidance for Teachers* | Caerdydd, CCW, 1991 |
| Department of Education (UK) | *Key Stages I and 2 of the National Curriculum (England)* | Londain, HMSO, 1996 |
| Department of Education and Science | *History from 5 to 16: Curriculum Matters 11* | Londain, HMSO, 1988 |
| Department of Education and Science | *History in the National Curriculum (England)* | Londain, HMSO, 1991 |
| Department of Education Northern Ireland | *History: Programmes of Study and Attainment Targets* | Béal Feirste, HMSO, 1991 |
| Department of Education Northern Ireland | *The Northern Ireland Curriculum: Key Stages 1 and 2: Programmes of Study and Attainment Targets* | Béal Feirste, HMSO, 1996 |
| Durbin, Gail et al. | *A Teacher's Guide to Learning from Objects* | Ruislip, English Heritage, 1993 |
| Fines, John (eag.) | *Teaching History* | Dún Éideann, Holmes McDougall, 1983 |
| Gallagher, Carmel et al. | *Making Sense of History: Evidence in Ireland for the Young Historian* | Béal Feirste, Ulster Historical Foundation, 1990 |

| | | |
|---|---|---|
| Irish National Teachers' Organisation | *Social and Environmental Studies in Primary Education in Ireland* | Baile Átha Cliath, INTO, 1992 |
| Lomas, Tim | *Teaching and Assessing Historical Understanding* | Londain, Historical Association, eagrán leasaithe, 1993 |
| McBride, George (eag.) | *Teaching History 8-13* | Béal Feirste, Teachers' Centre, Queen's University, 1979 |
| Morris, Susan | *A Teacher's Guide to Using Portraits* | Ruislip, English Heritage, 1989 |
| National Curriculum Council | *History: Non-statutory Guidance* | York, NCC, 1991 |
| National Curriculum Council | *Implementing National Curriculum History Key Stages 1 to 3: Teacher's Notes* | York, NCC, 1991 |
| National Curriculum Council | *Teaching History at Key Stage 1* | York, NCC, 1993 |
| Noble, Paul | *Primary History Today* | Londain, Historical Association, 1992 |
| Northern Ireland Council for Educational Development | *Guidelines for Primary Schools: History* | Béal Feirste, NICED, 1984 |
| Northern Ireland Curriculum Council | *History: Guidance Materials* | Béal Feirste, NICC, 1991 |
| Pluckrose, Henry | *Children Learning History* | Hemel Hempstead, Simon and Schuster, 1993 |
| Scottish Consultative Council on the Curriculum | *Environmental Studies 5-14 Exemplification: Social Subjects: Understanding People in the Past* | Dundee, SCCC, 1996 |
| Scottish Office Education Department | *Curriculum and Assessment in Scotland: National Guidelines: Environmental Studies, 5-14* | Dún Éideann, HMSO, 1993 |
| Simms, George Otto | *Leabhar Cheanannais* | An Gúm, Baile Átha Cliath |
| Unwin, Robert | *The Visual Dimension in the Study and Teaching of History* | Londain, Historical Association, 1981 |

# Ballraíocht an Choiste Curaclaim don OSIE

Ullmhaíodh na treoirlínte seo faoi stiúir an Choiste Curaclaim don OSIE a bhunaigh an An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirligh** | Angela Griffin *(ó 1995)* | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Helen Kennedy-Martin *(go 1995)* | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Micheál Ó Déaghaidh | Cumann Múinteoirí Éireann |
| **Baill an Choiste** | Br Thomas Costello | Aontas na mBráithre/Siúracha Teagaisc Bunscoileanna |
| | Peadar Cremin | Bainisteoireacht na gColáistí Oideachais |
| | Margie Cullen | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Marie Danaswamy | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | David Fitzgerald | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| | Henry Goff | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Angela Griffin | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Kathleen Horgan *(go 1996)* | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Jim Hourihane | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| | Helen Kennedy-Martin | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Frankie McGrath *(go 1995)* | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | James Malseed | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Sheelagh Morrow | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Sr Mairéad Ní Choinín | Aontas na Siúracha/mBráithre Teagaisc Bunscoileanna |
| | Treasa Ní Fhearraigh *(ó 1996)* | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Siobhán Ní Mhuirthile | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| | Éamonn Ó Breacáin | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Tomás Ó Briain | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Colm Ó Ceallacháin | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Micheál Ó Cinnéide *(ó 1995)* | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Micheál Ó Mathúna | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Pádraig Ó Murcháin | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| | Brian Tubbert | Cumann Múinteoirí Éireann |
| **Oifigigh oideachais** | Harold Hislop | |
| | Carmel O'Doherty | |

# Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta

Chun obair na gCoistí Curaclaim a chomhordú is ea a bunaíodh an Coiste Comhordaithe Bunscolaíochta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | Tom Gilmore | |
| **Baill an choiste** | Séadhna de Blán (*ó 1995*) | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Liam Ó hÉigearta (*ó 1996*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Dympna Glendenning (*ó 1995*) | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Fionnuala Kilfeather (*ó 1995*) | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Éamonn MacAonghusa (*go 1996*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Ath Gearóid Mac Conmara (*ó 1995*) | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| | Peadar Ó Maoláin | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Síle Ní Núnáin (*ó 1995*) | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Eugene Wall | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| **Comhordaitheoir** | Caoimhe Máirtín (*go 1995*) | |
| **Leas-phríomhfheidhmeannach** | Lucy Fallon-Byrne (*ó 1995*) | |
| **Príomhfheidhmeannach** | Albert Ó Ceallaigh | |

Cathaoirligh na Comhairle: Dr Tom Murphy (*go 1996*), Dr Caroline Hussey (*ó 1996*)

Aguisín

# Buíochas

Gabhann na foilsitheoirí buíochas leis na daoine seo a leanas, a thug cead dóibh úsáid a bhaint as ábhar a bhfuil cóipcheart ag baint leis:

| *Úinéir an chóipchirt* | *Ábhar* | *Leathanach* |
|---|---|---|
| Leabharlann Pictiúr | Grianghraf de dhuine uasal Síneach agus a shearbhónta | 19 |
| Robert Harding | Grianghraf den phéintéireacht ó Uaimh Altamira | 49 |
| O'Brien Press, Baile Átha Cliath | Léaráid ón leabhar *Brendan the Navigator* le George Otto Simms | 69 |
| Múseam Náisiúnta na hÉireann | Grianghraf de *Bhreac Mhaodhóg* | 87 |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | Cóip de *Phortráid de James Gandon* le William Cunning agus Tilly Kettle | 88 |
| | Cóip de *View of Capel Street* ó *A Picturesque and Descriptive View of the City of Dublin* le James Malton | 92-3 |
| | Cóip de *Family Portrait* le Philip Hussey | 94 |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | Grianghraf de shailiú éisc i gCliara | 89 |
| | Grianghraif de Inis Ceithleann | 96-7 |
| | Cóip de líníocht de scoil scairte a foilsíodh in *Traits and Stories of the Irish Peasantry* le William Carleton | 98 |
| Dúchas | Grianghraf de thuama Phiarias Óig de Buitléar ag Mainistir Chill Chúile Co. Thiobraid Árann | 90 |
| Staatliche Museen zu Berlin, **Preußischer Kulturbesitz, Antikensammlung** | Grianghraf de fhigiúr dearg kylix Atticeach ó Cerveteri, Etruria | 91 |
| Riarthóirí na Músaem agus na nGailearaithe de chuid Thuaisceart Éireann | Cóip de *Portráid de Mhuintir Bateson as Doire* le Strickland Lowry | 94 |
| Gailearaí an Tate i Londain | Cóip de *The Last In* le William Mulready | 98 |
| An *Anglo-Celt*, An Cabhán | Grianghraf den eagrán cuimhneacháin | 105 |
| Banc Ceannais na hÉireann | Grianghraif de nótaí airgid agus de bhoinn | 106 |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | Grianghrafadóireacht de cheannlínte na bpáipéar nuachta | 108 |

Rinneadh iarracht aitheantas a thabhairt do na foinsí ar fad as ar tógadh ábhar, ach má rinneadh faillí maidir le cóipcheart an ábhair déanfar an scéal a leigheas ach é a chur in iúl do na foilsitheoirí.

Tá na foilsitheoirí buíoch de na daoine seo a leanas, a thug cead dóibh bheith istigh agus grianghraif a thógáil: boird bhainisteoireachta, príomhoidí, múinteoirí agus páistí na mbunscoileanna ar fud na tíre a chomhoibrigh leis an tionscadal; Oifig na nOibreacha Poiblí/Seomraí an Stáit, Caisleán Bhaile Átha Cliath; Comhairle Contae Fhine Gall agus Teach an Droichid Nua, Domhnach Bat; Beistrí Tofa Pharóiste Móibhí, Glas Naoín, Baile Átha Cliath.

| | |
|---|---|
| Aistritheoir | Liam Mac Cóil (Curaclam agus Treoirlínte) |
| Comhordaitheoir | Breandán Ó Coinghéallaigh |
| Eagarthóir | Nóirín Ní Nuadháin |

ISBN 0-7076-6313-X
9 780707 663135

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
NCCA